# Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2023












*Iompar Inbhuanaithe do Chách*


VIII VIC
A.D. 1844
Ach amhain Tramanna
EXCEPT TRAMS
Féach gach treo
LOOK BOTH WAYS
Heuston
Heuston

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Buaicphointí | 2 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 4 |
| Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach | 6 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 10 |
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 15 |
| Inbhuanaitheacht | 24 |
| Forbairt atá Dírithe ar Iompar Poiblí | 43 |
| Comhaltaí an Bhoird | 46 |
| Coistí an Bhoird | 47 |
| Grúpaí Comhairleacha | 48 |
| Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann | 49 |
| Ráiteas um Rialachas Corparáideach | 53 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 62 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 63 |
| Ráitis Airgeadais | 65 |

# Buaicphointí

## Líon na bhfostaithe

| 2023 | 2022 |
|---|---|
| 11,726 | 11,204 |

## Caipiteal

**€382m**

Laghdú ó **€473m in 2022.**

## Líon na gCiliméadar a Taistealaíodh

| Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann Irish Rail | CIÉ |
|---|---|---|---|
| 2023 | 2023 | 2023 | 2023 |
| 47.3 milliún (+2%) | 183.4 milliún (+7%) | 17.7 milliún (-0%) | 248.5 milliún (+5%) |
| 2022 | 2022 | 2022 | 2022 |
| 46.2 milliún | 171.8 milliún | 17.8 milliún | 235.8 milliún |

## Inbhuanaitheacht

**Buaiteoir 7 ngradam inbhuanaitheachta ar fud an Ghrúpa sna réimsí seo a leanas: tuairisciú ar an inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht, fuinneamh, éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú.**

1. Buaiteoir an ghradaim 'Inbhuanaitheacht agus Tuairisciú CSR' ag Gradaim na gCuntas Foilsithe de chuid Chumann na gCuntasóirí Cairte i gCúige Laighean 2023.
2. Buaiteoir an ghradaim 'Tionscnamh Bithéagsúlachta' ag Gradaim CSR Business & Finance Media Group 2023 do thionscnamh na gcoirceog san iosta, 'Dublin Buzz'.
3. Buaiteoir an ghradaim 'An Gaisce Fuinnimh is Fearr san Iompar' ag na gradaim Gaisce Fuinnimh 2023.
4. Buaiteoir an ghradaim 'Cultúr folláine a chothú san ionad oibre' le haghaidh ionaid oibre mhóra ag Gradaim Acmhainní Daonna CIPD Éireann dá gclár folláine fostaithe
5. Buaiteoir na ngradam 'Tionscadal Inbhuanaithe, Iompar' agus an 'Grand Prix' ag Gradaim PwC/Business Post um Ghnó Inbhuanaithe 2023 agus an gradam 'Ceannaireacht san Earnáil Phoiblí' ag Gradam SEAI 2023 i leith fhlít nua busanna Bhaile Átha Luain, an chéad fhlít lánleictreach busanna in Éirinn.
6. Buaiteoir an Ghradaim Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe ag na Gradaim Tionchair sa Ghnó Inbhuanaithe 2023 don Fheachtas Earcaíochta Cuimsithí.
7. Buaiteoir sa Chatagóir Iompair ag Gradaim Fuinnimh SEAI 2023.



## Barrachas Oibriúcháin i leith na bliana

**2023:**
**€27.3m**

**2022:**
**(€4.0m)**

arna spreagadh ag ioncam méadaithe.
Méadú ó easnamh €4.0m in 2022.

## Líon na bPaisinéirí (milliúin)

| Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann Irish Rail | CIE |
|---|---|---|---|
| 2023 | 2023 | 2023 | 2023 |
| 146.6 (+21%) | 107.0 (+20%) | 46.1 (+29%) | 299.7 (+21%) |
| 2022 | 2022 | 2022 | 2022 |
| 121.4 | 89.5 | 35.8 | 246.7 |

# Ráiteas ón gCathaoirleach

## **“Is é an ról atá againn seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar do dhaoine agus a bheith inár gceannródaí maidir leis an dícharbónú sa mhórearnáil iompair.”**

Is cuideachta phoiblí é Grúpa CIÉ, agus is ann dó chun críche poiblí. Is cuid d’Fhoireann na hÉireann muid agus tá cúram leagtha orainn i dtaobh cuid mhór acmhainní poiblí, idir dhaoine, airgead, bhonneagar agus talamh. Coinnímid iadsan ar iontaoibh chun freagrachtaí ríthábhachtacha a chomhlíonadh. Is é an ról atá againn seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar do dhaoine agus a bheith inár gceannródaí maidir leis an dícharbónú sa mhórearnáil iompair. Tá sé de chúram orainn a bheith sofhreagrúil agus freagairt do riachtanais a bhíonn ag athrú, arna leagan amach ag an rialtas. Áirítear orthu sin úsáid talún agus seirbhísí iompair agus tithíocht a sholáthar ar bhealaí agus in áiteanna a oireann dá chéile. Ar bhealaí áirithe, is ceannairí muid a bhfuil leibhéal príomhfhreagrachta orainn. Ar an lámh eile, tá ról againn mar ghné amháin den mhórphictiúr. Ach is cuma cén ról atá againn, is é leas an phobail an cuspóir atá ag cuideachta phoiblí.

Sé bliana ó shin, bhí sé de phribhléid agam tosú ag obair i mo ról mar Chathaoirleach ar CIÉ. Agus an tuarascáil seo á scríobh agam faoin méid a rinneamar in 2023, táim ag ullmhú chun mo théarma a thabhairt chun críche in 2024 agus mo ról a fhágáil. Níl súil á caitheamh siar agam ar aon bhliain amháin, ach ar aistear níos faide. Meath atá le sonrú, den chuid is mó, i stair an iompair phoiblí in Éirinn san fhichiú haois. Anois tá athbheochan á dhéanamh air ar shlí nach bhfacthas roimhe seo. Ní mór infheistíocht ollmhór a dhéanamh san iompar poiblí agus díriú as an nua air ar mhaithe le freastal ar an mborradh faoin daonra, ar mhaithe leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an iomaíochas geilleagrach, agus ionas go dtiocfaidh an pláinéad seo slán.

Ó thaobh cultúir de, tá réimse an iompair phoiblí tagtha chun cinn: bhíodh sé dírithe ar dhaoine nach raibh an dara rogha acu ach é, ach anois tá géarghá leis agus is é an rogha is fearr é do chách. I gcomhthéacs níos leithne an mhórathraithe sin a tháinig ar mheonta, tá CIÉ ag taispeáint an bhealaigh maidir le seirbhísí iompair atá neodrach ó thaobh carbóin de a chur ar fáil. Táim thar a bheith bródúil as an athrú ó bhonn atá déanta againn le 6 bliana anuas. Nuair a thosaigh mise ag obair i ról an Chathaoirligh in 2018, ba é díosal a úsáideadh chun ár seirbhísí go léir a rith, seachas an DART. Anois tá busanna hibrideacha, cinn leictreacha agus cinn hidrigine againn sa fhlít, agus tá cláir ar bun againn chun cur go mór le leictriú ár seirbhísí iarnróid.

Tá an ghiaráil, na straitéisí agus na hinfheistíochtaí againn chun athrú easpónantúil a chur ar bun. Is é an ról atá againn sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (PGA) méadú 130% ar líon na n-aistear ar sheirbhísí iompair phoiblí a bhaint amach faoi 2030 chun aistriú córa iompair a spreagadh agus chun astaíochtaí ón earnáil iompair a laghdú de réir na sprice atá leagtha síos. Táimid ar an mbóthar sin anois.

Dúshlán ilghnéitheach atá romhainn ar an aistear sin. Ní hé an dícharbónú an t-aon rud amháin a gcaithfidh muid dul i ngleic leis; thairis sin, ní mór dúinn a bheith níos cliste. Leis na Forbraíochtaí de chuid CIÉ atá Dírithe ar Iompar Poiblí (Transit-Oriented Development nó TOD), laghdófar an spleáchas ar charranna trí fhorbraíochtaí ardchaighdeáin a chur ar fáil ar fud chathracha na hÉireann. Tá sé d’acmhainn againn an soláthar tithíochta, fostaíochta agus spásanna uirbeacha a bharrfheabhsú i ngar do na seirbhísí iompair ardchaighdeáin, ardmhinicíochta a bhíonn



riachtanach chun tacú le forbraíochtaí atá dírithe ar iompar poiblí, agus táimid tosaithe á dhéanamh sin anois.

Maidir leis na grúpscéimeanna pinsin atá againn, tá dul chun cinn éigin déanta againn ach tá dúshlán nach beag romhainn fós. Is é an mhórfhadhb atá againn go bhfuil na dliteanais phinsin ró-mhór i gcomparáid le luach geilleagrach an Ghrúpa. Mura ndéantar beart ina leith sin, d'fhéadfadh sé go dtarlódh suaitheadh infheistíochta nó suaitheadh margaidh nach mbeadh d'acmhainn againn déileáil leis, agus go mbeadh gá le ciorruithe sochair dá bharr sin, mar gheall ar na ceanglais a leagtar síos in Acht na bPinsean nó toisc go bhfuil na sochair a gealladh do na baill ró-chostasach le híoc. Tá dúshlán ríthábhachtach roimh Ghrúpa CIÉ i dtaobh na bpinsean, agus ní mór aghaidh a thabhairt air fós. Is féidir an méid sin a dhéanamh i gcomhthéacs ár bhfreagracht phoiblí a chomhlíonadh agus díriú ar thodhchaí gheal.

Aithnítear cosán chuig neodracht fuinnimh i Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus tá sé beartaithe na hastaíochtaí a laghdú 51% faoin mbliain 2030. Tá roinnt mórthionscadail infheistíochta caipitil ar bun againn as a n-eascróidh tuilleadh feabhsuithe fiúntacha acmhainneachta sa ghearrthréimhse agus sa mheántréimhse. D'ainneoin na ndúshlán a bhí ag gabháil le paindéim dhomhanda, is mó an méid paisinéirí atá á n-iompar againn anois ná mar a bhí in 2018. Tá CIÉ ag tógáil céim chun tosaigh chun freastal ar chúraimí breise atá á leagan air.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, an tUasal Eamon Ryan, agus lena chuid oifigeach as a gceannaireacht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na hoifigigh san Údarás Náisiúnta Iompair agus in NewERA a raibh muid ag plé leo go rialta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a gcuid seirbhíse. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhFoireann Feidhmiúcháin, faoi cheannas Phríomhfheidhmeannach an Ghrúpa, an tUasal Lorcan O'Connor, as a ndúthracht gan staonadh i leith Ghrúpa CIÉ agus i leith leas an phobail a bhfreastalaímid air.



**Fiona Ross**
*Cathaoirleach*

# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach

## “Rinneadh brabús, rinneadh leathnú leanúnach ar na seirbhísí agus leanadh leis an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha in 2023, bliain a bhí gnóthach.”

Tá áthas ar an nGrúpa a thuairisciú gur EBITDA €49m atá againn i leith na bliana, rud a fhágann gur glanbharrachas iomlán €11m a rinneadh. Sin é an chéad ghlanbharrachas a thuairiscigh an Grúpa le roinnt blianta anuas agus is scéala an-tábhachtach é. Léirítear leis an tiomantas atá ag an 11,000 duine inár bhfórsa saothair agus is léiriú é freisin ar dhea-fheidhmíocht tráchtála CIÉ Tours, i mbliain ina raibh deireadh iomlán le srianta phaindéim COVID-19. Tá fadhb ag an ngrúpa fós maidir le cistiú na bpinsean agus, cé gur tháinig laghdú ar an gcostas seirbhíse reatha faoi FRS 102, rud atá ag teacht leis na treochtaí margaidh i ndáil le rátaí lascaine, tá dliteanas mór fós ar chlár comhardaithe an Ghrúpa. Léiriú is ea é sin ar a leochailí atá cúrsaí airgeadais an Ghrúpa agus ar na dúshláin inbhuanaitheachta a ghabhann leis na scéimeanna pinsin atá againn faoi láthair.

Ba in 2023 a rinneadh an líon ab airde aistear paisinéara ó bunaíodh an Grúpa: rinneadh beagnach 300m aistear ar fud na tíre.

Fáiltíonn an Grúpa roimh an infheistíocht mhór, leanúnach chaipitil san iompar poiblí. Tá an infheistíocht sin ríthábhachtach chun aistriú córa iompair a bhaint amach agus chun astaíochtaí carbóin ón mórearnáil iompair a laghdú. Beidh róil ríthábhachtacha ag ár nGrúpchuideachtaí maidir le feidhmiú tionscadal éagsúil de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair lena n-áirítear DART+, BusConnects agus Éire Á Nascadh.

Tosaíocht de chuid Ghrúpa CIÉ i gcónaí is ea an ról lárnach atá aige maidir le freagairt aeráide na hÉireann agus maidir le tacú le haistriú cóir. Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024, leagtar amach conair chun cloí leis na huasteorainneacha earnála a comhaontaíodh, teorainneacha atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Leagtar amach ann gur cheart laghdú 50% ar astaíochtaí iompair a bhaint amach faoi 2030, trí leathnú ollmhór a dhéanamh ar sheirbhísí iompair phoiblí agus cur go mór le líon na n-aistear taistil ghníomhaigh, chun aistriú córa iompair ar scála mór a bhaint amach agus gan a bheith ag brath chomh mór ar charranna príobháideacha. Chun freagairt don dúshlán sin agus chun an deis a thapú, tá Grúpa CIÉ ag obair leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara chun an gréasán a leathnú agus chun aistriú go dtí samhail oibríochta a bheidh saor ó astaíochtaí. Athrú ollmhór atá i gceist ansin agus beidh dlúthchomhar idir an Rialtas agus páirtithe leasmhara de dhíth chun an fhreagairt straitéiseach agus gheilleagrach sin a chur faoi deara. De réir mar a théann ár straitéis inbhuanaitheachta in aibíocht, agus de réir mar a thagann beartas náisiúnta agus beartas AE chun cinn a chuireann bonn eolais faoin straitéis sin, tá infheistíocht déanta ag an nGrúpa inár gcumas an plean uile-Ghrúpa a chur i bhfeidhm trí chiste a bhunú i gcomhair tionscnaimh inbhuanaitheachta. Leis an infheistíocht sin, cuirtear ar ár gcumas dúinn ár ngealltanais i leith na inbhuanaitheachta a chomhlíonadh ar fud na n-oibríochtaí.

Le linn 2023, rinne an Grúpa dul chun cinn maidir leis na spriocanna aeráide agus na spriocanna fuinnimh trí thriail a bhaint as breoslaí in-athnuaite agus teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh ar an bhflít iarnróid agus ar an bhflít busanna. Tá an Grúpa ag breathnú ar theicneolaíochtaí glasa agus ar bhreosla in-athnuaite, agus hidrigin ghlas san áireamh, a d'fhéadfadh a bheith ina réiteach teicniúil le haghaidh an chianiompair. Tá Grúpa CIÉ ag tacú le gleann hidrigine a fhorbairt d'Éirinn, trí pháirt a ghlacadh i gcuibhreannas a fuair cistiú Eorpach ón gComhpháirtíocht Hidrigine Glaine in 2023, ionas go bhféadfar hidrigin a



tháirgeadh agus a dháileadh i nGaillimh. Ag an am céanna, tá obair ar siúl chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach trí thionscadail spárála fuinnimh a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar fud ár bhfoirgneamh, lena n-áirítear staidéir féidearthachta, iarfheistiú foirgneamh agus feisteas micreaghiniúna leictreachais in-athnuaite a shuiteáil taobh thiar den mhéadar i láithreacha tábhachtacha.


In 2023, rinneadh beart chun feabhas a chur ar chiorclaíocht, ar bhainistíocht dramhaíola agus ar úsáid éifeachtach uisce ar fud stáisiúin agus iostaí iarnróid agus bus. Agus an dúlra agus an bhithéagsúlacht faoi bhagairt, d'fhéach an Grúpa le hinfheistíocht a dhéanamh sa bhithéagsúlacht ar fud na n-oibríochtaí agus ar fud phunann réadmhaoine CIÉ. Tá dúshlán mór bithéagsúlachta le sárú againn ar fud an ghréasáin iarnróid 2,200 km agus táimid ag tabhairt aghaidh air trí dheiseanna a lorg chun limistéir atá i mbaol a chosaint. Tá straitéis bhithéagsúlachta an Ghrúpa á forbairt againn agus in 2024 tabharfar faoi phróiseas mapála cuimsithí ar an ngréasán agus ar an réadmhaoin.

Tá ár bhfostaithe ríthábhachtach maidir le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar agus tá ról lárnach acu maidir le dul i bhfeidhm ar scála an tionchair. Trí chultúr inbhuanaitheachta a chothú, tá an deis ann chun dul i mbun nuálaíochta, cur i gcoinne an mheoin gur féidir leanúint ar aghaidh le gnó mar is iondúil, agus comhoibriú a chothú. I rith 2022-2023, cuireadh i bhfeidhm raon clár teicniúil agus clár comhroinnte eolais, chun éascú do chomhtháthú na hinbhuanaitheachta ar fud róil éagsúla agus ar fud na cinnteoireachta. Ina sheál féin, tacaíonn Ciste Inbhuanaitheachta CIÉ leis an nuálaíocht agus le cur i bhfeidhm tionscnaimh faoi stiúir fostaithe. Tar éis na paindéime, díríodh aird mhór ar luach ár bhfostaithe agus seoladh Mol Folláine Ghrúpa CIÉ, a sholáthraíonn acmhainní folláine coirp agus meabhairfholláine agus tacaíocht do na fostaithe.

Rinneadh dul chun cinn in 2023 i dtaobh trédhearcacht maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta: thuairiscigh Grúpa CIÉ faoin Tionscadal um Nochtadh Carbóin, gheall sé cloí le spriocanna arna leagan síos faoi thionscnamh na Spriocanna Eolaíocht-Bhunaithe agus shínigh sé Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe lena chinntiú go bhfuil ár mbeartais agus ár nósanna imeachta i gcomhréir leis an dea-chleachtas maidir le cearta an duine, cearta saothair, bearta frith-éillithe agus an comhshaol a chur chun cinn ar fud ár n-oibríochtaí.

I rith 2023, ghlac Grúpa CIÉ céimeanna ullmhúcháin chun ár bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a nochtadh le haghaidh tuairisciú faoin Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí, faoi Thacsanomaíocht AE, agus faoi Chreat Gníomhaithe Aeráide an Údaráis um Gheilleagar agus Téarnamh Nua (NewERA). Trí na caighdeáin sin a chomhlíonadh, cuirfidh CIÉ leis an trédhearcacht agus leis an gcaighdeánú maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta agus déanfaidh sé measúnú ar thionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha i ndáil le gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR). In 2023, ba é CIÉ a bhuaigh an gradam 'Inbhuanaitheacht agus Tuairisciú CSR' ag Gradaim na gCuntas Foilsithe de chuid Chumann na gCuntasóirí Cairte i gCúige Laighean, 2023.

Tá an inbhuanaitheacht fós ina tosaíocht ag Grúpa CIÉ agus fágfaidh feidhmiú leanúnach na straitéise inbhuanaitheachta sna blianta atá romhainn go dtiocfaidh oibríochtaí an Ghrúpa chun cinn ionas gur gnó ciorclach, lán-inbhuanaithe a bheidh ar bun aige.



Cúis mhór sásaimh agam is ea an Comhaontú ar thángthas air leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún maidir lenár bhforbraíocht úsáide meascthа timpeall ar Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh, rud a éascóidh do thógáil breis agus 300 árasán, ag tosú in 2024. Faoin gComhaontú sin, beifear in ann aonaid tithíochta inacmhainne a bhfuil géarghá leo a thógáil agus, i mo thuairim féin, is léiriú é ar an gcaoi a bhféadfaí forbraíochtaí eile dá leithéid a thógáil amach anseo.

## Buaicphointí Oibriúcháin

Ó thaobh cúrsaí oibriúcháin de, bhí an Grúpa ag díriú in 2023 ar bhainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar leathnú seirbhíse i margadh saothair rite, ar bhonneagar luchtaithe a shuiteáil ag roinnt garáistí bus agus ar dhul chun cinn a dhéanamh maidir le tionscadail éagsúla i ndáil le leathnú an iarnróid. Seo thíos cuid de na buaicphointí oibriúcháin ar fud an Ghrúpa in 2023:

- Thug **Bus Átha Cliath** isteach roinnt seirbhísí nua mar chuid d'fheidhmiú an Údaráis Náisiúnta Iompair ar thionscadal BusConnects (na Cuarbhealaí Theas). Cuireadh gach bus leictreach dhá urlár ar an mbóthar i mí na Samhna 2023. Sháraigh líon na bpaisinéirí 146m.
- Thug **Bus Éireann** isteach roinnt seirbhísí nua faoi chlár OSP an Údaráis Náisiúnta Iompair agus faoin gclár 'Éire á Nascadh' chun leathnú a dhéanamh ar an ngréasán. I mí Eanáir 2023, bhain Bus Éireann garsprioc mhór amach nuair a seoladh an chéad seirbhís bus uile-leictreach le hastaíochtaí nialasacha in Éirinn, i mBaile Átha Luain. I rith na bliana seirbhíse, chlúdaigh an 11 fheithicil leictreach sa tseirbhís baile 530,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí, lenar seachnaíodh níos mó ná 400,000 kg astaíochtaí $CO_2$ ón sceithphíopa i gcomparáid leis na feithiclí díosail a bhíodh in úsáid roimhe sin. Faoin Scéim Iompair Scoile, eisíodh ticéid do 162,500 páiste, líon níos mó ná riamh, lena n-áirítear 19,900 páiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ba é líon iomlán na bpaisinéirí don bhliain ná 107m.
- Ghlac **Iarnród Éireann** páirt in éisteacht ó bhéal an Bhoird Pleanála maidir le DART+ an Iarthair, agus chuir sé iarratas isteach ar Ordú Iarnróid i leith DART+ an Iardheiscirt. Tháinig 41 carr iarnróid breise chomh fada linn in 2023 i gcomhair na seirbhíse Intercity (lena gcur i mbun feidhme ó ráithe 1 2024 ar aghaidh). Rinneadh dul chun cinn nach beag maidir le Clár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí: cuireadh tús leis an tionscadal comharthaíochta agus le hoibreacha ardáin ag Stáisiún an Cheanntaigh agus deonaíodh Ordú Iarnróid maidir leis an rian dúbailte idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann. Cuireadh tús le hoibreacha sibhialta ar líne lasta Fhainge. Sháraigh líon na bpaisinéirí 46m san iomlán.
- **Eoraphort Ros Láir.** Leanadh leis na hoibreacha tógála don bhóthar rochtana lasta nua agus don limistéar seiceála isteach. Mar chuid de phlean an Chalafoirt chun tacú leis an tionscal Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta, baineadh amach garsprioc thábhachtach nuair a cuireadh iarratas ar Cheadú Limistéir Mhuirí (MAC) faoi bhráid an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí (MARA). Le linn 2023 tháinig méadú 13% go 226,500 ar líon na n-aonad lasta agus tháinig méadú 15% go 636,000 ar sheirbhísí paisinéirí freisin.


- D'éirigh níos fearr ná riamh le **CIÉ Tours** agus sáraíodh líon na gcustaiméirí a bhí aige ó bunaíodh é 92 bliain ó shin: thug sé breis agus 36,000 custaiméir, ó Stáit Aontaithe Mheiriceá den chuid is mó, go hÉirinn, go hAlbain agus níos faide i gcéin. Tá breis agus 650 comhpháirtí ag CIÉ Tours in Éirinn amháin, agus chuir an chuideachta go mór le tionscal turasóireachta na hÉireann i rith na bliana. Chaith sí thart ar €40m le soláthraithe turasóireachta Éireannacha, a raibh a bhformhór scaipthe ar fud na tíre, rud a chothaigh fostaíocht a bhfuil géarghá léi sna pobail tuaithe.
- Rinne **CIÉ Property** dul chun cinn i ndáil le Máistirphlean Stáisiún Heuston – plean uaillmhianach ina scrúdaítear na deiseanna atá le tapú i leith thailte CIÉ ag Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath agus sa suíomh atá gar dó ag Garáiste Bhóthar Conyngham. Leis an obair sin, beidh an deis ann ceann de na forbraíochtaí is mó agus is inbhuanaithe in Éirinn a thógáil, ceann a bheidh dírithe ar an iompar poiblí. Idir an dá linn, lean CIÉ Property ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun deiseanna a chur chun cinn i láithreacha eile ar fud na tíre.
- **Foilsíodh Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2023 an Ghrúpa**. Leagtar amach sa tuarascáil sin an dul chun cinn atá déanta maidir le straitéis inbhuanaitheachta an Ghrúpa a chur chun feidhme.

D'ainneoin na n-éachtaí móra a baineadh amach in 2023, is maith is eol do CIÉ go bhfuil dúshláin amach romhainn. Ina measc sin tá an t-ualach atá orainn is muid ag breathnú chun cinn de bharr na moille atá ann ó thaobh dul i ngleic le heasnamh pinsean an Ghrúpa, ganntanas lucht saothair, boilsciú, a chinntiú go bhfuil ár mbonn costais agus ár gcleachtais oibre iomaíoch agus go mbeidh dóthain acmhainneachta agus saineolais againn ar fud an Ghrúpa chun na tionscadail chaipitiúla éagsúla a bhfuil baint againn leo a chur i bhfeidhm in am agus de réir buiséid.

Toisc gur muidne an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn, tá ról lárnach againn i ndáil le cuidiú leis an Stát a chúram a chomhlíonadh maidir le daoine a thabhairt ó áit go háit ar shlí éifeachtach, éifeachtúil agus, thairis sin, cuidiú le baint amach na mórspriocanna atá ag an tír i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide, leis an mbrú tráchta, le caighdeán an aeir agus leis an bhforbairt gheilleagrach agus shóisialta ar scála níos leithne.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug na comhaltaí Boird dom. Soláthraíonn siadsan maoirseacht, rialachas agus treoir ríthábhachtach domsa agus don fhoireann feidhmiúcháin go léir. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin as an obair chrua a dhéanann siad agus as a ndíograis i rith na bliana.

Mar fhocal scoir, agus thar rud ar bith eile, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil lenár mbaill foirne go léir as a gcuid oibre le linn 2023.



**Lorcan O'Connor**
*Príomhfheidhmeannach an Ghrúpa*



# Athbhreithniú Airgeadais

In 2023, tá barrachas €10.7m á thuairisciú ag Grúpa CIÉ, an chéad ghlanbharrachas a tuairiscíodh ó bhí 2016 ann. Is fearr ná riamh a d'fheidhmigh CIÉ Tours i rith na bliana agus bhí borradh leanúnach faoi na seirbhísí iompair phoiblí agus na seirbhísí tráchtála.

Tá trí thoisc ann is bonn leis an bhfeidhmíocht airgeadais fhoriomlán.

i. Ioncam – lena gcuimsítear
   a. Cistiú OSP agus cistiú eile ón Stát
   b. Ioncam ó Oibríochtaí

ii. Costais Oibriúcháin

iii. Costais maidir le Pinsin a Chistiú

## Ioncam

I dtéarmaí foriomlána, tháinig méadú €189m ar an Ioncam in 2023 (ó €1,493m go €1,682m).

In 2023, ghlac Iarnród Éireann (IÉ) an cur chuige céanna leis an dá chuideachta bus, Bus Átha Cliath (BÁC) agus Bus Éireann (BÉ), nuair a thosaigh sé ag soláthar seirbhísí iompair phoiblí ar bhonn conradh ollchostais. Faoi na conarthaí sin, aisíocann an tÚdarás Náisiúnta Iompair costas comhaontaithe leis na cuideachtaí sin i leith seirbhísí a sholáthar, agus íoctar an t-ioncam ó tháillí díreach leis an Údarás. Mar thoradh air sin tharla roinnt gluaiseachtaí idir na haicmí ioncaim – laghdú ar ioncam ó oibríochtaí (bosca táillí IÉ) agus méadú ar ioncam faoi na conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).


Léirítear i bhFíor 1 comhdhéanamh an ioncaim iomláin don Ghrúpa ó 2019 go 2023.

Tá an t-ioncam i leith Scoileanna in 2023 €51m níos airde ná mar a bhí in 2022 mar gheall ar an méadú atá fós ag teacht ar sheirbhísí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, mar gheall ar sheirbhísí breise do dhaltaí ón Úcráin agus mar gheall ar an méadú ar an éileamh ar sheirbhísí príomhshrutha, a d'eascair cuid de as cinneadh an Rialtais táillí iompair scoile a tharscaoileadh don scoilbhliain 2022/23 agus mar gheall gur tugadh isteach táillí laghdaithe i leith 2023/2024.

Tuairiscítear méadú €76m a bheith tagtha ar an ioncam tráchtála (ioncam nach ón gconradh OSP é) in 2023 i gcomparáid le 2022, arna spreagadh den chuid is mó ag feidhmíocht an-láidir i CIÉ Tours, arb é is cúis le c. 50% den mhéadú sin. Tháinig méadú freisin ar ioncam tráchtála Iarnród Éireann i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mar gheall ar mhéadú ar an ioncam ó Eoraphort Ros Láir, ioncam cíosa ó réadmhaoin agus sochar aonuaire ó réiteach díospóide le custaiméir.

Is é an phríomhchúis atá leis an méadú ar ioncam OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair ná aistriú an ioncaim ó bhoscaí táillí chuig an gcuntas OSP in Iarnród Éireann ón uair a tosaíodh ag feidhmiú an conradh ollchostais in 2023. Tagann cuid eile den ioncam breise sin ó na seirbhísí agus bealaí breise atá á soláthar ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann faoin gclár BusConnects agus faoin gclár 'Éire Á Nascadh'.

**Fíor 1: Ioncam Iomlán**



## Costais Oibriúcháin

Tháinig méadú €123m ar chostais oibriúcháin na bliana mar gheall gur cuireadh leis na seirbhísí a sholáthraítear agus mar gheall ar thionchar an bhoilscithe.

- Tháinig méadú €41m ar chostais phárolla, méid arb ionann é agus méadú 6.3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, de bharr méadú ar líon na mball foirne agus mar gheall ar chomhaontaithe pá a caibidlíodh. Tháinig méadú 4.7% ar an meánlíon fostaithe i rith na bliana.
- Tá laghdú €41m tagtha ar an gcostas pinsean, arna chinneadh ag Achtúire na Scéime faoi FRS102, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mar gheall ar an athrú ar rátaí lascaine den chuid is mó.
- Tháinig ardú €57m ar chostas na seirbhísí iompair scoile toisc gur cuireadh seirbhísí breise ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus do scoláirí ón Úcráin, agus gur cuireadh leis na seirbhísí príomhshrutha.
- Tháinig méadú €37m san iomlán i gcomparáid le 2022 ar chostas cothabhála an bhonneagair iarnróid agus ábhair agus costais eile, mar gheall ar mhéadú ar ghníomhaíocht. Fuarthas cistiú breise chun é sin a chúiteamh.
- Tá costas an bhreosla méadaithe go €103m (€95m in 2022) de bharr an mhéadaithe ar na seirbhísí.
- Tháinig méadú ar an gCostas Díolacháin i CIÉ Tours i gcomhréir leis an méadú a tháinig ar an ioncam.

Tá achoimre i bhFíor 2 thíos ar phríomh-chomhpháirteanna na gCostas Oibriúcháin.

## Costais maidir le Pinsin a Chistiú

Cuimsítear sna ráitis airgeadais costas airgid an tsoláthair pinsean agus costais neamhairgid a bhaineann leis an meastachán cuntasaíochta ar chostais seirbhíse reatha agus an costas measta chun an glandliteanas pinsean a iompar. Laghdaíodh na costais seirbhíse reatha go €71m in 2023 (€112m in 2022), rud a léiríonn tionchar na rátaí lascaine agus na rátaí boilscithe le linn 2023. Ina theannta sin, b'ionann an glanchostas airgeadais a bhain leis an dliteanas pinsean a iompar in 2023 agus €13m (2022: €10m).


## Brabús Oibriúcháin i leith na bliana

Ba é an tionchar a bhí ag na tosca sin ar fheidhmíocht airgeadais ná gur fhill an Grúpa ar bhrabús a dhéanamh, le glanbharrachas €11m. Easnamh €28m a bhí i gceist in 2022. Déantar achoimre air sin i bhFíor 3.


Léirítear na gluaiseachtaí i dtaobh Ioncaim agus Costas Oibriúcháin i bhFíor 1 agus i bhFíor 2.

Is idirbheart mór aonuaire, díol láithreáin forbartha in 2022, is cúis leis an laghdú a tháinig ar an mbrabús ar dhiúscairt sócmhainní i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

**Fíor 2: Costais Oibriúcháin 2023 i gcomparáid le 2022**



**Fíor 3: Gluaiseachtaí sa Ghlantoradh ó 2022 go 2023**




# Nithe Suntasacha eile i dtaobh Airgeadais de

## Airgead agus Saoráidí Baincéireachta


Is é glan-iarmhéid airgid an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2023 ná €254m (2022: €318m). Tharla an laghdú sin i rith na bliana de bharr uainiú na n-íocaíochtaí caipitil oibre a rinneadh gar do thús na bliana 2023. Ar feadh 2023 go léir, bhí an Grúpa ag feidhmiú agus é saor ó ghlanfhiachas agus i staid dhearfach maidir le glanmhéid airgid.

I Bealtaine 2024, rinne an Grúpa athmhaoiniú ar a shaoráid bhaincéireachta agus fuair sé saoráid creidmheasa imrothlaigh thiomanta nua de €80m go dtí 2029. Tá an iasacht théarmach faoin tsaoráid roimhe seo aisíoctha ina hiomláine.

## Cistiú ón Stát don Chlár Caipitil

Fáiltíonn CIÉ roimh an gcistiú leanúnach faoi Chlár Caipitil an Státchiste, ar tháinig laghdú €91m air in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mar gheall ar chistiú a bhain le bonneagar iarnróid ar líne Fhainge na Sionainne a fuarthas in 2022 den chuid is mó. Léirítear i bhFíor 4 an treocht sa chistiú caipitil i rith na tréimhse 2019 go 2023. Úsáidtear an cistiú sin chun infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní an ghréasáin iompair phoiblí agus chun iad a chothabháil. Le linn 2023, caitheadh an caipiteal go príomha ar an gclár DART+, Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí, rothstoc agus cothabháil throm chomh maith le hinfheistíochtaí i stáisiúin amhail athfhorbairt ar stáisiún Cheannt agus Céim 1 den athchóiriú ar stáisiún Colbert.

**Fíor 4: Cistiú Caipitil 2019 go 2023**







## Pinsin

Is é €371m glandliteanas na scéime pinsean le sochar sainithe ag deireadh na bliana (2022: Dliteanas €397m). Bhí luach cóir shócmhainní na scéimeanna amhail an 31 Nollaig 2023 €180m (8%) ní b'airde ná mar a bhí ag deireadh na bliana roimhe sin, ach rinneadh é sin a fhritháireamh go páirteach leis an méadú €154m (6%) ar dhliteanais na Scéime amhail an 31 Nollaig 2023, rud a fhágann gur tháinig laghdú iomlán €26m ar dhliteanas na scéimeanna pinsean.

Feidhmíonn an Grúpa dhá scéim pinsean le sochar sainithe: Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951 agus Scéim Pá Rialta CIÉ. Tá siadsan á gcistiú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na fostaithe. Na sochair scoir atá á soláthar faoi na scéimeanna sin, tá siad á gcistiú ag sócmhainní nach beag atá infheistithe i gcistí arna riar ag iontaobhaithe.

Glactar leis sa chostas bliantúil a bhaineann le sochair scoir a sholáthar go bhfuil na torthaí sa todhchaí ó shócmhainní agus dliteanais an chiste pinsean ailínithe ar bhonn rátaí úis fadtéarmacha.


Riosca nach beag is ea é go mbímid faoi lé luaineacht sna rátaí úis fadtéarmacha, agus tá an Grúpa ag féachaint leis an riosca sin a mhaolú.



I mí Iúil 2022, d’fhormheas an tAire Iompair Ionstraimí Reachtúla leasaithe i leith na Scéime Pá Rialta, lenar cuireadh i bhfeidhm athruithe a comhaontaíodh ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus a d’fhormheas na baill foirne. Cé go raibh sé i gceist leis na hathruithe sin staid chistiúcháin na Scéime Pá Rialta a dhaingniú, d’fhág cinneadh an Údaráis Pinsean i rith na bliana gan treoir Alt 50 a dheonú go bhfuil an scéim fós i riocht leochaileach ó thaobh cistiúcháin de.

I mballóid a rinneadh i measc na mball foirne i mí na Bealtaine 2021, glacadh le Moladh ón gCúirt Oibreachais maidir le tograí i leith Scéim 1951 agus ghlac CIÉ leis an togra sin mar an t-aon bhonn amháin chun Togra Maoiniúcháin athbhreithnithe a fhorbairt i leith na Scéime sin. Mar gheall ar agóidí a rinne Coiste Scéim 1951, níl na hathruithe sin curtha chun feidhme go fóill.

Is léir go bhfuil gá le tuilleadh oibre chun aghaidh a thabhairt ar an dliteanas pinsean agus lena chinntiú go bhfuil na socruithe pinsin don fhoireann agus don Ghrúpa slán agus inacmhainne. Leanfar leis an obair sin ar feadh 2024.



**Fiona O’Shea**
*Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa*



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Bus Átha Cliath

Foireann 3,940 duine atá ag obair le Bus Átha Cliath agus is tréitheach, éagsúil an dream iad.

Is é an t-éiteas atá ag Bus Átha Cliath ‘A bheith dílis dúinn féin agus muid á gcur féin in oiriúint don saol atá romhainn’, agus, ar a bhonn sin, bhí sé ag díriú fós ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht seirbhíse agus iontaofacht do chustaiméirí ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus ar príomhthionscadail stáit, amhail BusConnects agus leictriú fhlít busanna na cathrach, a chur i bhfeidhm.

I measc bhuaicphointí na bliana 2023 bhí:

- 146.6m aistear custaiméara (méadú 25m i gcomparáid le figiúirí na bliana 2022 agus an figiúr is airde a taifeadadh le 20 bliain anuas).
- Barrachas airgeadais €2.1m (2022: barrachas €0.4m) agus glansócmhainní €47m (2022: €45m).
- Tugadh isteach Céim 5 de Thionscadal BusConnects chun an Gréasán a Athdhearadh i Ráithe 4 de 2023, faoinar cuireadh roinnt bealaí nua i mbun seirbhíse: an Cuarbhealach Theas, Bealaí Gathacha agus Bealaí Áitiúla, agus S2, 74, agus L25 ina measc. Leis an tionscnamh straitéiseach sin, tá sé i gceist éifeachtúlacht agus clúdach ghréasán bus Bhaile Átha Cliath a bharrfheabhsú, an nascacht ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a fheabhsú agus cur le hinrochtaineacht na seirbhísí.






Buaicphointí
Ráitis Oscailte
Athbhreithniú
Ráitis Airgeadais

- I mí Dheireadh Fómhair 2023, tugadh isteach Bealach 99, lenar baineadh amach garsprioc mhór maidir le feabhas a chur ar an rochtain ar Pháirc an Fhionnuisce agus na nithe is díol spéise inti, trí sheirbhís iompair phoiblí. Feidhmíonn an tseirbhís sin gach 30 nóiméad, seacht lá na seachtaine.
- Cuireadh 22 feithicil leictreach EW nua leis an bhflít.
- Seachadadh bonneagar chuig dhá iosta chun tacú leis an bhflít nua feithiclí ceallra-leictreacha.
- I dTuarascáil ar an mBearna Phá idir Fir agus Mná, sonraíodh go raibh bearna phá 4.1% ag BÁC i bhfabhar na mban, rud a léirigh an dul chun cinn mór a rinneadh i dtionscal ina mbíodh na fir i réim san am atá caite.
- Tá méadú 93% tagtha ar líon na mban atá ina dtiománaithe bus linn ó bhí 2019 ann.
- In 2023, baineadh garsprioc mhór amach a bhuí le ceann de na feachtais earcaíochta is fairsinge agus is éifeachtaí a bhí ar bun againn riamh, nuair a d'fhostaigh an Chuideachta an 3,000ú tiománaí bus dá cuid.
- Bronnadh an Gradam Airgid d'Infheisteoirí san Éagsúlacht orainn sa bhliain 2023, céim shuntasach san iarracht cur arís eile le tábhacht an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe i mBus Átha Cliath.
- In 2023, a bhuí le Bus Átha Cliath, seachnaíodh 182,000 carr breise a bheith ar an mbóthar gach lá.
- Leanadh le cur i bhfeidhm na limistéar bithéagsúlachta agus folláine in iostaí, le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ.
- Baineadh amach ráta athchúrsála 74% i dtaobh dramhaíl neamhghuaiseach.
- Bronnadh gradam ar Bhus Átha Cliath don Ghaisce Fuinnimh is Fearr san Iompar ag na Gradaim Náisiúnta Gaisce Fuinnimh don Lucht Gnó.
- Bhuaigh Bus Átha Cliath Gradam Bithéagsúlachta ag na Gradaim Ghnó agus Airgeadais de chuid Business and Finance.

## Bus Éireann

Is é Bus Éireann cuideachta bus náisiúnta na hÉireann a sholáthraíonn seirbhísí iompair phoiblí i mbailte agus cathracha ar fud na tíre, agus eatarthu. Trí ghnó atá ag Bus Éireann, gnó na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP), Expressway, agus an tSeirbhís Iompair Scoile, agus déanann Bus Éireann daoine a nascadh le chéile agus leis na rudaí is ansa leo, rud a saibhreas le saol na bpobal ar fud na hÉireann.

Is cuideachta bus na ndaoine é, á rith ag na daoine, ar son na ndaoine, agus tá Bus Éireann aga dul i bhfeidhm ar an gcaoi a gcothaítear nasc i measc an phobail, anois agus feasta.

I measc bhuaicphointí na bliana 2023 bhí:

- 107m aistear custaiméara ar sheirbhísí sceidealta agus ar bhusanna scoile (méadú ó 89.5m in 2022).
- Easnamh airgeadais €0.7m (2022: easnamh €1.5m) agus glansócmhainní €31m (2022: €32m).
- Seoladh an tionscadal 'Pathfinder' (Seirbhís Leictreach Bhaile Átha Luáin), an chéad seirbhís baile uile-leictreach, gan aon astaíochtaí ón sceithphíopa; chlúdaigh 11 fheithicil leictreach níos mó ná 530,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí, seachnaíodh níos mó ná 400,000 kg astaíochtaí $CO_2$ ón sceithphíopa, agus tháinig méadú 25% ar líon na bpaisinéirí.






- Bronnadh Gradaim de chuid SEAI i leith Tionscadail Inbhuanaithe air: Gradam Iompair agus an Grand Prix ag Gradaim Ghnó Inbhuanaithe PwC agus an Business Post.
- Bhain Bus Éireann amach an comhartha inbhuanaitheachta 'Business Working Responsibly' ó Business in the Community Ireland, agus ba é an t-aon chuideachta bus in Éirinn a rinne amhlaidh.
- Rinneadh dul chun cinn nach beag maidir le leictriú iosta Bhaile an Róistigh i Luimneach, an chéad cheann de chathracha réigiúnacha na hÉireann inar tugadh isteach feithiclí lánleictreacha, agus maidir le stáisiún bus Colbert i Luimneach, an obair forbartha is mó a rinneadh ar stáisiún bus nua ón uair a bunaíodh Bus Éireann.
- Tháinig méadú arís eile ar an Scéim Iompar Scoile, faoinar eisíodh ticéid do 162,500 páiste, an líon is mó riamh. Bhí breis agus 7,300 feithicil ag tiomáint ar bhreis agus 9,700 bealach gach lá scoile, trí úsáid a bhaint as conraitheoirí seachtracha den chuid is mó.
- Cuireadh seirbhís iompair ar fáil do bhreis is 19,900 páiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, sin méadú 13.5% i gcomparáid le 2022 agus méadú 39% ó bhí 2019 ann.
- Seoladh an tseirbhís nua i mBaile Cheatharlach a dámhadh trí phróiseas iomaíoch tairisceana leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun an chéad seirbhís baile a chur ar fáil do phobal Bhaile Cheatharlach agus na ceantair máguaird.
- De bharr seirbhísí OSP nua a tugadh isteach faoin bPlean Soghluaiseachta Tuaithe 'Éire á Nascadh', cuireadh nascacht bhreise 3.3 milliún ciliméadar leis an ngréasán ar 12 chonair nua, lenar freastalaíodh ar áiteanna amhail an Muileann gCearr, Trá Lí, Gaillimh, Luimneach agus an Cabhán.


## Iarnród Éireann

Is é Iarnród Éireann a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid náisiúnta na hÉireann, agus a dhéanann gréasán iarnróid na tíre a fhorbairt agus a fheidhmiú, agus is é an tÚdarás Calafoirt é i leith Eoraphort Ros Láir.

I measc bhuaicphointí oibriúcháin Iarnród Éireann don bhliain 2023 tá siad seo a leanas:

- 46.1m aistear paisinéara (35.8m in 2022), ag coinneáil leis an téarnamh mór a tharla tar éis phaindéim COVID-19.
- Barrachas airgeadais €7.5m (2022: barrachas €0.8m) agus glansócmhainní €54m (2022: €47m).
- Cuireadh feabhas ar an tráthchlár ar na línte idir Baile Átha Cliath/Corcaigh, Baile Átha Cliath/Ceatharlach agus Baile Átha Cliath/Cathair na Mart i mí na Nollag, agus cuireadh tús le seirbhísí samhraidh breise go Béal Feirste agus uaidh.
- Rinneadh infheistíocht leanúnach sa bhonneagar agus sa fhlít agus cuireadh feabhas leanúnach orthu chun freastal ar an mborradh a bheidh faoi ghréasán iarnróid inbhuanaithe, lena n-áirítear na príomhthionscadail seo a leanas:
  - An Clár DART+: Bhí iarratais ar Ordú Iarnróid do DART+ an Iarthair agus an Iardheisceirt á mbreithniú ag an mBord Pleanála, agus rinneadh dul chun cinn maidir leis an gcomhairliúchán poiblí le haghaidh DART+ an Chósta Thuaidh. Cuireadh tús freisin le hoibreacha chun áiseanna luchtaithe ceallra-leictreacha a shuiteáil ag Stáisiún Dhroichead Átha
  - Tosaíodh ag cóimeáil na bhfeithiclí nua DART+ i mí Dheireadh Fómhair ag monarcha Alstom in Katowice na Polainne, agus tosófar á seachadadh i mí Mheán Fómhair 2024.
  - Seachadadh gach ceann den 41 carráiste nua iarnróid de chuid InterCity, agus bhí tástáil agus coimisiúnú déanta ar 18 gcarráiste acu faoi mhí na Nollag 2023. Tosaíodh ag cur na bhfeithiclí nua sin i mbun seirbhíse i mí Feabhra 2024.
  - Seirbhísí Comaitéireachta Cheantar Chorcaí: Le cistiú faoin gCiste Eorpach um Théarnamh agus Athléimneacht (EURRF), tá na trí ghné den chlár faoi lánseol: dheonaigh an Bord Pleanála Ordú Iarnróid chun líne dhá rian a dhéanamh den líne idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann, agus táthar tosaithe ar an obair thógála i gcomhair na n-oibreacha comharthaíochta nua agus i gcomhair an ardáin bhreise i Stáisiún an Cheanntaigh.

- An tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha: Leanadh le forbairt bogearraí i gcomhair Chóras Bainistíochta Tráchta an Ionaid Náisiúnta Rialaithe Traenacha (an córas lena mbainisteofar an trácht iarnróid nuair a bheidh an tIonad ag feidhmiú) ar feadh 2023, agus tá an chéim forbartha bogearraí ar siúl anois. Críochnaíodh na hoibreacha ar an láthair chun na crua-earraí a shuiteáil don Chóras Bainistíochta Tráchta in 2023. Tá sé beartaithe go ndéanfar an córas iomlán a thástáil agus a choimisiúnú faoi dheireadh 2025.
- Stáisiúin nua: Cuireadh tús le hoibreacha ar athchóiriú Stáisiún na Ciseoige ar an líne chomaitéireachta idir Stáisiún Heuston agus Port Laoise, agus tá sé i gceist an stáisiún a oscailt i samhradh na bliana 2024. Cuireadh tús freisin le hoibreacha ag Stáisiún DART Woodbrook, lastuaidh de Bhré, agus osclófar an stáisiún in 2025.
- Ról an iarnróid sna cathracha réigiúnacha a fheabhsú: Dámhadh conradh tógála i leith fhoirgneamh nua Stáisiún Cheannt i nGaillimh i mí na Nollag 2023, agus tosaíodh ar an obair thógála i mí Eanáir 2024. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le staidéir i dtaobh feabhsú acmhainneachta ar an líne idir Luimneach agus Acomhal Luimnigh agus ar an líne idir Luimneach agus Inis, agus maidir le staidéir i dtaobh stáisiúin ag Maigh Rois agus Béal Átha Síomóin. Tá tús curtha le hoibreacha freisin i leith thionscadal na gCéanna Thuaidh i bPort Láirge, tionscadal atá faoi chúram Chomhairle Cathrach agus Contae Phost Láirge, agus a bhfuil sé i gceist leis Stáisiún Phluincéid a athlonnú.




- Cuireadh tús leis na hoibreacha faoi Chéim 1 den obair ar líne na Sionainne agus Fhainge, lena gcuirfear seirbhísí lasta ar bun arís chomh fada leis an bpríomhchalafort ar bhord farraige iarthar na hÉireann.
- D'éirigh le hiarratas ar chistiú ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, agus dá bharr sin ceapadh Foireann Comhairliúcháin Ildisciplíneach chun tacú leis an bhfoireann lasta iarnróid maidir le soláthar leanúnach rothstoic nua, dearadh mol idirmhódúil agus láithreán nua lasta iarnróid, chomh maith le feabhas a chur ar an nascacht i dtaobh lasta iarnróid ag gach príomhchalafort agus deiseanna a shainaithint chun gnó tráchtála a fhorbairt amach anseo.

## Euraphort Ros Láir

- Chuaigh breis agus 226,500 aonad lasta tríd an gcalafort (an méid is mó riamh), arb ionann é sin agus méadú 13% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tháinig borradh mór faoi sheirbhísí paisinéirí freisin, agus bhain breis agus 636,000 paisinéir úsáid as an gcalafort. Sin méadú 15% i gcomparáid le 2022 agus méadú 9% i gcomparáid leis na leibhéil in 2019, roimh phaindéim COVID-19. Bhain Eoraphort Ros Láir amach buaicphointe airgeadais nua freisin in 2023 nuair a rinneadh ioncam €14.9m, méadú 15% ar an ioncam a rinneadh in 2022, figiúr a bhí ina bhuaicphointe an tráth sin.
- In 2023 freisin, cuireadh tús leis an infheistíocht is mó riamh sa chalafort le caiteachas réamh-mheasta de níos mó ná €200m, rud a sholáthróidh saoráid den chéad scoth lena dtacófar le honnmhaireoirí, le hallmhaireoirí, leis an turasóireacht agus le tionscail slabhra soláthair an réigiúin agus na tíre.
- Cuireadh tús le haistear digitithe an chalafoirt nuair a ceapadh Brock Solutions, lena bhfuil sé beartaithe Ros Láir a bheith ar an gcalafort is cliste san Eoraip faoi 2024. Tacóidh teicneolaíocht cheannródaíoch leis an athrú ó bhonn ar an gcalafort agus cuirfidh sí go mór leis an éifeachtúlacht agus le heispéireas na gcustaiméirí i ngach gné dá n-aistear.
- Baineadh garsprioc mhór amach freisin nuair a fuair Eoraphort Ros Láir ceadúnas urthrá chun Mol Náisiúnta na hÉireann um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta a fhorbairt. Tá an calafort suite go straitéiseach chun tacú leis an tionscal Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE) agus chun freastal ar go leor tionscadail Feirmeacha Gaoithe atá beartaithe do Mhuir Éireann agus don Mhuir Cheilteach.






## CIÉ Tours

D'éirigh go geal le CIÉ Tours in 2023, de bharr éileamh mór ar thaisteal tar éis phaindéim COVID-19, rud a spreag an chuideachta chun leibhéil ioncaim agus bhrabúis níos mó ná riamh a bhaint amach. Thaistil breis agus 36,000 paisinéir le CIÉ Tours ar fud na hÉireann, na Breataine Bige, na hÍoslainne agus na hIodáile, agus thug beagnach 31,000 de na daoine sin cuairt ar oileán na hÉireann. Ba dhíol suntais é go raibh leibhéal sástachta a gcustaiméirí fós ard (95%), agus gur thuill níos mó ná 100 soláthraí rátálacha sástachta custaiméirí 92% nó níos mó. Ag deireadh 2023, bhí go leor áirithintí déanta i gcomhair shéasúr taistil na bliana 2024, rud a léiríonn go bhfuil éileamh fós ar Éirinn mar cheann scríbe do thaistealaithe ó Mheiriceá Thuaidh.

Go luath in 2023, rinne an chuideachta treisiú arís eile ar a tiomantas don inbhuanaitheacht trí bheartas um Thurasóireacht Fhreagrach a thabhairt isteach, rud a scaipeadh ar phríomhpháirtithe leasmhara, agus baill foirne, soláthraithe, agus comhpháirtithe ina measc. Leis an mbeartas sin, cuirtear in iúl tiomantas na cuideachta do chuidiú le pobail, don oidhreacht chultúrtha a chaomhnú, agus do chur le tionscal na turasóireachta ar bhealach dearfach. Tá an beartas dírithe ar thrí phríomhcholún:

- **An Ghné Shóisialta**: Oidhreacht agus éagsúlacht chultúrtha na hÉireann, na Breataine agus ceann scríbe eile a dtugtar cuairt orthu a chosaint agus a chomhroinnt.
- **An Ghné Gheilleagrach:** Deis gheilleagrach a sholáthar agus a chinntiú go mbaintear tairbhe aisti sna pobail ina mbímid ag taisteal, ina gcónaímid agus a ndéanaimid freastal orthu.
- **An Ghné Chomhshaoil:** A bheith ag obair le tionscal na turasóireachta agus le comhpháirtithe chun tacú lenár gcinn scríbe, agus tosaíochtaí comhshaoil náisiúnta, cinn áitiúla agus cinn an tionscail a chur chun cinn an tráth céanna.

I rith na bliana, d'fhorbair CIÉ Tours straitéis chuimsitheach charbóin chun measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin díreacha agus indíreacha. Faoin tionscnamh sin, leagtar amach spriocanna agus pleananna uaillmhianacha le haghaidh laghdú nach beag a dhéanamh ar lorg carbóin na cuideachta sna blianta atá le teacht. Ina theannta sin, tá pleananna ar bun chun triail a bhaint as sraith turas a mbeidh 60 céim i gceist leo, i gcóistí faoi thiomáint bhithbhreosla. Léiríonn an cur chuige ilghnéitheach sin an deis mhór atá le tapú ag CIÉ Tours, arb é an chuideachta taistil is mó faoi úinéireacht Éireannach Meiriceá Thuaidh é, ó thaobh dea-thionchar a imirt ar thimpeallacht na hÉireann, ar thionscal na turasóireachta agus ar gheilleagar na tíre seo.

Mar chuid dá thiomantas don Éagsúlacht, don Chothromas agus don Chuimsiú, bhunaigh CIÉ Tours comhpháirtíocht le Líonra Diaspóra Afrai-Mheiriceánach na hÉireann (AAIDN). Seoladh an tionscnamh sin in 2020, agus is é is aidhm leis caidreamh a chothú idir Afrai-Mheiriceánaigh, Éire, agus Diaspóra na hÉireann ar bhonn oidhreacht agus cultúr comhroinnte.

In 2023, chuir an chuideachta, ar bhonn straitéiseach, leis na táirgí a chuireann sí ar fáil i margaí lárnacha na hÉireann agus na Breataine, agus san Iodáil freisin. Ó cuireadh ar bun **Turas Shlí an Atlantaigh Fhiáin**, is féidir le cuairteoirí seoda na tíre feadh chósta thiar na hÉireann a fheiceáil, agus ar **an Turas ar Albain agus Éirinn** bíonn an deis acu cuairt a thabhairt ar thrí phríomhchathair – Dún Éideann, Béal Feirste agus Baile Átha Cliath. Ina theannta sin, bunaíodh dhá thuras nua, **Turas Lae ar Albain** agus **Seoda na Tuscáine le Cinque Terre**, trínar féidir leis na taistealaithe aithne a chur ar réigiún le linn sraith turas lae agus iad ag fanacht in aon óstán amháin ar feadh an ama sin, rud a bhíonn áisiúil dóibh agus a mbíonn tóir acu air.



## Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ

Tá CIÉ, máthairchuideachta an Ghrúpa, freagrach as rialachas foriomlán an Ghrúpa de réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú agus de réir ionchais ár scairshealbhóra, an tAire Iompair, as bainistiú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ agus a phunann réadmhaoine agus, ar deireadh, as raon sainseirbhísí tacaíochta gairmiúla a sholáthar don Ghrúpa. I measc na seirbhísí sin tá siad seo a leanas:

- réadmhaoin Ghrúpa CIÉ a bhainistiú chun sruth ioncaim coimhdeach a sholáthar, rud a chuidíonn leis na seirbhísí iompair phoiblí a chistiú
- bonneagar teicneolaíochta faisnéise agus seirbhísí feidhmchláir a sholáthar
- seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí
- seirbhísí éileamh, árachais agus bainistíochta riosca
- sainseirbhísí dlí
- bainistíocht cisteáin
- riar na scéimeanna pinsean

Baineadh amach na mór-éachtaí oibríochta seo a leanas in 2023:

- A bheith ag obair le hIarnród Éireann ar chóras níos sruthlínithe, níos oiriúnaí dá fheidhm do lucht trádála nua na stáisiún, lena n-áirítear roinnt aonaid nua a osclaíodh nó a ligeadh amach ar cíos arís i stáisiúin éagsúla i rith na bliana.
- Méadú 24% ar ioncam ó fhorbairt réadmhaoine i gcomparáid leis an mbliain anuraidh agus méadú 35% ar ioncam ón Líonra Fógraíochta do Chomaitéirí.
- Athsholáthar leanúnach a dhéanamh ar chrua-earraí atá ag deireadh ré (bonneagar agus críochphointí), lena chinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil do na nithe sin go fóill, agus aistriú ó ríomhaireacht ar an láthair go dtí Microsoft Azure, rud is cúis le buntáistí móra ó thaobh inscálaitheachta, slándála agus solúbthachta de.
- Ullmhú i gcomhair chomhlíonadh na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach ar fud an Ghrúpa, lenar áiríodh anailís ar fud an Ghrúpa ar bhearnaí agus plean oibre i ndáil le comhlíonadh. Cuireadh tús freisin le hobair chun tuairisciú a dhéanamh ar Thacsanomaíocht AE.
- Tiomantas do Thionscnamh na Spriocanna Eolaíocht-Bhunaithe (SBTi) i mí Dheireadh Fómhair 2023.
- Staidéir féidearthachta maidir le hiarfheistiú foirgneamh déanta i ndáil le foirgnimh na Cuideachta Sealbhaíochta, rud a bheidh ina bhonn eolais d'oibreacha iarfheistithe amach anseo i láithreacha éagsúla.
- Bhuaigh Grúpa CIÉ an gradam i gcomhair CSR agus Tuairisciú Inbhuanaitheachta ag Gradaim na gCuntas Foilsithe de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann i mí na Samhna 2023.
- Ullmhaíodh Plean Cláir i dtaobh Chartlann CIÉ don tréimhse 2023-2027 agus foilsíodh tuarascálacha bliantúla stairiúla ón mbliain 1884.
- Tugadh isteach córas nua Párolla Pinsean agus Bainistíochta Pinsean
- Ainmníodh CIÉ i measc an 100 cuideachta is fearr in Éirinn i gcúrsaí folláine in 2023. D'éirigh le CIÉ comhartha Keepwell IBEC a athnuachan don tríú bliain as a chéile agus sheol sé mol folláine i gcomhair na bhfostaithe.

## Cód Cleachtais

Is é beartas an Ghrúpa é cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Grúpa CIÉ an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 a chinntiú i ngach ghné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud Ghrúpa CIÉ in 2023 cloí le ceanglais na rialachán sin.

## Comhairleoireacht agus Costais Dlí

Íocann Grúpa CIÉ as seirbhísí comhairleoireachta i ndáil le caipiteal intleachtúil a chabhraíonn leis an gcinnteoireacht éifeachtach laistigh den eagraíocht i réimsí casta sa chás nach furasta na scileanna a aimsiú laistigh den eagraíocht féin. Seo thíos achoimre ar na réimsí caiteachais ar an gcomhairleoireacht a thabhaigh Grúpa CIÉ in 2023

| Costais Chomhairleoireachta | €'000 |
|---|---|
| Bonneagar (Infheistíocht Chaipitil san áireamh) | 16,731 |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | 3,031 |
| Gnéithe Oibriúcháin agus Eile | 2,860 |
| Straitéis agus Dearadh na hEagraíochta | 1,096 |
| Comhairle faoi Chúrsaí Cánach agus Airgeadais | 1,066 |
| Dlí | 899 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | 111 |
| **Ollchostais Chomhairleoireachta** | **25,794** |
| Costais Chaipitlithe | (16,546) |
| **Glanchostais Chomhairleachta** | **9,248** |

Thabhaigh Grúpa CIÉ costais socraíochta €2.0m agus costais ghaolmhara dlí €1.9m in 2023, i ndáil le 38 cás dlí (2022: 38 cás) a chosain breis is €50k.

## Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ lena áirithiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fóntais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais.

I gcás na soláthairtí uile a bhí os cionn na tairsí cáilíochta, cuireadh faoi réir tairiscint oscailte iad agus cuireadh fógra fúthu in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nuair ba chuí sin. Comhlíonann Grúpa CIÉ an Cód Caiteachais Phoiblí a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2013.

## Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa

Bhí 11,726 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2023, sin 522 duine sa bhreis ar líon na bliana 2022.

## Rannpháirtíocht na mBall Foirne

Is iad ár mbaill foirne an ghné is riachtanaí chun seirbhís iompair phoiblí a sholáthar atá iontaofa, sábháilte agus éifeachtúil. Is maith an rud é líon na bpaisinéirí a bheith ag filleadh ar na leibhéil a bhíodh ann roimh phaindéim COVID-19, a bhuí leis an gcumas atá ag baill foirne Ghrúpa CIÉ dul in oiriúint do chúinsí éagsúla agus leis an teacht aniar atá iontu. Trí chomhar agus comhoibriú idir na feidhmeanna éagsúla, tá ár mbaill foirne gafa go hiomlán ag soláthar seirbhísí iompair phoiblí den chéad scoth, lena leagtar béim ar an gcustaiméir.






Buaicphointí
Ráitis Oscailte
Athbhreithniú
Ráitis Airgeadais



## Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá Grúpa CIÉ meáite ar thimpeallacht a chothú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina bhfreastalaítear ar dhifríochtaí agus a gcuirtear fáilte rompu. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chothú inar féidir le cách lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, agus ina mbíonn meas ar réimse leathan cumas, buanna agus meonta aonair.

Sa nochtadh a rinneadh ar an mbearna phá idir fir agus mná ar fud na gcuideachtaí oibriúcháin, léirítear go raibh bearna phá dhiúltach ann i bhfabhar na mban, rud a gcuirimid fáilte roimhe. Tá tearc-ionadaíocht ar na mná sna cuideachtaí oibriúcháin, áfach, agus dá bharr sin tá gach ceann de na cuideachtaí ag díriú go gníomhach ar mhná a earcú i réimsí ar nós tiomáint bus agus réimse na hinnealtóireachta. Leanfaidh an Grúpa lena chuid oibre maidir le mná a mhealladh chuig na réimsí sin feasta, agus chun na mná atá fostaithe leis a spreagadh chun cur isteach ar phoist ardcheannaireachta i nGrúpa CIÉ.

## Rannpháirtíocht leis na Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Tugann Grúpa CIÉ tús áite don obair le páirtithe leasmhara chun tacú le cuspóirí náisiúnta iompair, cuspóirí sóisialta agus cuspóirí i dtaobh na hinbhuanaitheachta de. Bímid ag féachaint le bheith ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe chun deiseanna a thapú i dtaobh eolas a chomhroinnt agus na cuspóirí atá againn araon a bhaint amach.

Aithníonn an Grúpa an tábhacht a bhaineann le bheith ag obair ar fud an tionscail agus ar fud an Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag an tír seo maidir le forbairt agus leis an aeráid, agus bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais na tíre i dtaobh an iompair agus na hinbhuanaitheachta.

I rith 2023, bhí Grúpa CIÉ ag obair le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), le NewEra, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, i measc eile, chun straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ a ailíniú le hionchais na bpáirtithe leasmhara. Agus an luach a bhaineann le taighde agus nuálaíocht cheannródaíoch á aithint aige, tá Grúpa CIÉ ag obair i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí taighde agus forbartha agus le lucht déanta beartas, lena n-áirítear Institiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na Gaillimhe agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun saineolaithe a thabhairt le chéile ionas gur féidir an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach.


Bus Saor ó Astaíochtaí Zero En
Bus Éireann

**Is é an cuspóir uileghabhálach atá againn baint amach na spriocanna náisiúnta a leagtar síos sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.**

# Inbhuanaitheacht

## An Straitéis Inbhuanaitheachta atá againn

Is plean gníomhaíochta í straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ atá á chur i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ. Is é ár gcuspóir uileghabhálach é na spriocanna náisiúnta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (PGA) a bhaint amach agus tacú le baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Is é an misean atá againn rogha iompair ísealcharbóin a chur ar fáil, lena ndéanfar pobail a nascadh, inrochtaineacht a uasmhéadú agus an bhithéagsúlacht a chosaint, agus lena dtacófar leis an bhfás dlúth. Táimid meáite ar bheith inár ngnó inbhuanaithe agus ar bheith ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe, mar chuid de chur chuige comhtháite náisiúnta. Tá punann ar leith sócmhainní agus acmhainní againn a bhfuilimid ag déanamh giaráil straitéiseach orthu chun ár n-oibríochtaí féin a ailíniú a mhéid is féidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Tá Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ dírithe ar thrí cholún na hinbhuanaitheachta: an ghné shóisialta, an ghné gheilleagrach agus an ghné chomhshaoil. Chun féachaint chuige go mbeidh léargas iomlánaíoch againn ar an inbhuanaitheacht, tá na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe cuimsithe sa straitéis sin againn freisin.

Tá struchtúr rialachais aeráide curtha chun feidhme ag Bord CIÉ agus ag Cuideachtaí an Ghrúpa lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár ngealltanais agus go ndéanaimid bainistíocht ar na rioscaí agus na deiseanna a ghabhann leis an aistriú oibriúcháin agus an aistriú straitéise. Mar chuid den struchtúr rialachais sin, tacaítear le spriocanna straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus déanann an fhoireann inbhuanaitheachta tras-Ghrúpa iad a stiúradh agus a chomhordú. Comhordaítear beartas maidir le príomhréimsí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear soláthar poiblí glas, bainistíocht acmhainní agus uisce agus bainistíocht fuinnimh, lena n-áirítear comhtháthú breoslaí in-athnuaite agus giniúint leictreachais in-athnuaite ar an láthair. Táimid ag díriú go háirithe ar an ngeilleagar ciorclach agus ar fheabhas a chur ar bhainistíocht acmhainní, mar aon le hathrú cultúir a chothú agus scileanna inbhuanaitheachta a fhorbairt i measc fhostaithe uile an Ghrúpa.

Mar chuid dár dtiomantas i dtaobh gnó níos inbhuanaithe a bheith ar bun againn, d'fhormheas Bord CIÉ bunú Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ in 2022 chun cur i bhfeidhm na straitéise a mhaoiniú. Tacaíonn an ciste le hinfheistíocht i ngníomh díreach agus treisíonn sé an tiomantas atá againn do chleachtais ghnó atá freagrach, eiticiúil. In 2023, formheasadh cistiú i gcomhair 22 tionscadal, lena n-áirítear painéil ghréine a shuiteáil ar shé iosta de chuid Bhus Éireann, soilse LED a iarfheistiú i spásanna oifige, agus uasghrádú a dhéanamh ar an mbonneagar dramhaíola ag fiche stáisiún de chuid Iarnród Éireann.




I mí na Nollag 2023, thug Éire cothrom le dáta a pleananna i leith na haeráide agus foilsíodh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (PGA), ina soláthraítear creat chun sprioc an Rialtais a bhaint amach maidir le laghdú 51% a bheith ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 (i gcomparáid le 2018) agus sprioc fhadtéarmach maidir le bheith saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an nglanleibhéal faoi 2050. Tá ról tábhachtach ag Grúpa CIÉ i ndáil le cuspóirí an phlean sin agus cuspóirí an Bheartais Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe a bhaint amach trí bhealaí taistil atá sábháilte, inbhuanaithe, inrochtana agus éifeachtúil a chur ar fáil in ionad aistir i gcarranna. Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, dírítear ar mhéadú 130% ar líon na n-aistear iompair phoiblí a bhaint amach faoi 2030. Tá Grúpa CIÉ ag obair air sin trí leathnú a dhéanamh ar na gréasáin iompair phoiblí faoi na Cláir BusConnects, Éire á Nascadh agus DART+. De réir mar a sholáthraíonn Grúpa CIÉ tuilleadh aistir iompair phoiblí, tacaímid le baint amach spriocanna aeráide náisiúnta na hÉireann trí rogha ísealcharbóin a chur ar fáil in ionad carranna príobháideacha.

Is é an t-iompar an dara foinse is mó astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn agus astaíodh os cionn 11.6 milliún tona de na gáis sin in 2022. Sin 19.1% de líon iomlán na n-astaíochtaí. Ó 1990 i leith, is san earnáil iompair a tharla an t-ardú foriomlán ba mhó ar astaíochtaí gas ceaptha teasa. Méadú 113.7% a bhí i gceist sa tréimhse sin. Faoi spriocanna astaíochtaí earnála an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, ní mór don earnáil iompair a cuid astaíochtaí a laghdú 50% go 6 milliún tona de choibhéis dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$e) faoi 2030 agus glan-nialas faoi 2050. Leagtar béim leis sin ar an ról atá ag an iompar poiblí maidir le haistriú córa iompair a spreagadh, astaíochtaí a laghdú agus bealaí iompair a chur ar fáil nach bhfuil chomh dian ar charbón agus atá tíosach ar fhuinneamh.

Tá sé ríthábhachtach aistriú córa iompair a bhaint amach chun dul i ngleic le hastaíochtaí ón earnáil, agus is é sin an áit a bhfuil ról lárnach ag leathnú na seirbhísí iompair phoiblí. Ag deireadh 2023, sháraigh líon na bpaisinéirí ar fud Ghrúpa CIÉ na leibhéil a bhíodh ann roimh an bpaindéim. Rinneadh 299.7 milliún aistear i rith na bliana sin. Is dúshlán é an méadú seirbhísí ó thaobh spriocanna aeráide Ghrúpa CIÉ a bhaint amach, rud a eascraíonn as dinimic chasta ár n-oibríochtaí: táimid ag leathnú ár ngréasán iompair phoiblí chun freastal ar an mborradh faoin éileamh, agus táimid ag iarraidh ár n-astaíochtaí carbóin iomlána a laghdú an tráth céanna. Is mór an dúshlán é sin, ós rud é gurb iondúil go mbíonn ídiú fuinnimh níos mó agus méadú ar an leibhéal astaíochtaí ina dtoradh ar sholáthar méadaithe seirbhíse. Cé go dtiocfaidh ardú ar leibhéal na n-astaíochtaí sa ghearrthréimhse, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an treocht san fhadtréimhse agus muid ag athrú an fhlít feithiclí agus ag infheistiú i dtionscnaimh chun dlús a chur leis an laghdú astaíochtaí.

Tá Grúpa CIÉ i mbun gnímh chun ár spriocanna maidir le laghdú gás ceaptha teasa a bhaint amach trí aistriú go teicneolaíocht astaíochtaí ísle agus teicneolaíocht saor ó astaíochtaí ina chuid feithiclí agus trí bhearta a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhaolú agus a fheabhsú ar fud na n-oibríochtaí. Lean Iarnród Éireann ar aghaidh in 2023 leis an obair ar dhearadh an chláir DART+, lena ndéanfar méadú faoi thrí ar fhad an ghréasáin leictrithe, lena ndúblófar líon na bpaisinéirí is féidir a iompar, agus lena gcuirfear carráistí traenach leictreacha agus cinn cheallra-leictreacha leis an bhflít. Tá an Grúpa ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair freisin chun feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a sholáthar agus tá iostaí bus á n-ullmhú chun busanna leictreacha a chur ar an mbóthar. In 2023, bunaíodh an chéad seirbhís bus lánleictreach in Éirinn in iosta Bhus Éireann i mBaile Átha Luain Bhus Éireann, agus críochnaíodh an obair ullmhúcháin in iosta Bhus Éireann i mBaile an Róistigh i dtaobh bonneagar a shuiteáil chun tacú le haistriú flít Luimnigh go busanna leictreacha go luath in 2024. I mí na Samhna 2023, chríochnaigh Bus Átha Cliath ag suiteáil an bhonneagair luchtaithe ina iosta i gCnoc an tSamhraidh,

agus bhí 20 bus leictreach ar an mbóthar aige faoi dheireadh na bliana. Sna deich mbliana atá romhainn, aistreoidh Bus Éireann agus Bus Átha Cliath a bhflít de réir a chéile ó fheithiclí díosail go feithiclí a bhfuil astaíochtaí nialasacha ón sceithphíopa acu, agus cuirfidh Iarnród Éireann carráistí traenach leictreacha agus cinn cheallra-leictreacha lena fhlít.

Leis an aistriú ó fhlít solúbtha feithiclí breosla iontaise go seirbhís atá saor ó astaíochtaí, beidh rioscaí agus deiseanna nua romhainn agus beidh dúshláin oibriúcháin le sárú againn. De bharr leictriú na seirbhísí comaitéireachta ard-dlúis ar fud an fhlít iarnróid agus busanna, cuirfear go mór lenár n-éileamh ar leictreachas agus beidh gá le huasghrádú pleanáilte ar ár stáisiúin agus ár n-iostaí chun tacú leis an leictriú. Chun an t-éileamh a dhéanaimid ar eangach leictreach na hÉireann a chothromú, tá Grúpa CIÉ ag féachaint freisin ar theicneolaíochtaí eile seachas leictriú, agus hidrigin ghlas san áireamh. D'fhéadfadh ról a bheith ag hidrigin maidir le hiompar ísealcharbóin, go háirithe i gcás aistir fhada. Tá Grúpa CIÉ páirteach sa chuibhreannas SHAMROCK, comhpháirtíocht atá ag obair chun an chéad mhol iompair hidrigine in Éirinn a fhorbairt i nGaillimh.

Toisc gur gá dó turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus a lorg carbóin a laghdú, in 2023 d'fhorbair CIÉ Tours straitéis mhionsonraithe dícharbónaithe chun cabhrú le dul i ngleic leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa óna oibríochtaí gnó agus ó na turais a chuireann siad ar bun. Tógann an straitéis sin ar an mBeartas Turasóireachta Freagraí a ullmhaíodh in 2022, agus cuirtear leis an uaillmhian ó thaobh pleanáil inbhuanaitheachta maidir le CIÉ Tours.

Tá punann nach beag réadmhaoine ag Grúpa CIÉ agus táimid ag iarraidh an ríocht phoiblí a fheabhsú agus aistriú córa iompair a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbraíochtaí atá dírithe ar iompar poiblí. In 2023, chuir Grúpa CIÉ chun cinn an phleanáil i leith forbraíochtaí den sórt sin i bpríomhláithreacha sna réigiúin agus sna cathracha, agus cuireadh forbairt uirbeach ardchaighdeáin chun cinn thart timpeall ar mhór-mhoil iompair. Táimid ag obair ar fud Ghrúpa CIÉ ar phlean deich mbliana maidir le tionscadail shuaithinseacha amhail Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath; Stáisiún Colbert i Luimneach; Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh.

Cuid lárnach de straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ a chur i bhfeidhm is ea cultúr inbhuanaitheachta a chothú sa Ghrúpa, rud a gcuirfear bonn daingean faoi le hinfheistíochtaí i scileanna, saineolas agus feasacht ár bhfostaithe. In 2023, cuireadh cúrsaí oiliúna bunleibhéil agus dianchúrsaí san inbhuanaitheacht ar fáil dár bhfostaithe, agus chuir go leor rannpháirtithe tionscadail inbhuanaitheachta i bhfeidhm ina bhfoirne agus ina láithreacha féin.

Tuairiscíonn Grúpa CIÉ faoi láthair faoi chreataí tuairiscithe deonacha agus sainordaitheacha éagsúla. Ó bhí 2020 ann, tá tuairisc tugtha againn don Tionscadal um Nochtadh Carbóin (CDP) i ndáil lenár bhfeidhmíocht i leith na haeráide, agus is scór B a fuaireamar in 2022, an bhliain tuairiscithe is déanaí. In 2023, shínigh Grúpa CIÉ tionscnamh na Spriocanna Eolaíocht-Bhunaithe, rud a dhearbhaíonn ár ndúthracht i dtaobh ár ndícheall a dhéanamh spriocanna uaillmhianacha aeráide a bhaint amach. I mbliana freisin, shínigh Grúpa CIÉ Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe lena chinntiú go bhfuil ár mbeartais agus ár nósanna imeachta i gcomhréir leis an dea-chleachtas maidir le cearta an duine, cearta saothair, bearta frith-éillithe agus an comhshaol a chur chun cinn ar fud ár n-oibríochtaí.

I rith 2023, lean Grúpa CIÉ ar aghaidh leis an obair chun ár bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a nochtadh le haghaidh tuairisciú faoin Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí, faoi Thacsanomaíocht AE, agus faoi Chreat Gníomhaithe Aeráide an Údaráis um Gheilleagar agus Téarnamh Nua (NewERA). Trí na caighdeáin sin a chomhlíonadh, cuirfidh CIÉ leis an trédhearcacht agus leis an gcaighdeánú maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta agus déanfaidh sé measúnú ar thionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha i ndáil le cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR).

Tá Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2023 ar leithligh foilsithe ag CIÉ ina bhfuil cur síos níos mionsonraithe ar an méid atá bainte amach againn i dtaobh na hinbhuanaitheachta de.

## An méid atá bainte amach ag Grúpa CIÉ i dtaobh na hInbhuanaitheachta de – Buaicphointí

<table>
<tr><th>Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus CIÉ Tours</th><th>Bus Átha Cliath</th><th>Bus Éireann</th><th>Iarnród Éireann</th></tr>
<tr><td colspan="4">Rinne Grúpa CIÉ cleachtadh anailíse tosaigh i dtaobh cásanna aeráide chun féachaint cén tionchar a bheadh ag rioscaí agus deiseanna an Ghrúpa i dtaobh na haeráide de. Beidh torthaí na hanailíse sin ina mbonn eolais chun straitéis inbhuanaitheachta don todhchaí a leagan síos.</td></tr>
<tr><td>D'fhorbair CIÉ Tours straitéis mhionsonraithe dícharbónaithe chun cabhrú le dul i ngleic leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa óna oibríochtaí gnó agus ó na turais a chuireann siad ar bun.</td><td>Críochnaíodh iarfheistiú an bhonneagair luchtaithe in iosta Chnoc an tSamhraidh i mí na Samhna 2023, agus bhí 20 bus ceallra-leictreach ar an mbóthar faoi dheireadh na bliana.</td><td>Seoladh an chéad seirbhís bus lánleictreach in Éirinn i mí Eanáir 2023, agus cuireadh 11 bus ceallra-leictreach urláir amháin ar an mbóthar i mBaile Átha Luain.</td><td>Cuireadh tús le dearadh tionscadail iarfheistithe chun inneall díosail a úsáidtear i gcomhair lasta a thiontú ina inneall a ritheann ar chumhacht hidrigine. Is é seo an chéad triail a baineadh riamh san Eoraip as inneall dócháin inmheánaigh a iarfheistiú ar inneall traenach lasta.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Lean Grúpa CIÉ ar aghaidh le clár cuimsitheach oiliúna inbhuanaitheachta, agus thug tuilleadh fostaithe faoin gcúrsa Leibhéal 7 maidir le Bainistíocht Inbhuanaithe Acmhainní. Tá cúrsaí oiliúna nua curtha ar bun againn agus áirítear leo anois ceannaireacht bhithéagsúlachta, bainistíocht oibríochtúil inbhuanaitheachta, agus oiliúint don fhoireann maidir le cur chuige barainneach i leith na hinbhuanaitheachta.</td></tr>
<tr><td>Buaiteoir an ghradaim 'Inbhuanaitheacht agus Tuairisciú CSR' ag Gradaim na gCuntas Foilsithe de chuid Chumann na gCuntasóirí Cairte i gCúige Laighean 2023</td><td>Buaiteoir an ghradaim 'Tionscnamh Bithéagsúlachta' ag Gradaim CSR Business & Finance Media Group 2023 do thionscnamh na gcoirceog ag iostaí, 'Dublin Buzz'<br><br>Buaiteoir an ghradaim 'An Gaisce Fuinnimh is Fearr san Iompar' ag na gradaim Gaisce Fuinnimh 2023.</td><td>Buaiteoir na ngradam 'Tionscadal Inbhuanaithe, Iompar' agus an 'Grand Prix' ag Gradaim PwC/Business Post um Ghnó Inbhuanaithe 2023 agus an gradam 'Ceannaireacht san Earnáil Phoiblí' ag Gradam SEAI 2023 i leith fhlít nua busanna Bhaile Átha Luain, an chéad fhlít lánleictreach busanna in Éirinn<br><br>Buaiteoir sa Chatagóir Iompair i nGradaim Fuinnimh SEAI 2023<br><br>Buaiteoir an Ghradaim Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe ag na Gradaim Tionchair sa Ghnó Inbhuanaithe 2023 don Fheachtas Earcaíochta Cuimsithí</td><td>Buaiteoir an ghradaim 'Cultúr folláine a chothú san ionad oibre' le haghaidh ionaid oibre mhóra ag Gradaim Acmhainní Daonna CIPD Éireann dá gclár folláine fostaithe</td></tr>
<tr><td colspan="4">Thosaigh Grúpa CIÉ ar chleachtadh ullmhúcháin le haghaidh tuairisciú a dhéanamh faoi Thacsanomaíocht AE, rud a bheidh éigeantach in 2026. Mar chuid den obair sin, d'aithin Grúpa CIÉ an céatadán den láimhdeachas agus den chaiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí geilleagracha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.</td></tr>
<tr><td>Rinneadh suirbhéanna ar riocht na bhfoirgneamh, iniúchtaí fuinnimh, agus suirbhéanna caomhnaithe ar fud trí láthair oifigí, lena n-áirítear foirgneamh stairiúil Stáisiún Heuston.</td><td>Shuiteáil Bus Átha Cliath córas bailithe uisce báistí in iosta Chnoc an tSamhraidh in 2023, agus tugtar le fios in anailís a rinneadh gur tháinig laghdú níos mó na 8% ar an méid uisce príomhlíonra a úsáideadh i gcomparáid le billí uisce na bliana 2022.</td><td>Suiteáladh an chéad chóras grianphainéal agus fuinneamh ceallraí san iosta sa Sciobairín chun triail a bhaint as an gcur chuige sin. Tar éis an tionscadail phíolótaigh, tá plean á dhéanamh faoi láthair maidir le grianphainéil a shuiteáil i láithreacha eile.</td><td>D'fhoilsigh sé a Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023-2030, inar leagadh amach an bóthar chuig sprioc dhícharbónaithe chun astaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030 agus leibhéal glan-nialasach astaíochtaí a bhaint amach faoi 2050.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Gheall Grúpa CIÉ go ndéanfadh an Institiúid um Spriocanna Eolaíocht-Bhunaithe ár spriocanna aeráide a bhailíochtú lena chinntiú go bhfuil ár n-uaillmhianta aeráide ag teacht leis an sprioc an téamh domhanda a theorannú go 1.5°C.</td></tr>
<tr><td>Cuireadh tús le tionscadal oidhreachta faoina mbunófar seirbhís cartlainne ag an nGrúpa.</td><td>Rinneadh staidéir indéantachta agus iniúchtaí fuinnimh in ocht n-iosta, agus cuirfidh na torthaí bonn eolais faoi oibreacha iarfheistithe ar fhabraic na bhfoirgneamh amach anseo.</td><td>Tá oiliúint curtha ag Bus Éireann ar 91 fostaí sna gráid éagsúla sa gharchabhair i réimse na meabhairshláinte.</td><td>D'ainmnigh an Roinn Comhshaoil é ina Churaidh SFI do 2023/24 agus aitheantas á thabhairt don ról atá aige maidir le dul chun cinn na hÉireann i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.</td></tr>
<tr><td colspan="4">D'ullmhaigh Grúpa CIÉ ár gcéad Teachtaireacht Bhliantúil maidir leis an Dul Chun Cinn faoi Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, ina nochtar ár mbeartais agus ár nósanna imeachta atá dírithe ar chearta an duine, cearta saothair, frith-éilliú agus an comhshaol a chur chun cinn.</td></tr>
</table>

# Buaicphointí i dtaobh Príomhtháscairí Feidhmíochta Neamhairgeadais


## Astaíochtaí Scóip 1 & 2 Ghrúpa CIÉ:

In 2021, bhunaigh Grúpa CIÉ sprioc uaillmhianach i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun na hastaíochtaí carbóin iomlána Scóip 1 agus 2 a laghdú 51% faoi 2030, i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne, 2018.


Dá laghdódh Grúpa CIÉ ár n-astaíochtaí ag ráta seasta go dtí an spriocbhliain 2030, bheadh laghdú 21.25% bainte amach againn faoi 2023. Ina ionad sin, laghdaíodh ár n-astaíochtaí foriomlána 7.6% idir 2018 agus 2023 (Fíor 2). Tháinig laghdú 1.11% ar astaíochtaí foriomlána an Ghrúpa idir 2022 agus 2023, de bharr gur tosaíodh ag úsáid bithdhíosail ar fud na gCuideachtaí Oibriúcháin. Fágann sé sin nach bhfuil an ráta laghdaithe inmhianaithe bainte amach ag an nGrúpa go fóill agus beidh orainn dlús a chur leis an laghdú astaíochtaí idir seo agus 2030 chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach.

Tá dúshlán romhainn ó thaobh ár spriocanna aeráide a bhaint amach, rud a eascraíonn as dinimic chasta ár n-oibríochtaí, go háirithe agus muid ag leathnú ár ngréasáin iompair phoiblí chun freastal ar an mborradh atá faoin éileamh agus ag iarraidh ár n-astaíochtaí carbóin iomlána a laghdú an tráth céanna. Is mór an dúshlán é sin, ós rud é gurb iondúil go mbíonn ídiú fuinnimh níos airde agus méadú ar an leibhéal astaíochtaí ina dtoradh ar sholáthar méadaithe seirbhísí. Mar sin féin, táimid ag leanúint go gníomhach le tionscnaimh chun dlús a chur leis an laghdú astaíochtaí.


**Fíor 1: Astaíochtaí carnacha Scóip 1 agus Scóip 2 Ghrúpa CIÉ. Gintear astaíochtaí Scóip 1 (astaíochtaí díreacha) trí bhreosla a dhó. Gintear astaíochtaí Scóip 2 (astaíochtaí indíreacha) trí leictreachas a ídiú. Léirítear leis an hastaíochtaí Scóip 2 san fhíor seo ídiú leictreachais in Éirinn.**




**Fíor 2 An treocht maidir le hastaíochtaí Scóip 1 agus 2 Ghrúpa CIÉ arna mbreacadh in aghaidh na treochta astaíochtaí de réir na sprice maidir le laghdú astaíochtaí 51% a bhaint amach faoi 2030. Tá an laghdú astaíochtaí a léirítear sa ghraf maidir le 'sprioc' agus 'iarbhír' á ríomh i gcoinne na bliana bonnlíne 2018.**



**Fíor 3: Iomlán na n-aistear paisinéara breactha i gcoinne déine carbóin (kg CO2e in aghaidh an aistir). Ní áirítear sna figiúirí iomlána maidir le déine carbóin sa ghraf seo CIÉ Tours ná Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ. Le chéile, is iad CIÉ Tours agus Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ is cúis le níos lú ná 0.1% d'astaíochtaí iomlána Ghrúpa CIÉ.**





Faoi straitéis an Ghrúpa, tá Iarnród Éireann ag ullmhú chun carráistí traenach leictreacha breise a chur leis an bhflít iarnróid agus tá tús curtha ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann le haistriú na bhflíteanna bus go busanna ceallra-leictreacha. Cabhróidh na bearta sin le hastaíochtaí foriomlána an Ghrúpa a laghdú ach ní conair líneach a leantar in aistriú an fhlít feithiclí, toisc go mbíonn agaí fada tionscanta i gceist chun feabhsuithe oibríochtúla a chur i bhfeidhm agus chun bonneagar a fhorbairt atá riachtanach chun leanúint leis an aistriú sin sna blianta atá romhainn.

Léirítear i bhFíor 3 déine astaíochtaí na n-aistear paisinéara a chuireann Grúpa CIÉ ar fáil. Déantar déine na n-astaíochtaí a thomhas in $kgCO_2e$ in aghaidh an aistir paisinéara agus feidhmíonn sé mar phríomhtháscaire i dtaobh na héifeachtúlachta fuinnimh agus i dtaobh an tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí iompair Ghrúpa CIÉ. Tar éis phaindéim COVID-19, a chuir isteach go mór ar sheirbhísí Ghrúpa CIÉ, tháinig méadú de réir a chéile ar líon na bpaisinéirí go dtí buaicleibhéal 299.7 milliún aistear paisinéara in 2023. Is é an toradh a bhí air sin ná laghdú ar dhéine na n-astaíochtaí go thart ar 0.95 $kgCO_2e$ in aghaidh an aistir paisinéara, an leibhéal is ísle le sé bliana anuas. Táthar ag súil go mbeidh sé ina thoradh ar phleananna Ghrúpa CIÉ na flíteanna busanna agus iarnróid a leictriú, mar aon le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin atá tíosach ar fhuinneamh, go laghdófar arís eile ár n-astaíochtaí carbóin agus déine na n-astaíochtaí i leith gach aistir paisinéara.



# Iarnród Éireann




* D'fhéadfadh sé nach ionann an figiúr seo agus na príomhtháscairí feidhmíochta arna bhfoilsiú ag Iarnród Éireann mar gheall ar fhachtóirí tiontaithe éagsúla a úsáidtear i ríomhanna, toisc go ndéantar fachtóirí tiontaithe SEAI a nuashonrú go minic i rith na bliana. Tugtar liosta de na fachtóirí tiontaithe a úsáideadh chun na figiúirí seo a ríomh níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

## Aistriú chuig flít feithiclí astaíochtaí ísle

Tá clár DART+ á chur i bhfeidhm ag Iarnród Éireann le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair. Faoin gclár sin, déanfar an córas DART a leictriú agus síneadh a chur leis. Méadófar faoi thrí an rian leictrithe agus beifear in ann dhá oiread an líon paisinéirí a iompar. Beidh sé ina toradh ar DART+ go dtiocfaidh laghdú mór ar na hastaíochtaí díreacha agus go gcuirfear le héifeachtúlacht an ghréasáin comaitéireachta iarnróid i mBaile Átha Cliath. In 2023, rinne Iarnród Éireann dul chun cinn maidir le comhairliúcháin phoiblí, dearadh mionsonraithe, soláthar, iarratais ar ordú iarnróid, agus monarú feithiclí sna cúig shruth oibre sa chlár DART+.

In 2023, sheol Iarnród Éireann a Phlean Corparáideach Gníomhaíochta Aeráide 2023 go 2030, inar leagadh amach an uaillmhian atá aige i dtaobh na hastaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030. Tabharfar aghaidh ar an laghdú sin trí fhéachaint an bhféadfaí breoslaí malartacha (HVO) a thabhairt isteach i gcás na bhfeithiclí díosail, trí aistriú go feithiclí faoi thiomáint leictreach, trí ghiniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láthair, trí ghlasú an tsoláthair leictreachais iomlán ar bhonn Comhaontú Corparáideach Cumhachta Ceannaigh, agus trí fheithiclí a fheabhsú agus iarfheistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh chun cur lena n-éifeachtúlacht fuinnimh.

Tá Iarnród Éireann agus DIGAS na Laitvia ag comhoibriú le chéile chun triail a bhaint as an gcéad inneall lasta hidrigine iarfheistithe san Eoraip. Cosnóidh an tionscadal sin €1.5m agus is é atá i gceist leis go n-athrófar inneall díosail Aicme 071 go hinneall dócháin inmheánaigh hidrigine, ionas go mbeifear in ann an t-inneall ar rith ar bhreosla hidrigine in-athnuaite saor ó astaíochtaí in ionad a bheith á rith ar dhíosail. Léireoidh an tionscadal sin cur chuige uathúil ina n-úsáidfear hidrigin san inneall dócháin inmheánaigh atá ann cheana seachas é a fheistiú le cill bhreosla ar leithligh nó inneall hidrigine a chur ann.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

D'fheistigh Iarnród Éireann córas grianphainéal PV ar dhíon stáisiún Heuston i samhradh na bliana 2023. Faoin gclár píolótach sin, déanfar measúnú ar an bhfuinneamh a d'fhéadfadh painéil ghréine a ghineadh sa láthair sin, agus é i gceist an clár a leathnú ar bhonn na dtorthaí. Ó Lúnasa go Nollaig 2023, ghin an córas grianphainéal PV thart ar 4.7 MWh fuinnimh don láthair.

## Teacht Aniar i leith na hAeráide

In 2021, bhunaigh Iarnród Éireann an Tionscadal um Chosaint Bonneagar Iarnróid an Chósta Thoir (ECRIPP) chun an bonneagar iarnróid a chosaint sa limistéar sin. Is beart mór é an tionscadal faoina bhfuil sé i gceist maolú a dhéanamh ar an gcreimeadh mór cósta atá ag dul in olcas le blianta beaga anuas mar gheall ar an athrú aeráide agus na stoirmeacha.

Faoi láthair tá an fhoireann tionscadail ag déanamh measúnaithe fisiceacha agus ag déanamh meastóireacht ar na srianta comhshaoil a bhaineann le gach ceann de na cúig Cill-Limistéar Cósta. Tá bearta iomchuí forbartha acu agus bhreithnigh siad na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann le gach rogha maidir le dul i ngleic le creimeadh an chósta.

## An Geilleagar Ciorclach

D'fhorbair Iarnród Éireann straitéis chuimsitheach maidir le bainistíocht dramhaíola agus an geilleagar ciorclach in 2023. Tá sé ina aidhm leis an straitéis go n-aistreoidh Iarnród Éireann ón gcur chuige 'Tóg-Déan-Úsáid', agus go mbainfear amach cur chuige níos ciorclaí trí aird a thabhairt ar roghanna eile ar nós machnamh úr a dhéanamh ar riachtanais ó thaobh ábhair de ag an gcéim deartha, táirgí a mhaireann níos faide a cheannach, agus rudaí a dheisiú nuair is féidir é.

Le tacaíocht ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ, in 2023 thosaigh Iarnród Éireann ag ullmhú plean i gcomhair tionscadail chun feabhas a chur ar scaradh na gcineálacha éagsúla dramhaíola óna chéile ar fud an ghréasáin. Ag tosú go luath in 2024, suiteálfar bonneagar breise chun cineálacha dramhaíola a scaradh óna chéile ag fiche stáisiún, chun na rátaí athchúrsála a fheabhsú.

Tionscnamh nua is ea Scoil Inbhuanaitheachta Slabhra Soláthair Éireann a bhfuil sé mar aidhm leis oiliúint agus acmhainní saor in aisce a sholáthar i ndáil le saincheisteanna inbhuanaitheachta d'earnáil na timpeallachta tógtha in Éirinn. Tá Iarnród Éireann ar dhuine de na comhpháirtithe sa tionscadal sin ó bunaíodh é, agus tá sé tiomanta do thacú le forbairt na Scoile agus a cuid comhaltaí, chomh maith le feabhas a chur ar a fheidhmíocht féin i dtaobh na hinbhuanaitheachta de.

## An Bhithéagsúlacht

Ní mór cothabháil rialta a dhéanamh ar rianta, stáisiúin, droichid, trealamh comharthaíochta agus trealamh leictreach Iarnród Éireann, atá suite gar do thimpeallachtaí dinimiciúla, bhithéagsúla na línte iarnróid. Chun bainistíocht a dhéanamh ar thionchar le linn oibreacha caipitil agus tionscadail chothabhála, d'fhorbair Iarnród Éireann sraith Treoirlínte Bithéagsúlachta a leanfaidh na baill foirne agus iad ag obair in aice le láithreacha atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de. Leagtar amach sna treoirlínte na nósanna imeachta cuí lena chinntiú go gcaomhnaítear speicis atá faoi chosaint, fálta sceach agus dobharlaigh.

In 2023, thosaigh Iarnród Éireann agus CIÉ ag forbairt straitéis bhithéagsúlachta i leith ghabháltais talún Iarnród Éireann agus CIÉ. Áireofar ar phríomhghnéithe na straitéise mapáil a dhéanamh ar thalamh agus réadmhaoin CIÉ/ Iarnród Éireann, lena n-áirítear an 2,200 km stráicí atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de feadh an ghréasáin iarnróid; sócmhainní bithéagsúlachta a mhapáil ar fud thalamh agus réadmhaoin an Ghrúpa; agus a shainaithint cé na limistéir atá i mbaol ionas gur féidir iad a chosaint agus a athchóiriú.

## Sláinte agus Folláine

Ar feadh 2023, d'fhorbair Rannóg Folláine Iarnród Éireann mol folláine ar líne chun faisnéis, treoir agus tacaíocht folláine a sholáthar d'fhostaithe. Le tacaíocht ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ, seoladh an mol ag tús 2024. Cabhraíonn an t-ardán ar líne sin, Well on Track, le fostaithe foghlaim faoina gcuid sláinte agus folláine agus iad a fheabhsú trí acmhainní agus seimineáir ghréasáin a chur ar fáil dóibh faoi ábhair éagsúla a bhaineann leis an tsláinte. Bailíonn an t-ardán faisnéis ó líonra eagraíochtaí carthanachta, eagraíochtaí neamhbhrabúis, agus gníomhaireachtaí rialtais, a chlúdaíonn gnéithe éagsúla den fholláine, lena n-áirítear gnéithe airgeadais, sóisialta agus comhshaoil, stíl mhaireachtála, éagsúlacht agus cuimsiú. Táthar ag cur leis an líonra eagraíochtaí sin de réir a chéile.

# Príomhtháscairí Feidhmíochta Iarnród Éireann:

## Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

| Daoine a Nascadh | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-aistear paisinéara (milliúin) | 46.1 | 35.8 | 17.4 | 17.9 | 50.2 | 47.9 |


## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Cathracha agus pobail inbhuanaithe

| Inrochtaineacht | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stáisiúin inrochtana (%) | 80 | 79 | 79 | 76 | 76 | 76 |

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhfostaithe | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | 4,559 | 4,339 | 4,176 | 4,085 | 3,897 | 3,782 |
| **Comhionannas inscne** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | 12% | 11% | 11% | 11% | 11% | 10% |
| Mná i róil ardbhainistíochta (%) | 44% | 35% | 29% | 19% | 20% | 18% |
| Comhaltaí boird ar mná iad (%) | 50% | 44% | 43% | 56% | 56% | 50% |



## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil*

### Gníomhaíocht ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa** | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 – Astaíochtaí ón Iompar (tonaí $CO_2$e) | 124,528 | 125,643 | 126,152 | 104,761 | 126,700 | 129,293 |
| Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas arna cheannach (tonaí t$CO_2$e) | 18,942 | 20,293 | 20,578 | 17,609 | 21,583 | 24,238 |
| **Ídiú Fuinnimh**** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Breosla díosail B0 (L) | 43,746,696 | 44,342,630 | 44,919,968 | 36,968,720 | 45,150,850 | 43,830,400 |
| Breosla bithdhíosail 100% FAME (L) | 2,165,569 | – | – | – | – | – |
| Breosla díosail ó stáisiún peitril (L) | 1,513,330 | 1,494,763 | 1,442,759 | 1,442,826 | 1,445,885 | 1,478,286 |
| Breosla díosail B0 (MWh) | 444,860 | 450,920 | 456,791 | 375,935 | 459,139 | 468,288 |
| Breosla bithdhíosail 100% FAME (MWh) | 19,727 | – | – | – | – | – |
| Breosla díosail ó stáisiún peitril (MWh) | 15,272 | 15,095 | 14,580 | 14,577 | 14,617 | 14,962 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh feithiclí a tharraingt (MWh) | 26,103 | 26,034 | 23,453 | 23,235 | 27,695 | 26,222 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh sócmhainní seasta (MWh) | 33,287 | 33,797 | 34,413 | 35,910 | 37,275 | 38,021 |
| Gás nádúrtha (MWh) | 11,052 | 8,822 | 9,673 | 9,448 | 9,213 | 9,470 |
| Fuinneamh in-athnuaite féinghinte | 4.7 | – | – | – | – | – |
| Ídiú fuinnimh iomlán (MWh) | 550,306 | 534,668 | 538,910 | 459,105 | 547,939 | 556,963 |
| **Sciartha an Fhlít** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Ciliméadair – traenacha díosail (% den iomlán) | 86.7 | 85.1 | 86.3 | 85.8 | 86.4 | 87.4 |
| Ciliméadair – traenacha leictreacha (% den iomlán) | 13.6 | 14.9 | 13.7 | 14.2 | 13.6 | 12.6 |
| Carranna a bhfuil inneall hibrideach iontu | 20 | 15 | 6 | 4 | 0 | 0 |
| Busanna atá faoi thiomáint leictreachais amháin (%) (Carráistí DART mar % de líon iomlán na gcarráistí) | 24% | 24% | 24% | 24% | 24% | 24% |


* Tá roinnt figiúirí tugtha cothrom le dáta ó foilsíodh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2022 mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa nuashonraithe. Déantar gach ríomh maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir an Phrótacail maidir le Gáis Ceaptha Teasa agus na luachanna a bhunaigh SEAI.

** D'fhéadfadh sé nach ionann roinnt figiúirí agus na príomhtháscairí feidhmíochta arna bhfoilsiú ag Iarnród Éireann mar gheall ar fhachtóirí tiontaithe éagsúla a úsáidtear i ríomhanna, toisc go ndéantar fachtóirí tiontaithe SEAI a nuashonrú go minic i rith na bliana. Tugtar liosta de na fachtóirí tiontaithe a úsáideadh chun na figiúirí seo a ríomh níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

## Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

| Bainistíocht dramhaíola | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dramhaíl iomlán a gineadh (tonaí) | 2,132 | 2,084 | 1,580 | 1,512 | 2,314 | 2,337 |
| Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonaí) | 1,093 | 1,091 | 769 | 726 | 1,221 | 1,272 |
| Ráta athchúrsála | 51% | 52% | 49% | 48% | 53% | 54% |
| Dramhaíl ghuaiseach (tonaí) | 912 | 707 | 853 | 1,132 | 765 | 909 |
| **Bainistíocht uisce** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Tomhaltas uisce (méadar ciúbach) | 288,721 | 365,603 | 220,461 | – | – | – |

# Bus Éireann




* D'fhéadfadh sé nach ionann an figiúr seo agus na príomhtháscairí feidhmíochta arna bhfoilsiú ag Bus Éireann mar gheall ar fhachtóirí tiontaithe éagsúla a úsáidtear i ríomhanna, toisc go ndéantar fachtóirí tiontaithe SEAI a nuashonrú go minic i rith na bliana. Tugtar liosta de na fachtóirí tiontaithe a úsáideadh chun na figiúirí seo a ríomh níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

## Aistriú chuig flít feithiclí astaíochtaí ísle

I mí Eanáir 2023, le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, sheol Bus Éireann an chéad seirbhís bus lánleictreach in Éirinn agus cuireadh 11 bus ceallra-leictreach urláir amháin ar an mbóthar i mBaile Átha Luain. Bhí gá le huasghrádú fairsing ar an iosta bus ionas go bhféadfaí bonneagar a shuiteáil chun feithiclí a luchtú, lena n-áirítear fostáisiún, luchtairí, stáisiúin luchtaithe agus córas nua bainistithe táillí iosta. I rith na bliana seirbhíse, chlúdaigh an 11 bus leictreach sa tseirbhís baile 530,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí, lenar seachnaíodh níos mó ná 400,000 kg astaíochtaí carbóin ón sceithphíopa i gcomparáid leis na busanna díosail a bhíodh in úsáid roimhe sin.

Chun cabhrú le clár leictriúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair a chur i bhfeidhm sna cathracha réigiúnacha, rinne Bus Éireann obair ullmhúcháin in 2023 chun bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a fheistiú in iosta Luimnigh chun freastal ar bhusanna nua leictreacha. Tá sé beartaithe 34 bus ceallra-leictreach a chur ar an mbóthar i Luimneach in 2024, lena seachnófar thart ar 1,800 tona astaíochtaí carbóin ón sceithphíopa in aghaidh na bliana.

Tá Bus Éireann ag baint triail as teicneolaíocht hidrigine a úsáid san iompar mar rogha eile breosla anuas ar na feithiclí ceallra-leictreacha. Lean sé ar aghaidh ag oibriú trí cinn de bhusanna hidrigine feadh Chonair Chomaitéireachta Thuaisceart Bhaile Átha Cliath i rith 2023. Ba i lár na bliana 2021 a cuireadh na busanna sin ar an mbóthar ar dtús. Tá níos mó ná 156,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí clúdaithe ag na busanna sin ó shin i leith agus iad faoi chumhacht ag teicneolaíocht breosla-chille hidrigine.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, tá tionscadal ar bun chun rátálacha fuinnimh foirgnimh (BER) a dhéanamh ag ocht n-iosta agus roghanna a aithint chun creatlach na bhfoirgneamh a uasghrádú agus an BER a fheabhsú. Is é is aidhm leis an obair sin cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh ag gach ceann de na hiostaí sin. Beidh na suirbhéanna ar fhoirgnimh ina gcabhair maidir le bonn eolais a chur faoi chinntí amach anseo i ndáil le hiarfheistiú foirgneamh, lena n-áirítear cur leis an úsáid a bhaintear as foinsí fuinnimh in-athnuaite.

Rinneadh grianphainéil PV a shuiteáil ar bhonn píolótach ag iosta Bhus Éireann sa Sciobairín go luath in 2023, agus baineadh amach leibhéal neamhspleáchais 72% ó thaobh úsáid fuinnimh de. Tá sé beartaithe an rud céanna a dhéanamh ag sé iosta eile de chuid Bhus Éireann sa tréimhse 2024-2025. Meastar go mbeidh leibhéal neamhspleáchais 43% ar an meán ag na láithreacha sin, agus go seachnófar ídiú thart ar 389,400 kWh leictreachais ón eangach in aghaidh na bliana ar fud na sé n-iosta sin. Tacaíonn ciste inbhuanaitheachta CIÉ le suiteáil na bpainéal gréine sin.

## An Geilleagar Ciorclach

D'fhorbair Bus Éireann Plean um Gheilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Ábhar in 2023, ina leagtar amach spriocanna laghdaithe dramhaíola spriocanna agus athchúrsála, tionscnaimh feabhsaithe comhshaoil agus beartais um sholáthar glas.

Le tacaíocht ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ, chuir Bus Éireann isteach burlóirí chun dramhaíl chairtchláir a athchúrsáil ag roinnt iostaí in 2022 lena chinntiú go ndéanfar scaradh ceart ar ábhar cairtchláir agus go ndéanfar é a athchúrsáil, rud a d'fhág gur tháinig méadú 15.5% ar ráta athchúrsála Bhus Éireann in 2023 i gcomparáid le 2019. Tá sé beartaithe ag Bus Éireann an bonneagar sin a shuiteáil i láithreacha eile in 2024 ós rud é gur éirigh go geal leis an tionscadal píolótach.

Tá iniúchtaí ar éifeachtúlacht uisce déanta agus tá méadair chliste curtha isteach i seacht n-iosta de chuid Bhus Éireann, le tacaíocht ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ. Tá sé ina aidhm ag Bus Éireann an clár iniúchta uisce sin a leathnú chuig go leor láithreacha eile, ag tosú in 2024, chun cur le hinfheictheacht agus cruinneas a chuid sonraí maidir le húsáid uisce. Tá sé ina sprioc aige laghdú 40% a bhaint amach i dtaobh úsáid uisce faoi 2030.

## An Bhithéagsúlacht

I mí Dheireadh Fómhair 2022, thug Bus Éireann tacaíocht don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí. D'fhormhuinigh sé an Plean go foirmiúil agus d'aontaigh sé gníomhartha sonracha a ghlacadh chun cabhrú leis an sprioc a bhaint amach maidir le tírdhreach atá báúil do phailneoirí a bhunú ar fud na hÉireann, agus a sheachaint go gcaillfear gnáthóga nádúrtha dúchasacha. Tacaíonn Bus Éireann le roinnt láithreacha do speicis pailneoirí mar chuid dá phlean foriomlán gníomhaíochta ar son na bithéagsúlachta.

Ghlac Bus Éireann páirt in Business for Biodiversity Ireland in 2023 mar eagraíocht chomhpháirtíochta, chun cuidiú leis an aistriú go geilleagar a thacaíonn leis an gcomhshaol sa tír seo.

## Rannpháirtíocht an Phobail agus Cúrsaí Oidhreachta

I mí Dheireadh Fómhair 2023, rinne Bus Éireann é a cheiliúradh go bhfuil sé 70 bliain ó tógadh an Busáras, stáisiún bus íocónach i gcathair Bhaile Átha Cliath. Tá an foirgneamh sin ar cheann amháin den iliomad foirgneamh cosanta a mbíonn Grúpa CIÉ ag obair iontu.

## Sláinte agus Folláine

In 2023, dhírigh Rannóg Sláinte agus Folláine Bhus Éireann ar straitéis folláine a chur i bhfeidhm do na fostaithe, a bhí bunaithe ar cheithre phríomhcholún: folláine choirp, folláine mheabhrach, folláine airgeadais agus folláine shóisialta. Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm a bhí ailínithe leis na colúin agus na spriocanna sin, lena n-áirítear oiliúint a chur ar 91 fostaí ar fud na ngrád go léir sa gharchabhair i réimse na meabhairshláinte.

## Éagsúlacht agus Comhdheiseanna

Tugadh aitheantas don tiomantas atá ag Bus Éireann d'ionad oibre cuimsitheach a chothú nuair a bhuaigh sé an Gradam Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe ag na Gradaim Thionchair sa Ghnó Inbhuanaithe 2023, as ucht a fheachtais faoin earcaíocht chuimsitheach.

# Príomhtháscairí Feidhmíochta Bhus Éireann:

Déantar astaíochtaí scóip 1,2 agus 3 a ríomh trí úsáid a bhaint as fachtóirí astaíochtaí ó Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe na Ríochta Aontaithe (DEFRA) agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Féach tábla na bhFachtóirí Tiontaithe i dtaobh Astaíochtaí Carbóin le haghaidh na bhfachtóirí tiontaithe a mbaintear leas astu.

## Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

| Daoine a Nascadh | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-aistear paisinéara (milliúin) | 107 | 90 | 58 | 51 | 89 | 84 |
| Líon na mbusanna atá ar an mbóthar | 1,104 | 1,099 | 1,178 | 1,047 | 1,138 | 1,148 |


## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Cathracha agus pobail inbhuanaithe

| Inrochtaineacht | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Busanna agus cóistí seirbhíse atá inrochtana (%) | 100% | 100% | 100% | 90% | 75% | 65% |
| Stáisiúin bus inrochtana a chomhlíonann an caighdeán (%) | 84% | 84% | 70% | | 60% | |
| **Seirbhísí iompair scoile** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Líon na scoláirí a iompraítear faoin Scéim Iompair Scoile in aghaidh an lae scoile | 162,500 | 151,000 | 122,000 | 114,000 | 120,800 | 117,800 |
| Líon na scoláirí a iompraítear in aghaidh an lae scoile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu | 19,900 | 17,500 | 16,000 | 14,500 | 14,300 | 13,400 |

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhfostaithe | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | 2,932 | 2,827 | 2,761 | 2,702 | 2,727 | 2,562 |
| **Comhionannas inscne** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | 11% | 10% | 10% | 10% | 9% | 9% |
| Mná i róil ardbhainistíochta (%) | 34% | 39% | 34% | 33% | 30% | 32% |
| Comhaltaí boird ar mná iad (%) | 29% | 29% | 33% | 17% | 25% | 25% |



## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil*

### Gníomhaíocht ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (tonaí $CO_2$e) | 72,911 | 73,696 | 70,274 | 70,229 | 83,816 | 77,275 |
| Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas arna cheannach (tonaí $CO_2$e) | 1,487 | 1,363 | 1,616 | 1,497 | 1,790 | 1,975 |
| **Éifeachtúlacht Fuinnimh** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Breosla díosail B0 (L) | 7,301,230 | 22,672,770 | 22,036,318 | 22,440,412 | 26,160,568 | 23,726,638 |
| Breosla cumaiscthe díosail B7 (L)*** | 16,230,999 | – | – | – | – | – |
| Breosla díosail ó stáisiún peitril (L) | 4,323,316 | 4,212,624 | 3,956,682 | 3,428,287 | 4,831,374 | 4,764,592 |
| Breosla díosail B0 (MWh) | 74,323 | 230,779 | 224,087 | 228,197 | 266,027 | 241,276 |
| Breosla cumaiscthe díosail B7 (MWh)*** | 163,852 | – | – | – | – | – |
| Breosla díosail ó stáisiún peitril (MWh) | 43,628 | 42,541 | 39,984 | 34,635 | 48,842 | 48,224 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh úsáidí eile (MWh) | 4,047 | 4,017 | 4,543 | 5,029 | 5,389 | 5,236 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh an fhlít feithiclí (MWh) | 616 | – | – | – | – | – |
| Gás nádúrtha (MWh) | 5,496 | 5,084 | 5,683 | 6,041 | 6,100 | 6,189 |
| Ceirisín (MWh) | 694 | 638 | – | 602 | 529 | 519 |
| Fuinneamh in-athnuaite féinghinte (MWh) | 14.5 | – | – | – | – | – |
| Ídiú fuinnimh iomlán (MWh) | 292,671 | 283,059 | 274,297 | 274,504 | 326,887 | 301,444 |
| **Méid an Fhlít (Seachas na Busanna Scoile)** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro VI (%) | 80% | 80% | 63% | 55% | 53% | 43% |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro V nó ceann níos sine (%) | 11.2% | 11.6% | 27.7% | 45% | 47% | 57% |
| Busanna ina bhfuil inneall hibrideach (%) | 7% | 8% | 9% | – | – | – |
| Busanna atá saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa (faoi thiomáint ag leictreachas nó hidrigin amháin) (%) | 1.8% | 0.4% | 0.3% | – | – | – |

* Tá roinnt figiúirí tugtha cothrom le dáta ó foilsíodh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2022 mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa nuashonraithe. Déantar gach ríomh maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir an Phrótacail maidir le Gáis Ceaptha Teasa agus na luachanna a bhunaigh SEAI.


** D'fhéadfadh sé nach ionann roinnt figiúirí agus na príomhtháscairí feidhmíochta arna bhfoilsiú ag Bus Éireann mar gheall ar fhachtóirí tiontaithe éagsúla a úsáidtear i ríomhanna, toisc go ndéantar fachtóirí tiontaithe SEAI a nuashonrú go minic i rith na bliana. Tugtar liosta de na fachtóirí tiontaithe a úsáideadh chun na figiúirí seo a ríomh níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

*** Thuairiscigh Bus Éireann an figiúr i leith breosla díosail B7 mar chumasc atá comhdhéanta de bhreosla díosail B0 agus de bhithdhíosal 100% FAME. Rianaíonn Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann a gcuid breosla díosail mar chainníochtaí ar leithligh de bhreosla díosail B0 agus de bhithdhíosal 100% FAME.

## Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

| Bainistíocht dramhaíola | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dramhaíl iomlán nach bhfuil in-athchúrsáilte a gineadh (tonaí) | 500 | 620 | 623 | 681 | 782 | 745 |
| Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonaí) | 117 | 121 | 94 | 48 | 76 | 45 |
| Ráta athchúrsála | 25.5% | 20% | 15% | 7% | 9.7% | 6% |
| Dramhaíl ghuaiseach (tonaí) | 124 | 583 | 398 | – | – | – |
| **Bainistíocht uisce** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Tomhaltas uisce (méadar ciúbach) | 44,412 | 43,768 | 48,719 | – | – | – |

# Bus Átha Cliath




* D'fhéadfadh sé nach ionann an figiúr seo agus na príomhtháscairí feidhmíochta arna bhfoilsiú ag Bus Átha Cliath mar gheall ar fhachtóirí tiontaithe éagsúla a úsáidtear i ríomhanna, toisc go ndéantar fachtóirí tiontaithe SEAI a nuashonrú go minic i rith na bliana. Tugtar liosta de na fachtóirí tiontaithe a úsáideadh chun na figiúirí seo a ríomh níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

## Aistriú chuig flít feithiclí ísealcharbóin



Chríochnaigh Bus Átha Cliath ag suiteáil an bhonneagair luchtaithe ina iosta i gCnoc an tSamhraidh i mí na Samhna 2023: cuireadh isteach 56 pointe luchtaithe nua lenar féidir busanna a luchtú i dtréimhse idir trí agus cúig huaire an chloig. Chuir Bus Átha Cliath fiche bus ceallra-leictreach nua dhá urlár ar an mbóthar, agus ghlac breis agus 360 tiománaí páirt i gclár fairsing tástála agus oiliúna chun triail a bhaint as na busanna nua. Tá 80 pointe luchtaithe breise coimisiúnaithe d'iosta Bhaile Phib, agus beidh sé d'acmhainn ag Bus Átha Cliath 136 bus leictreach a oibriú faoi dheireadh 2024. Tacóidh an clár feithiclí leictreacha sin leis an dícharbónú ar sheirbhís bus Bhaile Átha Cliath agus cuirfidh sé leis an leibhéal ciúnais agus glaineachta i lár na cathrach.

Faoi 2030, soláthróidh BusConnects Bhaile Átha Cliath 230km de chonairí bus chun seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil atá sábháilte, inrochtana agus éifeachtach, agus laghdófar an brú tráchta, an torann agus an truailliú aeir. Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, cuirfear le líon na bhfeithiclí atá ag Bus Átha Cliath agus aistreofar chuig busanna atá saor ó astaíochtaí faoi 2035 chun freastal ar an mborradh atá faoin éileamh ar sheirbhísí.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh



Le tacaíocht ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ, rinneadh iniúchtaí fuinnimh agus staidéir féidearthachta ar ocht suíomh de chuid Bhus Átha Cliath in 2023. Cuirfidh torthaí na n-iniúchtaí sin bonn eolais faoi threoirthionscadal maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh chun creatlach foirgnimh iosta de chuid Bhus Átha Cliath a uasghrádú, rud a dtosófar air in 2024. Féachfar cé mhéad fuinnimh a spárálfar de bharr an iarfheistithe chun measúnú a dhéanamh ar iostaí eile de chuid Bhus Átha Cliath a uasghrádú.

Tá tionscadal iarfheistithe soilse LED ar bun, le tacaíocht ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ, chun an córas soilsithe atá ann faoi láthair a uasghrádú chuig soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh. Áireofar sa chóras nua rialuithe soilsithe ionas gur féidir na soilse a uathoibriú agus chun fuinneamh a spáráil i limistéir nuair nach mbíonn duine ar bith iontu. In 2023, rinne Bus Átha Cliath suirbhé ar ocht láthair chun sainriachtanais iarfheistithe a aithint, agus cuirfear tús le hiarfheistiú na soilse LED in 2024 nuair a bheidh torthaí an tsuirbhé ar fáil.

Le tacaíocht ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ, d'fheistigh Bus Átha Cliath teicneolaíocht fho-mhéadraithe agus teicneolaíocht monatóireachta fuinnimh i ndeich iosta in 2023, agus tabharfar faoi oibreacha breise in 2024 chun an teicneolaíocht sin a shuiteáil ar na méadair leictreachais, uisce agus gháis. Leis sin, beifear in ann monatóireacht níos cruinne a dhéanamh ar ídiú fuinnimh agus úsáid uisce ar fud na n-iostaí.

## An Geilleagar Ciorclach

D'fhorbair Bus Átha Cliath plean bainistíochta dramhaíola nuashonraithe in 2023 lena chur i bhfeidhm ar fud na n-oibríochtaí go luath in 2024. Le tacaíocht ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ, cuirfear bonneagar um scaradh dramhaíola agus oiliúint foirne i bhfeidhm de réir a chéile i ndeich n-iosta chun cabhrú le rátaí athchúrsála a fheabhsú agus méid na dramhaíola foriomlána a laghdú.

In 2023, suiteáladh córas chun uisce báistí a bhailiú in iosta bus Chnoc an tSamhraidh ionas gur lú an méid uisce a thógfaí ón gcóras poiblí agus chun an brú ar sholáthar uisce Bhaile Átha Cliath a laghdú. Rinneadh monatóireacht ar an méid uisce a spáráladh nuair a bhí sé curtha i bhfeidhm, agus léiríodh san anailís gur tháinig laghdú 8% ar úsáid uisce príomhlíonra i gcomparáid le 2022. D'éirigh go geal leis an gclár píolótach tosaigh, agus tá sé beartaithe córais bailithe uisce báistí a shuiteáil in iostaí na Rinne agus Dhomhnach Broc, ag tosú in 2024.

## An Bhithéagsúlacht

Idir 2022 agus 2023, d'ullmhaigh Bus Átha Cliath gairdíní bithéagsúlachta agus folláine i roinnt láithreacha, le tacaíocht ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ. Feabhsóidh na gairdíní seo an bhithéagsúlacht i gcathair Bhaile Átha Cliath, agus ag an am céanna beidh spásanna amuigh faoin spéir ann d'fhostaithe sa chaoi is go mbeidh siad in ann sult a bhaint as an dúlra le linn sosanna, ag am lóin, nó tar éis an lae oibre. Tá sé beartaithe ag Bus Átha Cliath leanúint ar aghaidh ag suiteáil gairdíní agus tionscnaimh bhithéagsúlachta i láithreacha eile in 2024.

## Rannpháirtíocht sa Phobal

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí iompair phoiblí inbhuanaithe is mó i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus tá ról lárnach aige sna pobail a bhfreastalaíonn sé orthu. Ó bunaíodh an chuideachta in 1987, tá sé tiomanta do dhea-thionchar a imirt ar na pobail ina mbíonn sé ag obair trí na cláir éagsúla a bhíonn ar bun faoi Thionscnamh an Spioraid Pobail. Tá athruithe a ndéanamh ar an tionscnamh sin faoi láthair agus tá Bus Átha Cliath i mbun straitéis nua Gnóthaí Sóisialacha a fhorbairt óna n-eascróidh fís shoiléir a léiríonn a luachanna agus an fhís atá aige don todhchaí, rud a chuirfidh ar a chumas dó tionscnaimh a fhorbairt a mbraithfear a ndea-thionchar ar phobail agus a sheasfaidh an aimsir.

## Comhionannas Inscne agus Comhdheiseanna

Tá Bus Átha Cliath meáite ar dhul i ngleic leis an éagothroime idir na hinscní i measc a fhórsa saothair. In 2016, d'eagraigh sé na chéad laethanta oscailte dá chuid do mhná agus é ina aidhm aige níos mó ban a earcú le bheith ina dtiománaithe bus. In 2023, reáchtáil Bus Átha Cliath dhá lá oscailte eile do mhná chun cur le líon na n-iarratas ó mhná ar ról tiománaí bus. Idir Lúnasa 2019 agus Feabhra 2023, dúblaíodh céatadán na mban i measc na dtiománaithe bus go 6.23%. Beidh na laethanta oscailte sin á reáchtáil arís in 2024 agus beidh Bus Átha Cliath ag díriú ar chur le líon na mban agus na ndaoine ó ghrúpaí mionlaigh i measc na dtiománaithe.

# Príomhtháscairí Feidhmíochta Bhus Átha Cliath:

Déantar astaíochtaí scóip 1,2 agus 3 a ríomh trí úsáid a bhaint as fachtóirí astaíochtaí ó Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe na Ríochta Aontaithe (DEFRA) agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Féach tábla na bhFachtóirí Tiontaithe i dtaobh Astaíochtaí Carbóin le haghaidh na bhfachtóirí tiontaithe a mbaintear leas astu.

## Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

| Daoine a Nascadh | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-aistear paisinéara (milliúin) | 147 | 121 | 70 | 69 | 142 | 143 |
| Líon na mbusanna atá ar an mbóthar | 1,090 | 1,056 | 1,034 | 994 | 1,016 | 1,010 |

## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Cathracha agus pobail inbhuanaithe

| Inrochtaineacht | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stáisiúin/stadanna lán-inrochtana (%) | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% |

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhfostaithe | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | 3,940 | 3,771 | 3,642 | 3,573 | 3,475 | 3,424 |
| **Comhionannas inscne** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | 8% | 8% | 8% | 7% | 7% | 7% |
| Mná i róil ardbhainistíochta (%) | 20% | 21% | 22% | 22% | 22% | 22% |
| Comhaltaí boird ar mná iad (%) | 44% | 38% | 50% | 44% | 44% | 44% |



## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil*

### Gníomhaíocht ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa** | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (tonaí $CO_2e$) | 66,542 | 66,577 | 61,416 | 62,330 | 69,393 | 74,077 |
| Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas arna cheannach (tonaí $CO_2e$) | 1,424 | 1,451 | 1,564 | 1,316 | 1,520 | 1,684 |
| **Éifeachtúlacht Fuinnimh** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Breosla díosail B0 (L) | 24,180,191 | 24,116,025 | 22,148,154 | 22,439,511 | 25,028,838 | 26,759,294 |
| Breosla bithdhíosail 100% FAME (L) | 1,115,620 | – | – | – | – | – |
| Breosla díosail B0 (MWh) | 245,888 | 245,236 | 225,225 | 228,187 | 254,518 | 272,115 |
| Breosla bithdhíosail 100% FAME (MWh) | 10,163 | – | – | – | – | – |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh úsáidí eile (MWh) | 4,402 | 4,324 | 4,401 | 4,423 | 4,576 | 4,463 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh an fhlít feithiclí (MWh) | 63 | – | – | – | – | – |
| Úsáid gáis (MWh) | 7,848 | 9,036 | 9,189 | 10,020 | 10,785 | 11,111 |
| Fuinneamh in-athnuaite féinghinte (MWh) | 42.370 | 46.511 | – | – | – | – |
| Ídiú fuinnimh iomlán (MWh) | 268,406 | 258,643 | 238,815 | 242,630 | 269,879 | 287,689 |
| **Sciartha an Fhlít** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro IV (%) | 11% | 9% | 15% | 14% | 14% | 14% |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro V (%) | 13% | 14% | 7% | 7% | 15% | 15% |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro VI (%) | 50% | 53% | 60% | 57% | 56% | 46% |
| Busanna ina bhfuil inneall hibrideach (%) | 21% | 22% | 15% | 1% | 1% | 0% |
| Busanna atá faoi thiomáint leictreachais amháin (%) | 2% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% |
| Meánaois an fhlít busanna (blianta) | 7.6 | 6.34 | 6.8 | 7 | 7 | 6 |

* Tá roinnt figiúirí tugtha cothrom le dáta ó foilsíodh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2022 mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa nuashonraithe. Déantar gach ríomh maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir an Phrótacail maidir le Gáis Ceaptha Teasa agus na luachanna a bhunaigh SEAI.

** D'fhéadfadh sé nach ionann roinnt figiúirí agus na príomhtháscairí feidhmíochta arna bhfoilsiú ag Bus Átha Cliath mar gheall ar fhachtóirí tiontaithe éagsúla a úsáidtear i ríomhanna. Tugtar liosta de na fachtóirí tiontaithe a úsáideadh chun na figiúirí seo a ríomh níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

## Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

| Bainistíocht dramhaíola | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dramhaíl iomlán a gineadh (tonaí) | 662 | 640 | 733 | 817 | 821 | 912 |
| Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonaí) | 491 | 478 | 463 | 563 | 627 | 658 |
| Ráta athchúrsála | 74% | 73% | 63% | 69% | 64% | 72% |
| Dramhaíl Ghuaiseach | 930 | 1,102 | – | – | – | – |
| **Bainistíocht uisce** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** | **2019** | **2018** |
| Tomhaltas uisce (méadar ciúbach) | 51,640 | 85,567 | 75,185 | 61,221 | 56,754 | – |

## Aguisín A – Fachtóirí Tiontaithe Ghrúpa CIÉ maidir le hAstaíochtaí Carbóin

| Catagóir Astaíochtaí | Foinse na nAstaíochtaí $CO_2e$ | Fachtóir Tiontaithe | Aonad | Foinse |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 | Gás Nádúrtha | 0.000204741 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Gás Nádúrtha' |
| | Ceirisín | 0.000257004 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Ceirisín' |
| | BioLPG | 0 | t$CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'BioLPG' |
| | Cumasc Díosail B7 | 0.000246425 | tonaí $CO_2e$/kWh | Díosal 'Cumasc Díosail B7' |
| | Bithbhreosla (100% FAME) | 0 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Bithdhíosal ME' ó fhoinsí bithmhaise a mheastar a bheith inbhuanaithe |
| | Díosal (iontaise) | 0.000263868 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (iontaise)' |
| | Díosal (cumasc 2023) | 0.000245289 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2023)' |
| | Díosal (cumasc 2022) | 0.000246893 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2022)' |
| | Díosal (cumasc 2021) | 0.000249628 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2021)' |
| | Díosal (cumasc 2020) | 0.000248997 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2020)' |
| | Díosal (cumasc 2019) | 0.000250494 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2019)' |
| | Díosal (cumasc 2018) | 0.000253186 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2018)' |
| | Gás R410A | 2.088 | tonaí $CO_2e$/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'R410A' |
| | Gás HFC32 | 0.675 | tonaí $CO_2e$/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'HFC32' |
| | Gás R134A/HFC134A | 1.10 | tonaí $CO_2e$/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'HFC134A' |
| | Gás R407C | 1.774 | tonaí $CO_2e$/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'R407A' |
| | Gás HCFC22 | 1.760 | tonaí $CO_2e$/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'HCFC-22/R22 = clóraidhéfhluaraimeatán' |
| | Ceirisín (L) go Ceirisín (kWh) | 10.18 | kWh/L | Fachtóir tiontaithe SEAI 'luachanna calracha – ceirisín' |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc B7) | 10.095 | kWh/L | Meastachán CIÉ maidir le luach calrach – cumasc díosail B7 |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (bithdhíosal 100%) | 9.10936 | kWh/L | Luach calrach SEAI 'bithdhíosal íon' |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc stáisiúin peitril 2023) | 10.0914 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 7.323% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc stáisiúin peitril 2022) | 10.0985 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 6.655% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc stáisiúin peitril 2021) | 10.1056 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 5.987% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc stáisiúin peitril 2020) | 10.1028 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 6.250% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc stáisiúin peitril 2019) | 10.1094 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 5.625% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc stáisiúin peitril 2018) | 10.1213 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 4.498% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (breosla iontaise 100%) | 10.169 | kWh/L | Fachtóir tiontaithe SEAI 'luachana calracha (breosla iontaise 100%)' |
| Scóip 2 | Leictreachas ó sholáthraí – Electric Ireland 2021 | 0.000179 | tonaí $CO_2e$/kWh | Nochtadh meascán breosla Electric Ireland – Eanáir 2021 go Nollaig 2021 |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2023 | 0.000318951 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2023' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2022 | 0.00033917 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2022' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2021 | 0.000355612 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2021' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2020 | 0.000297723 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2020' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2019 | 0.000332194 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2019' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2018 | 0.000377286 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2018' |

**"Faoi chuspóirí forbartha CIÉ, tugtar tús áite d'fhás dlúth agus don rochtain ar mhoil soghluaisteachta dhea-cheaptha, rud a chothaíonn na dálaí le haghaidh aistriú córa iompair."**

# Forbairt atá Dírithe ar Iompar Poiblí

Tá Grúpa CIÉ tiomanta don fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí nuair is féidir é, agus é ag baint úsáid as an réadmhaoin líonmhar, lárnach atá i bpunann Ghrúpa CIÉ chun féachaint chuige go ndéanfar an soláthar is fearr is féidir ó thaobh tithíochta, fostaíochta agus spásanna uirbeacha a bheidh gar do sheirbhísí iompair ardchaighdeáin, ardmhinicíochta.

Faoi chuspóirí forbartha CIÉ, tugtar tús áite d'fhás dlúth agus don rochtain ar mhoil soghluaisteachta dhea-cheaptha, rud a chothaíonn na dálaí le haghaidh aistriú córa iompair.

Tá tionscadail ar bun ag Grúpa CIÉ lena n-áirítear Máistirphlean Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath; Máistirphlean Stáisiún Colbert i Luimneach; Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh.

## Máistirphlean Heuston

Is treoirphlean é Máistirphlean Heuston chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar thailte ag Stáisiún Heuston i gcomhair úsáidí éagsúla, mar eiseamláir den fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí.

Tá thart timpeall is 10 heicteár talún a d'fhéadfaí a fhorbairt, agus d'fhéadfadh an stráice talún sin a bheith oiriúnach d'fhorbraíocht ilchineálach os cionn 210,000 méadar cearnach, a mbeadh breis agus 1,000 aonad cónaithe san áireamh léi.

Tá dearaí tosaigh á n-ullmhú maidir le bealaí agus saoráidí breise do choisithe agus do rothaithe, agus do shaoráidí lena bhfeabhsófar cúrsaí inrochtaineachta, lena spreagfar soghluaisteacht inbhuanaithe agus lena dtabharfar spreagadh breise do dhaoine chun leas a bhaint as seirbhísí iompair phoiblí. Ceapadh foireann chomhairleach ildisciplíneach le linn 2023 chun réamhdhearaí a fhorbairt le haghaidh cuíchóiriú/athlonnú a dhéanamh ar úsáidí iompair ó Stáisiún Heuston agus istigh ann.

HEUSTON
MASTERPLAN

## Máistirphlean Stáisiún Colbert, Luimneach

Tá Grúpa CIÉ ag obair leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar thograí chun tailte a athnuachan ag Stáisiún Colbert, ag teacht le Creat Spásúlachta Cheantar Stáisiún Colbert, rud atá beartaithe a bheith ina eiseamláir den fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí agus ina mbeidh suas le 2,800 teach. Táthar ag smaoineamh ar dháileachtaí tosaigh de ghabháltas CIÉ ag Colbert a chur ar fáil go luath chun forbraíochtaí tithíochta a chur chun cinn.

Cuireadh síneadh le slí dhála Stáisiún Colbert chun seirbhísí Bhus Éireann a chomhtháthú go hiomlán léi. Tá 21 cuas bus nua ar an tslí dhála, mar aon le hoifigí ticéad inrochtana nua, aonaid mhiondíola agus leithris, agus rinneadh oibreacha athchóirithe ar na saoráidí atá ann cheana.

## Cé Uí Argáin, Corcaigh

Cuimsíonn Cé Horgan sé acra d'fhorbraíocht ilúsáide atá dírithe ar iompar poiblí, lena n-áirítear ríocht phoiblí nua atá nasctha le Stáisiún an Cheanntaigh. Tá sé beartaithe spás oifige iomlán 29,000 méadar cearnach a bheith ann. Tá Céim 1 tugtha chun críche agus tá Apple agus Regus ina dtionóntaí san fhoirgneamh. Tá imchlúdach seachtrach na n-oifigí curtha i gcrích freisin, faoi Chéim 2. Tá Óstán an Dean ar oscailt ó dheireadh 2020 agus tá sé beartaithe tosú ag tógáil 300 teach cónaithe cois ché i lár 2024.



## Duga Spencer

Tugadh i gcrích an dara céim d'fhorbairt Dhuga Spencer, lenar soláthraíodh c. 40,000 méadar cearnach d'oifigí ina bhfuil Salesforce lonnaithe, óstán 200 seomra (Óstán an Samuel), agus 393 aonad cónaithe.




## Taobhlach Bhostún

Tá an áit a mbíodh Taobhlach Bhostún tráth suite i gceantar na gcuideachtaí teicneolaíochta (Silicon Docks mar a thugtar air) i mBaile Átha Cliath. Tosaíodh ag tógáil scéim príomhoifigí 20,000 méadar cearnach i mí na Bealtaine 2021 agus tá sé beartaithe an obair sin a bheith críochnaithe faoi lár 2024.



## Stáisiún Uí Chonghaile

Tá tús curtha le hoibreacha ar Áirse Bhaile Átha Cliath. Is éard a bheartaítear a thógáil limistéar 59,000 méadar cearnach d'oifigí, óstán 200 leaba, agus 187 aonad cónaithe. De bharr na scéime sin, beidh feabhas mór ar na naisc leis an bpobal áitiúil agus is fearr an rochtain a bheidh ag daoine ar an stáisiún agus ar sheirbhísí iarnróid, i gcomhréir leis na cuspóirí atá ag Grúpa CIÉ i dtaobh forbairt atá dírithe ar iompar poiblí.



## Stáisiún Cheannt, Gaillimh, Céim 1


Tá cead pleanála tugtha i leith forbraíocht ilúsáide atá dírithe ar iompar poiblí ag Cnoc San Aibhistín, lena gcuimseofar forbraíocht mhór mhiondíola agus c. 376 aonad cónaithe ar thailte laisteas de Stáisiún Cheannt. Tá tús curtha anois le hathfhorbairt mhór ar Stáisiún Cheannt féin agus tá sé beartaithe na gnéithe sin d'fhorbairt Chnoc San Aibhistín atá gar don stáisiún a chríochnú ionas gur féidir céim thosaigh den d'fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí a chur i bhfeidhm an tráth céanna.



## Straitéis maidir le Tithíocht do Chách

Is é 'Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn' plean tithíochta an rialtais i leith na tréimhse go dtí 2030. Sa phlean sin, leagtar de chúram ar an nGníomhaireacht Forbartha Talún dlús a chur le soláthar tailte stáit le haghaidh tithíochta, go háirithe tithíocht inacmhainne. Luaitear go sonrach ceithre réadmhaoin atá i nGrúpa CIÉ: Stáisiún Colbert i Luimneach, Oibreacha Inse Chór, an Chloch Leathan agus Garáiste Bhóthar Conyngham

Tá Grúpa CIÉ ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun cabhrú le cuspóirí na straitéise a bhaint amach.



# Comhaltaí an Bhoird

Luaitear thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2023 go dtí an dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais seo.

| | |
|---|---|
| Fiona Ross | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin |
| Frank Allen | (Ar scor an 5 Nollaig 2023) |
| James Doran* | |
| Brian Fitzpatrick | |
| Stephen Hannan* | |
| Dermot Healy* | |
| Miriam Hughes | |
| Steve Murphy | (Ceaptha an 23 Eanáir 2024) |
| Niamh O'Regan | |
| Liam O'Rourke | |
| Gary Owens | |
| Fiona Sweeney | |
| Tommy Wynne* | |

* Comhalta Oibrí

## Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane
Stáisiún Heuston
Baile Átha Cliath 8

Teileafón: + 353 1 703 2008

# Coistí an Bhoird

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| | |
|---|---|
| Liam O'Rourke | Cathaoirleach |
| David Carson | (Ceaptha ina Chomhalta Seachtrach an 5 Aibreán 2023, D'éirigh as an 31 Deireadh Fómhair 2023) |
| Brian Fitzpatrick | |
| Ray Gray | (Ceaptha ina Chomhalta Seachtrach an 2 Samhain 2023) |
| Fiona Ross | (D'éirigh as an 4 Aibreán 2023) |

## Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord Ghrúpa CIÉ

| | |
|---|---|
| Niamh O'Regan | Cathaoirleach |
| Frank Allen | (Ar scor an 5 Nollaig 2023) |
| Brian Fitzpatrick | |
| Miriam Hughes | |
| Steve Murphy | (Ceaptha an 14 Feabhra 2024) |
| Gary Owens | |
| Fiona Sweeney | |

## Coiste Pinsean Ghrúpa CIÉ

| | |
|---|---|
| Fiona Sweeney | Cathaoirleach |
| Stephen Hannan | |
| Dermot Healy | |
| Niamh O'Regan | |
| Liam O'Rourke | |

## Coiste Luacha Saothair Bhord CIÉ

| | |
|---|---|
| Brian Fitzpatrick | Cathaoirleach |
| Niamh O'Regan | |
| Fiona Ross | |

# Grúpaí Comhairleacha

## Grúpa Comhairleach CIÉ um Inbhuanaitheacht

| | |
|---|---|
| Fiona Ross | Cathaoirleach |
| Éamonn Ballance | |
| Caoimhe Donnelly | |
| James Doran | |
| Sharon Flood | Comhalta Seachtrach |
| Steve Murphy | (Ceaptha an 14 Feabhra 2024) |
| Richard Manton | (D'éirigh as an 31 Nollaig 2023, Ceaptha ina Chomhalta Seachtrach an 14 Feabhra 2024) |
| Lorcan O'Connor | |
| Colin Ward | |

## Grúpa Comhairleach CIÉ um Réadmhaoin

| | |
|---|---|
| Brian Fitzpatrick | Cathaoirleach |
| Aidan Cronin | |
| James Doran | |
| Niall Grogan | (Ar scor an 31 Bealtaine 2023) |
| Frank Masterson | (Ceaptha an 1 Meitheamh 2024) |
| Lorcan O'Connor | |
| Tommy Wynne | |

## Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| Lorcan O'Connor | Príomhfheidhmeannach, CIÉ |
| Billy Hann | Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath |
| Stephen Kent | Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann |
| Jim Meade | Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann |

## Iniúchóirí

Mazars,
Bloc 3,
Ionad Fhearchair,
Bóthar Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.

## Aturnae

Colm Costello,
Bridgewater House,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

## Príomhbhaincéir

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

# Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



## Fiona Ross, Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin

Is Cathaoirleach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í Fiona Ross a bhfuil taithí eisceachtúil aici san earnáil phoiblí agus phríobháideach. D'athcheap Rialtas na hÉireann Fiona chun Cathaoirleacht a dhéanamh ar Chóras Iompair Éireann (CIÉ) i mí an Mheithimh 2021, soláthraí iompair phoiblí na hÉireann, ar Bhord FSS, seirbhís sláinte poiblí na hÉireann, agus i mí Lúnasa 2021 ceapadh í chun bheith ina Cathaoirleach ar Bhord Forbartha Náisiúnta na nOspidéal Péidiatraiceach. I mí na Samhna 2023 cheap Aire Airgeadais na hÉireann Fiona chun fónamh ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) agus tá sí anois ina Cathaoirleach ar Choiste Infheistíochta GBCN. Sa Ríocht Aontaithe, ceapadh Fiona ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ag Rialtas na hAlban i mí an Mhárta 2019. Tá dhá cheapachán de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe aici freisin, Network Rail agus Oifig Thuaisceart Éireann. I mí na Bealtaine 2022, ghlac sí ról an Chathaoirligh ag Natural Capital Ireland. Tá údarú Bhanc Ceannais na hÉireann (UCIT agus MIFID) aici agus feidhmíonn sí mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ag JK Funds, Evelyn Partners (áit a bhfuil sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca) agus SphereInvest.

Thosaigh Fiona mar stocbhróicéir i gCathair Londan agus chaith sí 25 bliain ag obair i ngach réimse laistigh de mhargaí caipitil i mBaile Átha Cliath, i Londain, in Oirthear na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe.

In 2010, cheap an tAire Ealaíon Fiona chun Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a rith, áit ar chur sí dhá théarma isteach mar Stiúrthóir/POF go rathúil. Ina dhiaidh sin, lean Fiona ag cur spéis sna hEalaíona agus chuaigh sí i bpáirt le teaghlach Heaney mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar eastát liteartha Heaney.

Is céimí í Fiona de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus na hInstitiúide Ealaíne agus Deartha (IADT), áit ar chríochnaigh sí MSc i Cibearshíceolaíocht i 2017. In 2012, bhronn Ollscoil George Washington sna Stáit Aontaithe comhaltacht Rialachais ar Fiona.



## James Doran

Ceapadh James (Jimmy) Doran ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001.

Rinne Jimmy a phrintíseacht san obair leictreach le CIÉ ó 1980-84 agus ansin, tar éis dó a bheith ag obair ar láithreacha tógála i Londain ar feadh sé bliana, d'fhill sé ar Éirinn in 1991 chun teacht ag obair mar leictreoir le Bus Átha Cliath i nGaráiste Chluain Tarbh. Is ansin atá sé ó shin.

Toghadh Jimmy ina ionadaí ceardchumainn in 1993 agus tá sé ar Choiste Caibidlíochta Bhus Átha Cliath ó shin i leith. Tá sé ina chomhalta de Choiste Feidhmiúcháin Náisiúnta an Cheardchumainn Connect, ina chathaoirleach ar a Choiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Iompar, agus déanann sé ionadaíocht don cheardchumann ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) agus ar Ghrúpa Iompair ICTU.

Tá muintir Jimmy ag obair in earnáil an iompair phoiblí le trí ghlúin anuas agus tá an traidisiún céanna sin acu i leith gníomhaíochas sna ceardchumainn: bhí a sheanathair, Jimmy Doran eile, i measc bhunaitheoirí IES&FTU, réamhtheachtaí an cheardchumainn Connect, in 1920.



## Brian Fitzpatrick

Is cuntasóir agus gairmí airgeadais é Brian a bhfuil an-taithí aige sa réimse sin. Ceapadh ar Bhord CIÉ é i mí Aibreáin 2019 agus athcheapadh é i mí Aibreáin 2021. Faoi láthair tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Luacha Saothair Bhord CIÉ agus ar Ghrúpa Comhairleach CIÉ um Réadmhaoin. Is comhalta é freisin de Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ agus de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ.

Sular thosaigh sé ar Bhord CIÉ bhí Brian ina Stiúrthóir Airgeadais agus ina Rúnaí Cuideachta ar BAM Contractors Ltd, an chuideachta innealtóireachta sibhialta agus tógála is mó sa tír. D'éirigh sé as BAM in 2015 ach bhí sé fós ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin leis an gcuideachta sin go dtí mí na Nollag 2019, nuair a d'éirigh sé as an mBord. Chaith sé an chuid tosaigh dá ghairm san earnáil seirbhísí airgeadais mar Rialaitheoir Airgeadais le First National Building Society, nó First Active Plc mar a thugtar air anois.

Ina theannta sin, bhí Brian ina Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, an comhlacht Stáit atá freagrach as an maoiniú i gcomhair na nÚdarás Áitiúil agus na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a sholáthraíonn tithíocht shóisialta inacmhainne. Bhí sé ina Chathaoirleach buan ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go dtí gur scoir sé de Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta agus Airgeadais in 2021.



## Stephen Hannan

Athcheapadh Stephen Hannan ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i nGaráiste na Rinne. Tá sé in SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Bhí sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina chomhalta den Choiste Rannán, agus ina Ionadaí Iosta i measc eile.



## Dermot Healy

Ceapadh Dermot ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001.

Tá sé ina thiománaí bus le Bus Éireann ag Iosta Bhaile an Róistigh i Luimneach. Thosaigh sé ag obair le CIÉ in 1983 mar fhreastalaí sóisearach proinnchairr agus ansin bhog sé go Rannóg na bPaisinéirí Bóthair an bhliain dár gcionn agus é i róil amhail Cúntóir Oifige agus Stiúrthóir Bus sular thosaigh sé ag obair mar thiománaí ó 1991 i leith.

Tá páirt ghníomhach aige sa cheardchumann ina bhfuil sé, NBRU, ó 1997 nuair a toghadh ar dtús é ar choiste a chraoibhe ceantair. D'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh ar an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta é in 1999. Is comhalta é d'Fhoireann Náisiúnta Caibidlíochta NBRU agus tá taithí fhairsing aige ar shaincheisteanna Caidrimh Thionsclaíoch lena n-áirítear roinnt babhtaí caibidlíochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag éisteachtaí de chuid na Cúirte Oibreachais.



## Miriam Hughes

Ceapadh Miriam ar Bhord CIÉ an 26 Aibreán 2022. Is Stiúrthóir Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí í, is Comhairleoir Gnó Straitéiseach Neamhspleách í agus is Cathaoirleach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í.

Cheap an tAire Ryan Miriam ina Cathaoirleach ar bhord Bhus Éireann i mí Feabhra 2022. Tá sí ina comhalta den bhord sin ó 2019 agus d'fhóin sí mar Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird, mar chomhalta dá Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, dá Choiste Inbhuanaitheachta agus de Choiste Straitéise an Bhoird.

Faoi láthair tá Miriam ina Cathaoirleach ar Bhord Chaighdeáin Fógraíochta na hÉireann, ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Eir agus ar thithe altranais CareChoice, ina Cathaoirleach agus ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Pluto, gníomhaireacht mhargaíochta neamhspleách. Is meantóir í ar Phainéal Fhiontraíocht Éireann.

Bhíodh sí ina Príomhfheidhmeannach ar DDFH&B, ceann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éirinn, bhíodh sí ina Stiúrthóir Margaíochta le Nestlé, ina Ceannaire Cumarsáide le Banc na hÉireann agus bhí róil mhargaíochta eile aici le Smith & Nephew agus le AIB.

Is céimí de chuid UCD í Miriam agus tá céim Baitsiléara Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht aici. Bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Charthanas Barnardo's in Éirinn, ina hUachtarán ar Institiúid Margaíochta na hÉireann, ina Cathaoirleach ar Chumann Fógróirí na hÉireann, ina comhalta de chomhairle Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath, ina comhalta de bhord Fhoras Ospíse na hÉireann agus ina comhalta de chomhairle Institiúid Margaíochta na hÉireann.



## Steve Murphy

Ceapadh Steve Murphy ar bhord Iarnród Éireann an 15 Meitheamh 2023. Ceapadh é mar Chathaoirleach ar an 5ú Eanáir 2024 agus ceapadh é ar Bhord CIÉ ar 23 Eanáir 2024.

Tá Steve ina POF do MTR UK ó 2020, ag déanamh maoirseachta ar sheachadadh iomlán seirbhísí líne Elizabeth, ar an gcomhfhiontar ar Iarnród an Iardheiscirt agus ar ghnólachtaí nuathionscanta bonneagair agus forbartha réadmhaoine araon, atá deartha chun réitigh nua a thabhairt do Thionscal na Ríochta Aontaithe.

Bhí Steve i gceannas roimhe seo ar an gcomhlacht traenach MTR Elizabeth Line (MTREL) a bhuaigh duaiseanna mar Stiúrthóir Bainistíochta, ó bunaíodh é in 2015, ag baint amach stádas earnála den chéad áit do thomhais chomh leathan agus a bhaintear amach maidir le rith ama, caighdeáin sábháilteachta, éagsúlacht san ionad oibre agus seirbhís do chustaiméirí.



## Niamh O'Regan

Athcheapadh Niamh O'Regan ar Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2022 agus tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ. Is Comhchuntasóir Cairte de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann í Niamh, tar éis di oiliúint a fháil le PWC i mBaile Átha Cliath, i Londain agus sa Bhruiséil. Tá taithí ghairmiúil aici ar bhreis agus 30 bliain lena n-áirítear mar Cheann Feidhmíochta Gnó i mBanc Barclays PLC, Londain agus mar Cheann Bainistíochta Gnó i mBanc Barclays Ireland PLC. Tá Niamh ina Stiúrthóir INED/Cuideachta le breis agus 10 mbliana anuas agus cuimsíonn a taithí Seirbhísí Airgeadais, Iompar agus Sláinte. Tá sí faofa faoi láthair i roinnt eintiteas Seirbhísí Airgeadais na hÉireann mar PCF2B (Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách), PCF 4 (Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta) agus PCF 5 (Cathaoirleach an Choiste Riosca). Tá dintiúir ag Niamh le déanaí i mBainistíocht Riosca, Comhlíonadh, ESG agus Dlí Árachais.



## Liam O'Rourke

Athcheapadh Liam O'Rourke ar Bhord CIÉ i mí Mheán Fómhair 2021. Is Comhalta é d'Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn (FCPA) ó 1988. Bhí poist shinsearacha feidhmiúcháin aige le cuideachtaí déantúsaíochta ilnáisiúnta i Stáit Aontaithe Mheiriceá le breis agus 30 bliain anuas, agus tá taithí fhairsing aige i réimsí an Airgeadais, na nAcmhainní Daonna agus TFC. Roimhe seo bhíodh sé ina Stiúrthóir Airgeadais/Rialaitheoir ar Champion Spark Plug Company agus d'oibrigh sé i róil shinsearacha Airgeadais agus Rialachais laistigh den earnáil neamhbhrabúis. Faoi láthair tá comhairleacht phríobháideach ar leibhéal sinsearach á cur ar fáil aici i riachtanais Airgeadais agus Rialachais.



## Gary Owens

Ceapadh Gary Owens ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022. Tá sé ina Chathaoirleach freisin ar Choiste Straitéise agus Inbhuanaitheachta Bhord Bhus Átha Cliath.

Tá taithí fhairsing aige ar sheirbhísí airgeadais ar leibhéal an Bhoird agus an Fheidhmeannais Shinsearaigh agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Hibernian Insurance agus IFG Ireland. D'fhóin sé freisin mar Stiúrthóir Neamhspleách ar AIG Ireland agus AIG International, áit a raibh sé ina chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Infheistíochta. Tá Gary ina Stiúrthóir ar Leaseplan Insurances áit a raibh sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Riosca. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Diona DAC agus ICare Capital Partners.

Tá roinnt ról comhlíonta aige i réimse an spóirt: bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ar Chumann Peile na hÉireann agus ar Lúthchleasaíocht Éireann araon agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Down Syndrome Ireland.

Is Árachóir Cairte é Gary agus tá sé ina chomhalta den Institiúid Árachais Cairte.



## Fiona Sweeney

Is gairmí i réimse na hinfheistíochta í Fiona a bhfuil taithí 30 bliain aici sa tionscal bainistíochta sócmhainní. Bhí róil feidhmiúcháin agus boird aici i ngnóthais infheistíochta ceannródaíocha Éireannacha le 20 bliain anuas. Faoi láthair tá sí ina Príomhfheidhmeannach ar Evelyn Partners Investment Management (An Eoraip). Sna róil sin, bhí sí freagrach as straitéisí gnó éifeachtacha a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur chun feidhme. Tá an-eolas aici ar mhargaí pinsin agus infheistíochta, agus tá taithí mhór aici i réimsí an rialachais chorparáidigh agus na comhlíontachta. Tá Fochéim agus Céim Mháistir san Eacnamaíocht ag Fiona ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá Dioplóma i Stiúradh Cuideachta bronnta ag Institiúid na Stiúrthóirí uirthi.



## Tommy Wynne

Athcheapadh Tommy Wynne ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh sé le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus d'fhóin sé i róil éagsúla sular thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994.

Tá Ard-Dioplóma sa Bhainistíocht Idirnáisiúnta Iarnróid ag Tommy ón Glasgow Caledonia University. Cháiligh sé mar Idirghabhálaí le déanaí agus tá sé cláraithe le hInstitiúid Idirghabhálaithe na hÉireann (MII).

Bhí sé ina Uachtarán ar Rannóg TEAC in SIPTU ar feadh 12 bhliain agus faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Earnáil Iompair SIPTU. Toghadh é ar Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta SIPTU le déanaí.

# Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

## An Bord

Suas le dáréag Comhaltaí atá ar an mBord agus is é an Rialtas a cheapann iad. Tá ceathrar Oibrithe ina gComhaltaí Boird, arna gceapadh ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana, i ndiaidh toghchán i measc bhaill foirne Ghrúpa CIÉ.

Buaileann comhaltaí an Bhoird le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad agus ag amanna eile de réir mar is gá. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó cinneadh a dhéanamh ina dtaobh, lena n-áirítear formheas a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, an buiséad, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí móra, infheistíochtaí, ceapadh Príomhfheidhmeannaigh agus mórbheartais Ghrúpa CIÉ. Tá próiseas cuimsitheach ag Grúpa CIÉ chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn tráthrialta. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid agus na réamhaisnéise ar bhonn tréimhsiúil.

Bíonn fáil ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí an Ghrúpa.

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí aon Chomhalta déag ag an mBord a raibh folúntas amháin acu. As an aon cheann déag, ba mhná iad 36% agus ba fhir iad 64%. Líonadh an folúntas i mí Eanáir 2024 agus bhí comhdhéanamh de 33% de na Comhaltaí baineanna agus 67% de na Comhaltaí fireanna mar thoradh air.Mar sin ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne ar na Boird Stáit. Is faoin Rialtas atá sé Comhaltaí Boird CIÉ a cheapadh. Bíonn breithniú ar chothromaíocht inscne i measc ábhar eile san áireamh ag CIÉ ina chuid tuairimí a bhaineann le ceapacháin chuig an mBord.

Gan na Comhaltaí Oibrí a áireamh, ba é 57% baineann agus 43% fireann an comhdhéanamh an 31 Nollaig 2023 ach ó líonadh an folúntas is ionann an comhdhéanamh agus 50% baineann agus 50% fireann.

## Coistí Boird agus Grúpaí Comhairleacha

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iad seo atá ann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (féach thíos), Coiste Luacha Saothair, Coiste Airgeadais agus Infheistíochta agus Coiste Pinsean. Ina theannta sin, tá Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin agus Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht ag an mBord.

### An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) freagrach as bainistíocht laethúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Eintitis mar a tharmligeann an Bord dó. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta á rialú ag struchtúr eagraíochta atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí lena n-áirítear Airgeadas, Iniúchóireacht nmheánach, Rúnaíocht Chuideachta, Réadmhaoin, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht na Faisnéise, Pinsin, Imscrúduithe agus Éilimh, Inbhuanaitheacht agus Dlí. Ina theannta sin, tá an tEintiteas freagrach as comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ó thaobh tuairiscithe agus rialachais i ndáil le Grúpa Cuideachtaí CIÉ.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CIR agus is beirt Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair, agus Comhalta seachtach. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2023.

Áirítear leis na príomhdhualgais atá ar CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh Ghrúpa CIÉ leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste faireachán ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag Grúpa CIÉ.

Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, Mazars, in 2020 tar éis próiseas tairisceana. Mhol CIR don Bhord gur cheart Mazars a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023. Níorbh ann do cheanglais chonartha ar bith lenar cuireadh srian ar CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúchóireachta a sholáthraíonn Mazars, tar éis a cheaptha chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamhiniúchóireachta dar luach €183k ar fáil don Ghrúpa in 2023. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann CIR go bhfágann cineál ná fairsinge na hoibre breise ar tugadh fúithi go gcuirtear isteach ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí.

Tá rochtain iomlán gan bhac ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar CIR. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe de chuid CIR agus buaileann siad leis an gCoiste ar bhonn bliantúil gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair chun féachaint chuige gur féidir leis na hiniúchóirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí Ghrúpa CIÉ trí bhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca de chuid fhochuideachtaí oibríocha Ghrúpa CIÉ agus trí theacht go chéile go tráthrialta le lucht ardbhainistíochta CIÉ. Coinníonn Cathaoirleach an ARC teagmháil rialta le Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta agus Riosca fhochuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ.

Chomh maith leis sin, déanann CIR formheas ar chláir oibre na hiniúchóireachta inmheánaí do Ghrúpa CIÉ, buaileann sé go tráthrialta le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois. Déanann CIR athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha agus déanann sé moltaí maidir leis na gníomhaíochtaí rialaithe de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta (CAI)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CAI agus is seisear Comhaltaí Boird atá air faoi láthair. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2023.

Déanann CAI faireachán ar infheistíocht straitéiseach fhéin-chistithe agus ar inbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ.

## An Coiste Pinsean

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Pinsean agus is cúigear Comhaltaí Boird atá air faoi láthair. Tháinig an Coiste le chéile sé n-uaire in 2023.

Baineann príomhdhualgais an Choiste Pinsean le maoirseacht ar leibhéil chistiúcháin, bainistíocht dliteanais agus straitéis infheistíochta na scéimeanna pinsean agus le rialachas agus comhlíonadh i dtaobh pinsean.

## An Coiste Luacha Saothair

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Luacha Saothair agus is triúr Comhaltaí Boird atá air faoi láthair. Tháinig an coiste le chéile faoi dhó in 2023.

Baineann príomhdhualgais an Choiste Luacha Saothair le cur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir le luach saothair Comhaltaí Boird, Phríomhfheidhmeannach CIÉ agus daoine a thuairiscíonn go díreach chuig Príomhfheidhmeannach CIÉ, agus pleanáil comharbais san Eintiteas.

## An Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an nGrúpa Comhairleach um Réadmhaoin agus is triúr Comhaltaí Boird atá air faoi láthair, mar aon le cúigear comhaltaí de chuid an Choiste Feidhmiúcháin.

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2023.

Déanann an Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin athbhreithniú ar an straitéis maidir le fáil, diúscairt agus forbairt phunann réadmhaoine Ghrúpa CIÉ.

## An Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an nGrúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht agus is triúr Comhaltaí Boird atá air faoi láthair, mar aon le ceathrar comhaltaí de chuid an Choiste Feidhmiúcháin agus comhalta seachtrach amháin. Tháinig an Grúpa le chéile ceithre huaire in 2023.

Déanann an Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht athbhreithniú ar chur chun feidhme straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus ar na hacmhainní atá ar fáil i leith na straitéise sin. Déanann sé athbhreithniú freisin ar chomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha lena n-áirítear tuairisciú iomchuí a bhaineann leis an aeráid.

# Tuarascáil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá áthas orm tuarascáil an Choiste a chur i láthair, ina dtugtar léargas ar na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn 2023 agus ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí don bhliain 2024.

Tá an Coiste seo á rialú ag Téarmaí Tagartha cuimsitheacha scríofa, a bhfuil cóip díobh ar fáil ar shuíomh gréasáin CIÉ.

Ó thaobh maoirseachta de, braitheann an Coiste ar an obair a dhéanann Coistí Iniúchóireachta agus Riosca na bhfochuideachtaí agus díríonn sé ar fheidhmiú an Chreata Bainistíochta Riosca ar fud an Ghrúpa agus ar na hábhair sin a mbeadh tionchar ábhartha acu ar Ghrúpa CIÉ.

Coinním teagmháil rialta le Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta agus Riosca na bhfochuideachtaí oibriúcháin i rith na bliana. Bhuaileamar go léir le chéile faoi dhó in 2023 agus fuair an Coiste tuarascáil bhliantúil ó Chathaoirligh gach ceann de Choistí Iniúchóireachta agus Riosca na bhfochuideachtaí oibriúcháin ag a chruinniú an 25 Deireadh Fómhair 2023.

Is Comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin Boird nó Comhaltaí seachtracha iad comhaltaí uile an Choiste, agus tá taithí airgeadais le déanaí agus ábhartha ag an gCathaoirleach.

## Príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn 2023

Leanann an Coiste de phríomhról a bheith aige i dtaobh an rialachais agus déanann sé athbhreithniú thar ceann an Bhoird ar ábhair thábhachtacha a bhaineann le tuairisciú airgeadais, dearbhú rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus comhlíonadh dlíthe agus rialachán. Lean sé ar aghaidh ag díriú ar na hábhair sin in 2023. Bhí obair an Choiste dírithe freisin ar na rioscaí atá roimh an ngnó, ionas go bhféadfadh sé teacht ar thuiscint níos fearr ar chineál na rioscaí sin agus dearbhú a thabhairt don Bhord maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha gaolmhara.

I measc na ngníomhaíochtaí in 2023 bhí:

- Pleananna comharbais a fhorbairt lena n-áirítear baill seachtracha ARC a bhfuil taithí ábhartha acu a ionduchtú agus teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Iompair maidir le riachtanais scileanna le haghaidh ceapacháin ball Boird amach anseo.
- Ag obair le hIniúchóireacht Inmheánach ar a straitéis fhadtéarmach. Ina theannta sin, díríodh go háirithe i rith na bliana ar mholtaí iniúchta inmheánaigh a oscailt agus a bheith thar téarma ar fud an Ghrúpa.
- Líon cur i láthair ar chreataí tuairiscithe inbhuanaitheachta lena n-áirítear anailís ar chásanna aeráide, Tacsanomaíocht AE, etc. Leanfaidh sé seo de bheith ina thosaíocht do 2024 mar ullmhúchán do chomhlíonadh na Treorach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí.
- Eolas ar bhagairtí cibearshlándála le fócas ar an earnáil iompair agus conas a bhainistíonn an Grúpa na rioscaí sin.

## Rinneadh Breithiúnais Chuntasaíochta ar Nithe Tábhachtacha, Aithníodh Príomhbhoinn Tuisceana agus Rinneadh Meastacháin i gComhair Ráitis Airgeadais 2023

D'athbhreithnigh an Coiste na príomhbhoinn tuisceana agus na meastacháin is bonn leis na mór-réimsí breithiúnais seo a leanas mar a leagtar amach sna Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais seo:

- Gnóthas Leantach;
- boinn tuisceana pinsin i dtaobh FRS102 agus dliteanas pinsin;
- Soláthairtí i dtaobh éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóra;
- Sócmhainní seasta inláimhsithe agus deontais chaipitil.

## Éifeachtacht an Choiste

Sonraítear i dTéarmaí Tagartha an Choiste go gcoimeádfaidh sé a fheidhmíocht féin faoi athbhreithniú leanúnach. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar fheidhmíocht an Choiste agus Coistí eile ar fud an Ghrúpa i bhfómhar na bliana 2023. Rinne an Coiste athbhreithniú ar na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú seachtrach agus is orthu sin atá tosaíochtaí an Choiste i gcomhair 2024 bunaithe.

## Tosaíochtaí i gcomhair 2024

Tá na tosaíochtaí seo a leanas leagtha síos ag an gCoiste dó féin le tabhairt fúthu in 2024:

- Aghaidh a thabhairt ar gach mír atá ina Chlár Oibre Rollach agus Téarmaí Tagartha;
- Comhoibriú níos dlúithe le Coistí Iniúchóireachta agus Riosca fhochuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ;
- Cur chuige a chomhaontú maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta faoi Thacsanomaíocht an AE agus faoin Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí;
- Plé níos mionsonraithe ar ábhair a mbaineann an-tábhacht leo don Ghrúpa agus a ndúshlán a chur, agus go dtabharfaidh an t-iniúchóir seachtrach nó speisialtóirí cuir i láthair/nuashonruithe ar cheisteanna tráthúla roghnaithe.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí eile an Choiste as a gcuid oibre agus a dtacaíocht i rith na bliana agus as an léargas a chuir siad ar fáil dom.



**Liam O'Rourke**
*Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca*

# Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta

D'ullmhaigh gach ceann d'fhochuideachtaí Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá formheasta ag a mbord féin. Ina theannta sin, tá Ráiteas faoin Rialú Inmheánach ullmhaithe ag Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ, CIÉ Tours san áireamh (an tEintiteas). Baineann an ráiteas seo a leanas go sonrach leis an Eintiteas agus tá sé formheasta ag Bord CIÉ.

Aithníonn an tEintiteas an fhreagracht atá air as a áirithiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) agus Bord CIÉ athbhreithniú ar an ráiteas seo lena áirithiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne na hiniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas seo freisin lena áirithiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais, i bhfeidhm san Eintiteas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas.

## An Acmhainneacht i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Eintiteas. I gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste, déantar foráil maidir le suas le ceathrar Comhaltaí Boird a cheapadh chuig an gCoiste, a nglacfaidh duine acu ról Chathaoirleach an Choiste. Sa chás nach mbeidh comhdhéanamh Bhord CIÉ i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach thuas, féadfaidh an Bord Cathaoirleach Coiste agus comhaltaí coiste nach Comhaltaí de Bhord CIÉ iad a cheapadh.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Eintiteas freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú le CIR.

Tá an bhainistíocht riosca laistigh de Ghrúpa CIÉ bunaithe ar Bheartas Riosca Ghrúpa CIÉ lena dtacaítear le sainorduithe gach ceann de chuideachtaí CIÉ i dtaobh a bheith ag feidhmiú ina n-aonair, ar bhonn neamhspleách, agus a bheith ag feidhmiú le chéile de réir mar is gá i ndáil le saincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu go léir.

Cuirtear san áireamh le Beartas Riosca Ghrúpa CIÉ ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus ceanglais na hEagraíochta um Chaighdeáin Idirnáisiúnta mar a leagtar síos in (ISO) 31000, Bainistíocht Riosca – Prionsabail agus Treoirlínte, agus breithnítear ina thaobh na treoirlínte dea-chleachtais a leagtar amach sa Treoir um Bainistíocht Riosca do Ranna agus Oifigí Rialtais (Feabhra 2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Déantar an fhreagracht as bainistíocht riosca laistigh de chuideachta Ghrúpa CIÉ a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Airgeadais nó chuig bainisteoir oiriúnach eile laistigh de gach cuideachta atá i gcuideachta Grúpa CIÉ. Tá a Creat Bainistíochta Riosca féin ag gach ceann de chuideachtaí Ghrúpa CIÉ, atá curtha in oiriúint do shainchuspóirí straitéiseacha na cuideachta agus atá formheasta ag bord na cuideachta.

# An Creat Bainistíochta Riosca

Is é an aidhm fhoriomlán atá le Creat Bainistíochta Riosca gach cuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ ná an próiseas chun riosca a bhainistiú a chomhtháthú i bpróisis bhainistíochta na cuideachta (rialachas, straitéis agus pleanáil iomlán, bainistíocht, tuairisciú, beartais, luachanna agus cultúr).

Is é an cuspóir atá leis a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-aithnítear agus go mbainistítear gach riosca intuartha a d'fhéadfadh cur isteach ar chuspóirí na cuideachta, agus go ndéantar na rioscaí a thuairisciú do Bhord na cuideachta áirithe sin agus go gcoinnítear Bord CIÉ ar an eolas go cuí faoi na Príomhrioscaí atá i gceist i gcás Ghrúpa CIÉ.

Déantar dearbhú riosca trí mheán na trí líne chosanta. Is é an phríomhdhifríocht atá idir na trí líne chosanta ná a leibhéil neamhspleáchais ar ghníomhaíochtaí oibríochta gach cuideachta agus ar an gcuideachta féin.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne chosanta, déantar idirdhealú idir acmhainní riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne chosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne chosanta); agus
- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne chosanta).

Tá Úinéireacht Riosca ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach ar deireadh thiar, ina gcáil mar úinéirí rioscaí, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair ina gcuid rannóga.

Nuair a aithnítear rioscaí nua, sanntar iad d'úinéir riosca, is é sin ceann na rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Bhainisteoir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl. Dearadh na bogearraí sin lena chinntiú go nglacann Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. De réir ISO 31000, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Déanann an tÚinéir Riosca atá freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as Táblaí Critéar Riosca a forbraíodh ionas go luafar an Grádú Riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh d'Fhonn Riosca an Eintitis, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

## Príomhrioscaí

Laistigh den phróiseas bainistíochta riosca is féidir leis na hÚinéirí Riosca ábhartha a chinneadh an gá díriú ar rioscaí aonair agus iad a chur ar a súile do lucht bainistíochta ar leibhéal níos airde. Chun é sin a bhaint amach, is féidir leo catagóir Príomhriosca a shannadh do roinnt rioscaí ionas go n-aithneofar iad ar fud Ghrúpa CIÉ mar phríomhriosca don chuideachta. Má tá an rátáil riosca iarmharach, is é sin rátáil an riosca i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí maolaithe atá i bhfeidhm cheana féin, os cionn leibhéal sonrach meastar sa ghnáthchúrsa gur Príomhriosca é agus is mar sin a thuairiscítear é. Má tá an rátáil faoi bhun an leibhéil a shonraítear, féadfaidh Úinéir an Riosca é a chur i gcatagóir na bPríomhrioscaí freisin má mheasann sé nó sí gur gá sin chun aird a dhíriú ar an riosca.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Bíonn gach riosca nua a aithnítear agus Príomhrioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe piaraí a dhéanann lucht feidhmiúcháin na cuideachta cuí de chuid CIÉ ag a gcruinnithe míosúla.

Clúdaítear na nithe seo a leanas sna tuarascálacha tréimhsiúla:

- Príomhrioscaí;
- Athruithe ar Phríomhrioscaí;
- Rioscaí Nua-aitheanta;
- Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn;
- Forbhreathnú ar Iomlán Rioscaí an Eintitis; agus
- Rioscaí a sháraíonn an fonn riosca agus bearta maolaithe.

Ina dhiaidh sin cuirtear tuarascáil faoi Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta – más infheidhme – faoi bhráid CIR i gcomhréir leis an bPlean Riosca bliantúil, agus bíonn Tuairiscí faoi Mhionsonraí na Rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear tuarascáil faoi Phríomhrioscaí Ardleibhéil uile an Ghrúpa, lena n-áirítear gnáthrioscaí agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn, faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ ionas go ndéanfaidh an Bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs Ghrúpa CIÉ ar fad. Sonraítear sa tuarascáil sin an stádas i leith Fonn Riosca agus an fheidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta, agus cuirtear faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta agus Riosca CIÉ agus Bhord CIÉ í gach ráithe, agus Tuairiscí faoi Mhionsonraí na rioscaí ag gabháil léi.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh sa chóras rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus do Bhord CIÉ, nuair is cuí.

Deimhníonn an tEintiteas go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.
- Rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sanntá; agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Chomh maith leis na Príomhrioscaí agus na Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn, déantar na rioscaí ar fad atá os comhair an Ghrúpa a athbhreithniú agus a chatagóiriú laistigh de chomhstruchtúr rioscaí agus comhroinntear an fhaisnéis chun cuidiú leis an mbainistíocht riosca ar fud Ghrúpa CIÉ. Úsáidtear tagarmharc seachtrach domhanda, ar ceann neamhspleách é, chun na rioscaí a ghrúpáil ina gcatagóirí. Déantar iadsan a shórtáil ansin in ord tosaíochta.
Ba iad na trí riosca arbh airde tosaíochta in 2023 ná Cibeartheagmhais, Cur isteach ar Ghnó agus Forbairtí Maicreacnamaíoch. Comhroinntear na rioscaí sin ar fud Ghrúpa CIÉ ansin chun féachaint chuige gur de réir an dea-chleachtais a dhéanfar iad a ghrádú agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

## Príomhrioscaí

| Catagóirí Príomhriosca | | |
|---|---|---|
| **Catagóir** | **Riosca** | **Bearta Maolaithe** |
| **Inbhuanaitheacht** | An riosca go mbeidh gá níos mó le hacmhainní agus le bonneagar chun freastal ar riachtanais atá ag dul i méid i dtaobh aeráide agus tuairisciú agus nochtadh ar an inbhuanaitheacht | • Tá oiliúint curtha ag an bhfoireann Inbhuanaitheachta ar Chuideachtaí Ghrúpa CIÉ maidir leis na ceanglais a chuirfear i bhfeidhm i leith Thacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh<br>• Cur i bhfeidhm clár bogearraí bainistíochta sonraí inbhuanaitheachta ar fud Ghrúpa CIÉ<br>• Tacaíocht ó shaineolaithe i leith tuairisciú sonraí, príomhtháscairí feidhmíochta agus bainistíocht láraithe an tuairiscithe |
| | Athrú a bheith ag teacht ar riachtanais bhonneagair chun teicneolaíocht flít nua a chur i bhfeidhm | • Measúnachtaí riosca ar thionscadail<br>• Measúnú ar riachtanais oiliúna<br>• Tá acmhainní breise curtha i bhfeidhm agus tá maoiniú sannta dóibh |
| | Creimeadh cósta gar do na bealaí atá ann cheana féin | • Faireachán leanúnach ar riocht an bhonneagair ar fad<br>• Obair chothabhála choisctheach agus cheartaitheach déanta<br>• Maoiniú sonrach faighte le haghaidh obair thionscadail |
| **Cibearshlándáil agus Teicneolaíocht** | Riosca i dtaobh haiceála, bogearraí mailíseacha nó fioscaireachta | • Beartais agus straitéisí slándála TF i bhfeidhm<br>• Bíonn na cibearbheartais faoi réir iniúchtaí rialta a dhéanann tríú páirtí chun féachaint chuige go bhfuil siad stuama<br>• Reáchtálann an Grúpa cruinnithe míosúla TF agus teileachumarsáide chun rioscaí agus Comhaontuithe Seirbhíse a athbhreithniú<br>• Criptiú gléasanna soghluaiste<br>• Oiliúint agus feasacht rialta ar chúrsaí cibearshlándála atá curtha in oiriúint do róil agus freagrachtaí sonracha<br>• Déantar cleachtaí athshlánaithe mar fhreagairt ar chibeartheagmhais<br>• A chinntiú go bhfuil gach socrú cuí slándála i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí tacaíochta agus cothabhála<br>• Árachas agus tacaíocht theicniúil i bhfeidhm i gcás teagmhais |

| Catagóirí Príomhriosca | | |
|---|---|---|
| **Catagóir** | **Riosca** | **Bearta Maolaithe** |
| | An riosca nach mbeidh acmhainní leordhóthanacha cibearshlándála ann | • Teagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha lena chinntiú go bhfuil feasacht ar na hacmhainní is gá chun cibearshlándáil leordhóthanach a bheith i bhfeidhm |
| | Maoiniú chun teicneolaíocht chúloifige a athsholáthar | • Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí chun aird a dhíriú ar an maoiniú atá de dhíth chun córais a uasghrádú |
| **Airgeadas** | Maoiniú neamhleor chun gnó a choinneáil ar bun agus a fhorbairt | • Rannpháirtíocht geallsealbhóirí lena chinntiú go bhfuil soiléireacht ann maidir leis an maoiniú riachtanach<br>• Monatóireacht ar Chonarthaí Ollchostais le haghaidh gníomhaíochtaí OSP<br>• Pleanáil airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála chun faireachán a dhéanamh ar thuairisceáin<br>• Seomra cinn leachtachta chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh<br>• Rialuithe airgeadais inmheánacha |
| | Bagairt ar chobhsaíocht airgeadais Ghrúpa CIÉ ón dliteanas pinsin le sochar sainithe | • Moltaí na Cúirte Oibreachais a chur i bhfeidhm i leith Scéim Aoisliúntais 1951.<br>• Pleanáil straitéiseach fhadtéarmach chun an riosca bunúsach i soláthar pinsin sochair shainithe a bhainistiú<br>• Teagmháil le hionadaithe fostaithe agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun pleananna a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar riosca |
| | Feidhmíochtaí tráchtála a chur i gcrích | • Monatóireacht leanúnach ar fheidhmíochtaí tráchtála<br>• Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus lucht maoinithe lena chinntiú go mbeidh lántuiscint acu ar na tionchair fhéideartha agus ar na bearta maolaithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm<br>• Athbhreithnithe ar bhealaí, lena n-áirítear taithí na gcustaiméirí, ioncam agus costas<br>• Pleananna teagmhasacha láidre a fhorbairt chun imeachtaí ardtionchair agus dóchúlachta ísle |
| **Sábháilteacht agus Sláinte** | Imbhualadh/teagmhas ardluais | • Tá córais bainistíochta sábháilteachta agus nósanna imeachta i dtaobh oibríocht shábháilte i bhfeidhm<br>• Cuirtear oiliúint ar thiománaithe agus soláthraítear oiliúint leanúnach inniúlachta de réir na rialachán<br>• Tá beartais tástála le haghaidh drugaí agus alcóil i bhfeidhm<br>• Tá córais á gcur i bhfeidhm ar fud na tíre chun luas a laghdú agus maolú a dhéanamh ar an mbaol ag crosairí comhréidhe<br>• Iniúchtaí teicniúla rialta ar chrosairí comhréidhe<br>• Déantar athbhreithniú agus anailís ar mhórtheagmhais chun ceachtanna a fhoghlaim uathu agus na ceachtanna sin a chur i bhfeidhm |
| | Iompraíocht fhrithshóisialta | • Tá straitéis slándála forbartha<br>• Soláthraíodh acmhainní breise slándála ar bhealaí sonracha |
| **Daoine** | Dúshlán maidir le baill foirne a choinneáil agus baill foirne nua a earcú | • Anailís ar bhearnaí chun acmhainní a bheidh ag teastáil amach anseo a aithint<br>• Pleanáil comharbais<br>• Feachtais earcaíochta agus laethanta oscailte a reáchtáil<br>• Freastal ar aontaí earcaíochta |
| **Comhlíonadh** | An baol go ngearrfaí fíneálacha/pionóis mar gheall ar neamhchomhlíonadh na rialachán agus na dtreoracha | • Oiliúint agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm chun féachaint chuige go gcomhlíonfar na ceanglais go léir<br>• Grúpaí oibre idirchuideachta a bhunú chun rialuithe agus próisis a athbhreithniú agus sonraí fúthu a roinnt |

## Soláthar

Deimhníonn an tEintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige lena áirithiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha i dtaobh soláthair.

Rinneadh seacht n-ordú ceannaigh neamhchomhlíontacha dar luach os cionn €25k a phróiseáil in 2023.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Ceanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfar athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht Chreat Bainistíochta Rioscaí gach Comhlachta Stáit. Fostaíodh Mazars chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca an Eintitis i mí Mheán Fómhair 2020 agus beidh an chéad athbhreithniú eile le críochnú in 2024.

Fuarthas go raibh an Cód á chomhlíonadh ag an Eintiteas.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhú ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. An faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann an tEintiteas ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bunaítear iad ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus na hiniúchóirí seachtracha, an obair a dhéanann CIR, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta san Eintiteas atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhníonn an tEintiteas go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an Chreata Bainistíochta Rioscaí in 2023 de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach, i dtaobh caillteanais ábhartha ná i dtaobh calaoisí i leith na bliana 2023 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais. Cé nár aithníodh sa bhliain reatha aon laigí sna rialuithe inmheánacha a léiríonn tionchar ábhartha ar na ráitis airgeadais i leith na bliana 2023 ná blianta ina diaidh sin, tá an Bord agus an lucht bainistíochta fós san airdeall ar laigí rialaithe agus fáiltíonn siad roimh aiseolas trí iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach agus réimsí eile faireacháin agus athbhreithnithe leanúnaigh, i ndáil le moltaí faoi conas córas rialaithe inmheánaigh an Eintitis a fheabhsú. Fiosraíonn an tEintiteas gach tuairisc den sórt sin agus cuireann sé bearta i bhfeidhm go pras ar bhonn na moltaí.

## Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Is é an tAire Iompair a chinneann luach saothair na gComhaltaí Boird i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair freisin le Comhaltaí Boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001, de réir a gconarthaí fostaíochta.

## Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2023.

| Comhalta Boird | Nóta | Bord CIÉ | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta | An Coiste Pinsean | Coiste Luacha Saothair an Bhoird | An Grúpa Comhairleach um Réad-mhaoin | An Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fiona Ross | 1 | 7/7 | 2/2 | | | 2/2 | | 4/4 |
| Frank Allen | 2 | 4/6 | | 6/7 | | | | |
| Jimmy Doran | | 7/7 | | | | | 5/6 | 4/4 |
| Brian Fitzpatrick | | 7/7 | 7/7 | 5/7 | | 2/2 | 5/6 | |
| Stephen Hannan | | 7/7 | | | 6/6 | | | |
| Dermot Healy | | 7/7 | | | 6/6 | | | |
| Miriam Hughes | | 7/7 | | 7/7 | | | | |
| Gary Owens | | 7/7 | | 7/7 | | | | |
| Niamh O'Regan | | 6/7 | | 7/7 | 5/6 | 2/2 | | |
| Liam O'Rourke | | 7/7 | 7/7 | | 6/6 | | | |
| Fiona Sweeney | | 7/7 | | 5/7 | 6/6 | | | |
| Tommy Wynne | | 7/7 | | | | | 5/6 | |

1 Chuaigh téarma Fiona Ross ar an ARC in éag an 4 Aibreán 2023.

2 Chuaigh téarma Frank Allen ar Bhord CIÉ agus FIC in éag an 5 Nollaig 2023.

# Gnóthas Leantach

## Easnamh sa Scéim Pinsin

Tá dúshlán suntasach ag an nGrúpa nach mór aghaidh a thabhairt air fós san easnamh pinsin amhail an 31 Nollaig 2023 de €371m, ar dliteanas meántéarmach go fadtéarmach é. Tá sé mar thosaíocht ag an mbainistíocht agus ag an mBord a chinntiú go bhfuil socruithe pinsin don fhoireann agus don Ghrúpa slán agus inacmhainne.

Ó thaobh gnóthais leantaigh de, a ghlacann léargas níos giorra de bheagán os cionn dhá mhí dhéag, tá sé réasúnta a bheith ag súil go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus ag CIÉ chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus nach mbeidh tionchar ag staid an easnaimh phinsin orthu.

## Éiginnteachtaí Eacnamaíocha Domhanda

Tá éiginnteacht gheopholaitiúil fós ina riosca ar leibhéal eacnamaíoch domhanda agus bíonn tionchar aige sin ar rioscaí gnó áirithe don Ghrúpa. Cé go bhfuil maolú tagtha ar rioscaí amhail slándáil fuinnimh agus suaitheadh sa slabhra soláthair, tá an poitéinseal maidir le luaineacht amach anseo fós ina ábhar imní agus méadaítear imní maidir le cibearshlándáil sa timpeallacht reatha freisin. Is éard atá i gceist le tásca ná gur éirigh le beartais airgeadaíochta ar fud an domhain aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú agus go bhfuil ionchais an mhargaidh ann maidir le laghduithe rátaí in 2024 a mbeidh tionchar dearfach acu ar chumas caiteachais do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

## Gníomhaíochtaí Tráchtála

Bhain an Grúpa barrachas €19m ar ghníomhaíochtaí Tráchtála in 2023 arna spreagadh go príomha ag an bhfeidhmíocht an-láidir in CIÉ Tours a d'fhreastail ar bhreis is 36,000 paisinéir in 2023. Bhí brabúis tráchtála measartha ina ngné do Bhus Átha Cliath agus d'Iarnród Éireann araon ach i mBus Éireann, tháinig feabhas suntasach ar an easnamh sa bhliain roimhe sin i ngnó Expressway agus easnamh foriomlán don bhliain á thuairisciú ag an am céanna.

Tá an Buiséad do 2024 maidir le gníomhaíocht Tráchtála socraithe ag staid bharrachais don Ghrúpa agus tá an Bord sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun tacú leis na gnólachtaí trína n-oibríochtaí.

## Seirbhísí OSP

Le linn 2023, d'oibrigh na trí chuideachta oibriúcháin Bus Átha Cliath (BÁC), Bus Éireann (BÉ) agus Iarnród Éireann (IÉ) seirbhísí iompair phoiblí thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) ar bhonn conartha ollchostais. Faoi na conarthaí seo bailítear ioncam ó phaisinéirí thar ceann an NTA agus aisíoctar na cuideachtaí oibriúcháin as costas na seirbhísí a sholáthraítear.

Leanadh ar aghaidh le dúshláin shuntasacha earcaíochta le linn 2023, go háirithe do na cuideachtaí bus a chuir le pionóis feidhmíochta faoi na Conarthaí Dámhachtana Díreacha.

Comhaontaíodh pleananna seirbhíse do 2024 leis an NTA atá ag soláthar an mhaoinithe riachtanaigh chun costais chomhaontaithe na bpleananna seo a íoc. Tá tugtha le fios ag an NTA do BhÁC agus do BhÉ go bhfuiltear ag súil go mbeidh Conarthaí nua Dámhachtana Dhíreacha cúig bliana den mhéid agus den scála céanna i bhfeidhm ó mhí na Nollag 2024. Ní théann Conradh Dámhachtana Dírí IÉ in éag go dtí 2029.

## Bainisteoir Bonneagair Conradh Ilbhliantúil (MAC)

Tá an Bainisteoir Bonneagair (IM) maoinithe faoin MAC. Síníodh conradh cúig bliana (2020 -2024) in 2019. Táthar ag súil go gcuirfidh an conradh seo maoiniú iomlán ar fáil don IM.

Tá sé tugtha le fios ag an Roinn Iompair go gcuirfear an maoiniú sa chonradh ar fáil don IÉ ar feadh thréimhse an chonartha. Tá an IM i mbun plé leis an Roinn Iompair maidir le conradh 2025 -2029 agus táthar ag súil go síneofar an conradh i Ráithe 4 2024.

## Seirbhísí Iompair Scoile

Bainistíonn Bus Éireann soláthar Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit.

Le linn 2023, lean líon na leanaí a bhaineann leas as iompar scoile ag fás agus chuir an Roinn Oideachais (RO) maoiniú breise ar fáil chun seirbhísí a mhéadú chun freastal ar na nithe seo a leanas:

- Méadú 7.4% ar líon iomlán na ndaltaí ag deireadh 2023 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022.
- An méadú leanúnach ar éileamh ar sheirbhísí de réir na RO ag tairiscint táillí laghdaithe go suntasach don scoilbhliain 23/24.
- An méadú leanúnach ar sheirbhísí iompair scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu – 19,900 in 2023, méadú 13.5% ar 2022.
- Soláthar leanúnach agus méadaithe seirbhísí iompair scoile do leanaí na hÚcráine agus beagnach 7,000 ag baint leasa as iompar faoi dheireadh 2023. Méadú ó 4,000 in 2022.

## Leachtacht

Tá iarmhéid airgid glan €254 milliún ag an nGrúpa faoi láthair amhail an 31 Nollaig 2023.

Amhail an 31 Nollaig 2023, tá comhaontú saoráide baincéireachta tiomanta i bhfeidhm ag an nGrúpa go dtí Eanáir 2025. Faoin gcomhaontú saoráide seo, is ionann iasachtaí an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2023 agus €8 milliún. Amúchtar an iasacht seo thar thréimhse dhá bhliain. Is é €80 milliún an méid neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráid chreidmheasa imrothlach tiomanta an Ghrúpa.

I mí na Bealtaine 2024, rinne an Grúpa athmhaoiniú ar a chomhaontú saoráide bainc lena n-áirithítear saoráid chreidmheasa imrothlach thiomnaithe €80 milliún ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta a síníodh an comhaontú nua.

Tá an bhainistíocht ag súil go leanfaidh an Grúpa dá oibleagáidí agus dá chúnaint airgeadais a chomhlíonadh faoin gcomhaontú don tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird



**Fiona Ross**
*Cathaoirleach*



**Liam O'Rourke**
*Comhalta Boird*

28 Bealtaine 2024

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) agus Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) a ullmhú de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Ceanglaíonn reachtaíocht ar na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghrúpa CIÉ amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais do 2023 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, eisithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Eintitis agus an Ghrúpa amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- scairshealbhóirí CIÉ a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh CIÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:

- idirbhearta CIÉ agus an Ghrúpa a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas CIÉ a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- a chur ar a gcumas do na Comhaltaí Boird a chinntiú gur ullmhaíodh ráitis airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

**Fiona Ross**
*Cathaoirleach*

**Liam O'Rourke**
*Comhalta Boird*

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

## Don Aire Iompair i Leith Chóras Iompair Éireann

## Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim

Tá ráitis airgeadais Córas Iompair Éireann ("an Eintiteas") agus a fhochuideachtaí ("an Grúpa") don bhliain ag críoch 31 Nollaig 2023 a chuimsíonn, an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais; an Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach; an Clár Comhardaithe Eintitis agus Comhdhlúite; an Ráiteas Comhdhlúite agus Eintitis um Athruithe ar Chothromas; an Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid; agus na nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais an Entitis agus an Ghrúpa, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1. Is iad an tAcht Iompair, 1950 agus FRS 102, an *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102) an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm á n-ullmhú.

### Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid Na freagrachtaí atá ar an Iniúchóir maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais den tuarascáil uainn.Táimid neamhspleách ar an Eintiteas agus ar an nGrúpa de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na Comhaltaí Boird ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Eintitis agus an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Comhaltaí Boird maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo

### Faisnéis eile

Is iad na Comhaltaí Boird atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchóra uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

## Freagrachtaí faoi seach

### Na Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird i dtaca le na ráitis airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird, is iad na Comhaltaí Boird atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus bheith sásta go dtugann siad léargas fíorcheart, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Comhaltaí Boird freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Eintiteas agus an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag an bhainistíocht an Eintiteas nó an Ghrúpa a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

### Na freagrachtaí atá ar an iniúchóir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh Gréasáin an IAASA ag: https://iaasa.ie/wp-content/uploads/2022/10/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

### Rialála eile nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachta

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid agus bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh caillteanas oibriúcháin sa todhchaí.

### (t) Dliteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an nGrúpa sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## (u) Sócmhainní Léasaithe

*(i) Léasanna airgeadais*

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir.

I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Grúpa a cheart úsáide agus an oibleagáid atá air faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

Déantar sócmhainní a mheas maidir le lagú i ndeireadh gach bliana airgeadais.

Déantar na híocaíochtaí léasa íosta a chionroinnt idir an dliteanas amuigh agus na muirir airgeadais, faoi mhodh an ghlanráta úis, ionas go mbeidh ráta seasmhach tréimhsiúil úis i bhfeidhm ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

*(ii) Léasanna oibriúcháin*

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (v) Sochair Fostaithe

Cuireann an Grúpa roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

*(i) Sochair iarfhostaíochta*

Feidhmíonn an Grúpa pleananna sochar sainithe d'fhostaithe Ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair shainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas plean le ranníocaíochtaí sainithe.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir le pleananna sochar sainithe agus luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe ag deireadh gach bliana airgeadais lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta céanna.

Déanann achtúire seachtrach na hoibleagáidí sochar sainithe a ríomh gach bliain faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Cinntear luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe trí lascainiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí measta sa todhchaí ar bhonn torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe in euro agus a bhfuil téarmaí acu ar cosúil iad le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo ('ráta lascaine').

I gcás luach cóir shócmhainní an phlean as a bhfuil na hoibleagáidí le glanadh, déantar é a thomhas de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa i leith sócmhainní airgeadais. I gcás fhormhór na sócmhainní de chuid na bpleananna, is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, úsáidtear teicnící luachála cuí chun meastachán a dhéanamh ar an luach cóir.

Is éard atá i gcostas na bpleananna sochair shainithe, a aithnítear sa bhrabús agus sa chaillteanas, ach amháin i gcás ina n-áirítear iad i gcostas sócmhainne:

(a) an méadú ar ghlandliteanais sochar sainithe a eascraíonn ó sheirbhís fostaithe i rith na bliana airgeadais; agus

(b) An costas a bhaineann le plean a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Cinntear an glanchostas úis maidir le glandliteanas sochar sainithe tríd an nglandliteanas sochar sainithe a mhéadú faoin ráta lascaine (mar a chinntear iad ag tús na bliana airgeadais sa dá chás, agus aird á tabhairt ar aon athruithe ar an nglandliteanas sochar sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochar). Aithnítear an glanchostas úis sin sa chuntas brabúis agus caillteanais mar 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail'.

Aithnítear san ioncam cuimsitheach eile gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus athruithe ar thoimhdí achtúireacha. Na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean atá ar áireamh sa ghlanchostas úis, cuirtear i láthair iad mar atomhas ar na dliteanais sochar tar éis dul ar scor leis an ioncam cuimsitheach eile.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéimeanna Pinsean CIÉ. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Déantar glandliteanas na bpinsean le sochar sainithe do na scéimeanna ina n-iomláine a aithint i gclár comhardaithe Eintiteas CIÉ.

### (w) Breithiúnais Ríthábhachtacha maidir le Beartais Chuntasaíochta an Ghrúpa a Chur i bhFeidhm

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na Comhaltaí Boird meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

*(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe*

Tagann athrú ar an muirear amúchta bliantúil i gcás sócmhainní seasta doláimhsithe agus ar an muirear dímheasa i gcás sócmhainní seasta inláimhsithe ag brath ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta doláimhsithe agus inláimhsithe i leith gach aicme sócmhainne leagtha amach i Nóta 14 agus Nóta 15.

*(ii) Scéimeanna pinsean le sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar an nGrúpa sochair pinsean a íoc le fostaithe áirithe. Is iad Achtúire na Scéimeanna a dhéanann na pleananna pinsean a luacháil. Braitheann costas na sochar pinsean agus luach láithreach na ndliteanas pinsean ar na toimhdí arna ndéanamh i leith tosca cosúil le hionchas saoil bhaill na scéime, méadú tuarastail na bhfostaithe reatha, leibhéal na méaduithe, más ann dóibh, a dheonaítear do phinsinéirí agus an ráta úis ar a ndéantar lascainiú ar na híocaíochtaí pinsean sa todhchaí. Úsáideann an Grúpa meastacháin i leith na dtosca sin go léir chun na costais pinsean agus na sócmhainní agus dliteanais arna léiriú sna ráitis airgeadais a chinneadh.

Cinneann an Grúpa an ráta lascaine cuí ag deireadh gach bliana. Is é sin an ráta úis ba chóir a úsáid chun an luach láithreach a chinneadh i dtaobh eis-sreafaí airgid measta sa todhchaí a mheastar a bheidh ag teastáil chun na hoibleagáidí pinsean a íoc. Agus an ráta lascaine cuí á chinneadh aige, féachann an Grúpa ar thorthaí ó bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarmaí aibíochta acu atá cosúil le téarmaí na hoibleagáide pinsean a bhaineann leo.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Tá éiginnteacht nach beag fós i gceist maidir le tuarastail deiridh inphinsin a bheidh i bhfeidhm agus na sochair iníoctha á gcinneadh. Bíonn tionchar ar mhuirir pinsean freisin de bharr difríochtaí idir toimhdí a rinneadh agus an rud a tharlaíonn iarbhír, agus de bharr athruithe ar thoimhdí.

Tá tuilleadh mionsonraí i dtaobh scéimeanna pinsean an Ghrúpa le sochar sainithe agus na toimhdí a úsáidtear agus na dliteanais pinsean á luacháil leagtha amach i Nóta 25.

Mar gheall ar an luaineacht nach beag sna margaí airgeadais, tá athruithe móra tagtha le roinnt blianta anuas ar luachanna margaidh shócmhainní na scéimeanna pinsean agus ar an ráta lascaine ar a ndéantar dliteanais pinsean amach anseo a luacháil.

*(iii) Soláthairtí le haghaidh dliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

*(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair faoi chomhaontú léasúcháin bus*

Tá aitheantas tugtha do na feithiclí paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (U). Mar an gcéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachais chaipitil i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (E).

Tháinig athruithe ar chearta agus oibleagáidí an Ghrúpa agus an NTA, mar a fhorordaítear sna Conarthaí Dámhachtana Díreacha Nollaig 2019 – Samhain 2024, i bhfeidhm in 2020 agus, mar thoradh air sin, chinn an Grúpa go n-aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair de réir Suntasacha Rinneadh Polasaí Cuntasaíochta (L) sna blianta airgeadais 2017 go 2019 a dhí-aithint i 2020 agus aithnítear anois iad de réir an Bheartais Chuntasaíochta Shuntasach (U).

## 2. Gnóthas Leantach

### Measúnú

Tá mionbhreithniúchán déanta ag an Bhord ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh agus tá sé sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2023 ar an bhonn seo. I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

### Stad Airgeadais ag 31 Nollaig 2022

Ag 31 Nollaig 2022, bhí glandhliteanais de €180 milliún (2022: €214 milliún) agus glandhliteanais reatha de of €137 milliún (2022: €137 milliún) ag an Ghrúpa. Tá míreanna neamhairgid de €543 milliún (2022: €564 milliún) san áireamh i nglandhliteanais reatha a bhain le hioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil agus ioncam iarchurtha, deontais caipitil nach bhfuil gealltanas airgid tirim i gceist leo agus úsáidtear iad de réir dímheas na sócmhainne. Mar sin, gan na míreanna neamhairgid seo san áireamh, tá glanshocmhainní reatha de €406 milliún (2022: €427 milliún) ag an Ghrúpa. Tá dliteanais i dtaca le hoibleagáidí pinsin le sochar sainithe de €371 milliún (2022: €395 milliún) agus ioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil a fuarthas de €2,519 milliún (2022: €2,390 milliún) san áireamh i nglandhliteanais an Ghrúpa.

### Leachtacht

Tá glaniarmhéid €254 milliún de airgead tirim ag an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2023.

Ag 31 Nollaig 2023, á comhaontú áise bainc ar leith déanta ag an Ghrúpa go dtí Eanáir 2025. Is €8 milliún isachtaíochtaí an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2023 faoin comhaontú áise seo. Amúchtaíonn an iasacht seo thar tréimhse dhá bhliain. Is €80 milliún an tsuim neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi áis creidmheasa imrothlaigh ar leith an Ghrúpa.

I mí na Bealtaine 2024, rinne an Grúpa athmhaoiniú ar a chomhaontú saoráide bainc lena n-áirítear saoráid chreidmheasa imrothlach thiomnaithe €80 milliún ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta a síníodh an comhaontú nua.

Tá bainistíocht ag súil fo leanfaidh an Ghrúpa ag comhlíonadh a ndualgais agus cúnaint airgeadais faoin comhaontú do thréimhse atá ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

### Easnamh sa Scéim Pinsin

Tá dúshlán suntasach ag an nGrúpa nach mór aghaidh a thabhairt air fós san easnamh pinsin amhail an 31 Nollaig 2023 de €371m, ar dliteanas meántéarmach go fadtéarmach é. Tá sé mar thosaíocht ag an mbainistíocht agus ag an mBord a chinntiú go bhfuil socruithe pinsin don fhoireann agus don Ghrúpa slán agus inacmhainne.

Ó thaobh gnóthais leantaigh de, a ghlacann léargas níos giorra de bheagán os cionn dhá mhí dhéag, tá sé réasúnta a bheith ag súil go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus ag CIÉ chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus nach mbeidh tionchar ag staid an easnaimh phinsin orthu.

### Éiginnteachtaí Eacnamaíocha Domhanda

Tá éiginnteacht gheopholaitiúil fós ina riosca ar leibhéal eacnamaíoch domhanda agus bíonn tionchar aige sin ar rioscaí gnó áirithe don Ghrúpa. Cé go bhfuil maolú tagtha ar rioscaí amhail slándáil fuinnimh agus suaitheadh sa slabhra soláthair, tá an poitéinseal maidir le luaineacht amach anseo fós ina ábhar imní agus méadaítear imní maidir le cibearshlándáil sa timpeallacht reatha freisin. Is éard atá i gceist le tásca ná gur éirigh le beartais airgeadaíochta ar fud an domhain aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú agus go bhfuil ionchais an mhargaidh ann maidir le laghduithe rátaí in 2024 a mbeidh tionchar dearfach acu ar chumas caiteachais do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## Gníomhaíochtaí Tráchtála

Bhain an Grúpa barrachas €19m ar ghníomhaíochtaí Tráchtála in 2023 arna spreagadh go príomha ag an bhfeidhmíocht an-láidir in CIÉ Tours a d'fhreastail ar bhreis is 36,000 paisinéir in 2023. Bhí brabúis tráchtála measartha ina ngné do Bhus Átha Cliath agus d'Iarnród Éireann araon ach i mBus Éireann, tháinig feabhas suntasach ar an easnamh sa bhliain roimhe sin i ngnó an Expressway agus easnamh foriomlán don bhliain á thuairisciú ag an am céanna.

Tá an Buiséad do 2024 maidir le gníomhaíocht Tráchtála socraithe ag staid bharrachais don Ghrúpa agus tá an Bord sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun tacú leis na gnólachtaí trína n-oibríochtaí.

## Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Le linn 2023, d'oibrigh an trí cuideachta oibriúcháin Bus Átha Cliath (BÁC), Bus Éireann (BÉ) agus Iarnród Éireann (IÉ) seirbhísí iompair poibblí ar son an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) ar bhonn comhchonartha costais. Faoi na gconarthaí seo bailítear ioncam paisinéirí thar ceann an NTA agus aisíoctar na cuideachtaí oibriúcháin ar leithligh as costas na seirbhísí a solathraíodh.

Lean na dúshláin shuntasacha earcaíochta le linn 2023, go háirithe do na cuideachtaí bus, a chuir le pionóis feidhmíochta faoi na Conarthaí um Dhámhachtain Dhíreach.

Aontaíodh pleananna seirbhíse do 2024 leis an NTA atá ag soláthar an mhaoinithe is gá chun costais chomhaontaithe na bpleananna seo a íoc. Tá tugtha le fios ag an NTA do BÁC agus do BÉ go bhfuiltear ag súil go mbeidh Conarthaí nua Dámhachtana Dhíreacha cúig bliana den mhéid agus den scála céanna i bhfeidhm ó mhí na Nollag 2024. Ní théann Conradh Dámhachtana Dírí IÉ in éag go dtí 2029.

## Bainisteoir Bonneagair Conradh Ilbhliantúil (MAC)

Tá an Bainisteoir Bonneagair (IM) maoinithe faoin MAC. Síníodh conradh cúig bliana (2020-2024) in 2019. Táthar ag súil go gcuirfidh an conradh seo maoiniú iomlán ar fáil don IM.

Tá sé tugtha le fios ag an Roinn Iompair go gcuirfear an maoiniú sa chonradh ar fáil don IÉ ar feadh thréimhse an chonartha. Tá an IM i mbun plé leis an Roinn Iompair maidir le conradh 2025-2029 agus táthar ag súil go síneofar an conradh i Ráithe 4 2024.

## Seirbhísí Iompair Scoile

Banisitíonn Bus Éireann soláthar Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit.

Le linn 2023, lean líon na leanaí a bhaineann leas as iompar scoile ag fás agus chuir an Roinn Oideachais (RO) maoiniú breise ar fáil chun seirbhísí a mhéadú chun freastal ar na nithe seo a leanas:

- Méadú 7.4% ar líon iomlán na ndaltaí ag deireadh 2023 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022.
- An méadú leanúnach ar éileamh ar sheirbhísí de réir an DOE ag tairiscint táillí laghdaithe go suntasach don scoilbhliain 23/24.
- An méadú leanúnach ar sheirbhísí iompair scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu – 19,900 in 2023, méadú 13.5% ar 2022.
- Soláthar leanúnach agus méadaithe seirbhísí iompair scoile do leanaí na hÚcráine agus beagnach 7,000 ag baint leasa as iompar faoi dheireadh 2023. Suas ó 4,000 in 2022.

## Bliain airgeadais 2024

Leanann an Grúpa CIÉ ag oibriú seirbhísí PSO de réir na gConarthaí bunúsacha. Cheadaigh an Bord Buiséad an Ghrúpa do 2022 i mí na Nollag 2022.

Téann CIÉ isteach in 2024 le staid láidir airgid thirim leachtach agus cé go bhfuiltear ag tuar go laghdóidh leachtacht le linn 2024 mar thoradh ar infheistíocht i gcaipiteal riachtanach, tá CIÉ ag tuar go bhfanfaidh sé i staid dhearfach airgid le linn 2024.

Le linn 2023, chuir an Grúpa a dhréachtphlean rollach cúig bliana faoi bhráid na Roinne Iompair ina mbeartaítear fás leanúnach a dhéanamh ar sholáthar iompair phoiblí sa mheántéarma agus téarnamh a dhéanamh ar bhrabúsacht fhoriomlán na n-oibríochtaí tráchtála.

## Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha

Leanann bainistíocht an Ghrúpa ag líon gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leis an Roinn agus an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana
- teagmháil leanúnach leis an Roinn Iompair maidir le maoiniú an Bhainisteora Bonneagair
- dlúthfhaireachán ar threochtaí eacnamaíocha agus ar thionchar na neamhchinnteachtaí eacnamaíocha domhanda ar gníomhaíochtaí gnó na cuideachta
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud an Ghrúpa
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- mionmeasúnuithe ar mholtaí infheistíochta caipitiúla agus a éifeacht ar leachtacht agus spriocanna inbhaunaitheachta
- athbhriethniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí an Ghrúpa.

## Conclúd

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag an mBord go maybe acmhainní leordhóthanacha ag an Ghrúpa gus CIÉ le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 3. Ioncam de réir Gníomhaíochta

Léirínn an t-ioncam na méideanna arna ndíorthú ó sholáthar seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an Ghrúpa, agus iad luaite glan ar cháin.

Is soláthraí seirbhísí iompair é an Grúpa go príomha, agus tá sé ag feidhmiú in oileán na hÉireann. Tá gach cuid de sheirbhís iompair an Ghrúpa á bainistiú ag eintiteas dlíthiúil ar leith. Feidhmíonn an Grúpa cuideachta a chuireann turais ar bun freisin – CIÉ Tours International Incorporated.

Déantar anailís mar seo a leanas ar an ioncam:

| | **CIÉ €000** | **CIÉ Tours International Incorporated €000** | **Bus Átha Cliath €000** | **Bus Éireann €000** | **Iarnród Éireann €000** | **Iomlán 2023 €000** | **Iomlán 2022 €000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gnóthas iarnróid | – | – | – | – | 499 | 499 | 171,768 |
| Rannóg lasta | – | – | – | – | 4,559 | 4,559 | 4,830 |
| Calafort Ros Láir | – | – | – | – | 14,883 | 14,883 | 12,887 |
| Seirbhísí iarnróid eile | – | – | – | – | 52,260 | 52,260 | 34,625 |
| Seirbhísí bóthair do phaisinéirí | | | | | | | |
| – Cathair Bhaile Átha Cliath | – | – | 9,306 | – | – | 9,306 | 5,383 |
| – Seirbhísí eile | – | – | – | 403,619 | – | 403,619 | 338,003 |
| Turais | – | 126,688 | – | – | – | 126,688 | 87,988 |
| Príomh-ghníomhaíochtaí gnó | 31,909 | – | – | – | – | 31,909 | 26,371 |
| Ioncam idirghrúpa | (31,062) | – | – | – | – | (31,062) | (25,682) |
| **Ioncam ó oibríochtaí** | **847** | **126,688** | **9,306** | **403,619** | **72,201** | **612,661** | **656,173** |
| Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP'): | – | – | – | – | – | – | – |
| Ioncam OSP (Nóta 12) | – | – | 325,251 | 180,152 | 365,109 | 870,512 | 633,458 |
| Conradh Ilbhliantúil (Nóta 12) | – | – | – | – | 190,764 | 190,764 | 175,811 |
| Deontais ioncaim (Nóta 12) | – | – | 267 | 40 | 7,314 | 7,621 | 27,142 |
| **Ioncam iomlán** | **847** | **126,688** | **334,824** | **583,811** | **635,388** | **1,681,558** | **1,492,584** |

## 4. Costais an Bhonneagair Iarnróid

Faoi réir Threoir 91/440 ón Aontas Eorpach, rinneadh na costais seo a ríomh mar seo a leanas:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cistiú Bonneagair** | | |
| Conradh Ilbhliantúil | 190,765 | 175,439 |
| Muirir rochtana rianta | 71,917 | 71,108 |
| Maoiniú Státchiste eile | 6,940 | 10,695 |
| Ioncam tríú páirtí | 46,943 | 29,562 |
| **Ioncam iomlán** | **316,565** | **286,804** |
| | | |
| An párolla agus costais ghaolmhara | (132,395) | (124,416) |
| Ábhair agus seirbhísí | (176,474) | (162,050) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(308,869)** | **(286,466)** |
| | | |
| **TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla** | **7,696** | **338** |
| Costais eisceachtúla | (580) | (484) |
| Brabús ar dhíolachán sócmhainní seasta inláimhsithe | - | 146 |
| Dímheas agus amúchadh, glan ó dheontais chaipitil amúchta | (3,806) | (3,885) |
| | | |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús** | **3,310** | **(3,885)** |
| Ús infhála/(iníoctha) agus ioncam/(muirir) dá samhail | 599 | (128) |
| | | |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **3,909** | **(4,013)** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 5. An Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cuimsítear sna costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)** | | |
| Pá agus tuarastail | 648,267 | 611,150 |
| Costais leasa shóisialaigh | 65,578 | 60,144 |
| Costais eile a bhaineann le sochar scoir | 69,236 | 108,658 |
| | 783,081 | 779,952 |
| Obair dhílis chaipitlithe | (31,697) | (28,380) |
| **Glanchostais foirne** | **751,384** | **751,572** |
| | | |
| Luach saothair agus díolaíochtaí na gComhaltaí Boird | | |
| - i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird | 227 | 213 |
| - i leith seirbhísí feidhmiúcháin | 266 | 243 |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gComhaltaí Boird** | **493** | **456** |
| | | |
| **Iomlán chostas an phárolla agus na gcostas gaolmhar** | **751,877** | **752,028** |

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €31.7 milliún (2022: €28.4 milliún) caipitlithe ina sócmhainní seasta inláimhsithe agus tá €751.9 milliún (2022: €752.0 milliún) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus caillteanais. San áireamh i pá agus tuarastalacha tá:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 512,672 | 477,033 |
| Ragobair | 33,232 | 37,351 |
| Liúntais | 102,363 | 96,766 |
| | **648,267** | **611,150** |

Tá an uimhir fostaí a raibh iomlán a gcuid sochar fostaí (seachas costais pinsean fostóra) lastigh de ghach banna €25,000 ó €50,000 suas don tréimhse tuairisciú leagtha amach thíos.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| €50,001 go €75,000 | 5,220 | 4,804 |
| €75,001 go €100,000 | 1,234 | 1,027 |
| €100,001 go €125,000 | 199 | 144 |
| €125,001 go €150,000 | 49 | 44 |
| €150,001 go €175,000 | 24 | 17 |
| €175,000 go €200,000 | 10 | 8 |
| €200,001 go €225,000 | 8 | 7 |
| €225,001 go €250,000 | – | 1 |
| €250,001 go €275,000 | – | – |
| €275,000 go €300,000 | – | 1 |
| €300,001 to €325,000 | 1 | – |
| €325,001 to €350,000 | 1 | – |
| €350,001 to €375,000 | – | – |
| €375,001 to €400,000 | – | – |
| €400,001 to €425,000 | – | – |
| €425,001 to €450,000 | 1 | – |

Athdheimhníodh bannaí pá comhdhlúite 2022 an Ghrúpa chun ailíniú le 2023 chun críocha comparáideacha, ag ionchorprú athráiteas ó Iarnród Éireann

## Cúiteamh Daoine Tábhachtacha den Lucht Bainistíochta

Íocadh táillí Stiúrthóra leis na Comhaltaí Boird mar seo a leanas:

| **Comhalta Boird** | **2023 €000** | **2022 €000** |
|---|---|---|
| Fiona Ross (Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin) | 31,500 | 31,500 |
| Frank Allen | 20,314 | 21,600 |
| James Doran | 15,750 | 15,750 |
| Brian Fitzpatrick | 15,750 | 15,750 |
| Stephen Hannan | 15,750 | 15,750 |
| Dermot Healy | 15,750 | 15,750 |
| Miriam Hughes | 21,600 | 20,475 |
| Niamh O'Regan | 15,750 | 15,750 |
| Liam O'Rourke | 15,750 | 15,750 |
| Gary Owens | 21,600 | 13,428 |
| Fiona Sweeney | 15,750 | 15,750 |
| Tommy Wynne | 15,750 | 15,750 |
| | **221,014** | **213,003** |

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na Comhaltaí Boird agus lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníoctha leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe.

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 1,280 | 1,258 |
| Costais leasa shóisialaigh | 82 | 80 |
| Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir | 223 | 217 |
| | **1,585** | **1,555** |

## Speansais na Stiúrthóirí

San áireamh sna costais a cúitíodh le Comhaltaí an Bhoird tá:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Cothabháil, taisteal agus lóistín | 6 | 1 |
| Eile | 3 | 6 |
| | **9** | **7** |

Léirítear cúiteamh íoctha nó iníoctha le Príomhoifigí Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar son seirbhísí fostaí thíos.

San áireamh sa tábla thíos tá an párolla agus na costais bhainteacha do ról Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin CIÉ, lena n-áirítear olltuarastal €190,000 (2022: €190,000) agus ranníocaíocht pinsin fostóra de €47,500 (2022: €47,500).

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 828 | 839 |
| Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir | 207 | 203 |
| | **1,035** | **1,042** |

## Foirceannadh Fostaíochta

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Méideanna a íocadh agus is iníoctha le fostaithe | 148 | 67 |
| | **148** | **67** |

B'ionann líon na bhfostaithe lena mbaineann na costais seo agus 2 in 2023 (2022: 4 fhostaí). Nochtar costais maidir le scaradh deonach i Nóta 7.

## Líon na mBall Foirne

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag CIÉ le linn na bliana airgeadais ná:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| CIÉ | 295 | 267 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail | 4,559 | 4,339 |
| Bus Éireann – Irish Bus | 2,932 | 2,827 |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus | 3,940 | 3,771 |
| | **11,726** | **11,204** |

## 6. Ábhair agus Seirbhísí

Cuimsítear sna costais i ndáil le hábhair agus seirbhísí:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Breosla, leictreachas agus bealaidh | 102,803 | 94,637 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 1,607 | 1,634 |
| Rátaí | 4,906 | 4,626 |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | 335 | 324 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos | 8,100 | 6,518 |
| Conraitheoirí scoile | 306,700 | 250,179 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí | 11,144 | 4,558 |
| Speansais Stiúrthóirí | 9 | 7 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | 441,388 | 391,237 |
| Costais oibriúcháin pinsean | 3,312 | 3,116 |
| | **880,304** | **756,836** |

San áireamh i sna costais ábhair agus seirbhísí tá:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Taisteal Náisiúnta agus and maireachtáil | 1,684 | 1,008 |
| Taisteal Idirnáisiúnta and maireachtáil | 548 | 301 |
| Fáilteachas | 194 | 163 |
| | **2,426** | **1,472** |

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### Luach Saothair na nIniúchóirí:

Nochtar sa tábla seo a leanas na táillí is iníoctha le Mazars Ireland i dtaca leis na bhlianta dar chríoch 31 Nollaig 2023 agus 31 Nollaig 2022. Níl CBL san áireamh sna méideanna seo.

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Iniúchóir reachtúil | | |
| – Iniúchadh reachtúil ar chuideachtaí an Ghrúpa | 152 | 152 |
| – Seirbhísí ráthaíochta agus comhlíonta eile | 20 | 20 |
| – Seirbhísí comhairleoireachta cánach | 80 | 75 |
| – Seirbhísí eile nach mbaineann le hiniúchóireacht | 83 | 77 |
| | **335** | **324** |

Luaitear an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain tar éis na méideanna seo a leanas a mhuirearú/(a chur de shochar na gcuntas):

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Fardail a ídíodh | 238,823 | 234,715 |
| Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail | 513 | 766 |
| Gnóthacháin malairte eachtraí | (664) | (2,262) |
| Caillteanas/(Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 1,210 | (34,144) |
| Léasanna oibriúcháin | 8,100 | 6,518 |
| Athstruchtúrú an ghnó | 1,814 | 904 |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe | 210,167 | 214,033 |
| Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe | 5,572 | 8,268 |
| Amúchadh deontas | (196,732) | (201,330) |

## 7. Míreanna Eisceachtúla

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú ar ghnó | 1,814 | 904 |
| | **1,814** | **904** |

Cuimsítear sna costais maidir le hathstruchtúrú an ghnó méideanna a eascraíonn as tionscnaimh athstruchtúraithe i rith na bliana: Bus Átha Cliath €1.1 milliún agus Iarnród Éireann €0.7 milliún (2022: Iarnród Eireann: €0.9 milliún).

San áireamh i gcostais athstruchtúraithe gnó tá méideanna maidir le scaradh deonach, b'ionann iad agus € 0.7m in 2023 (2022: € 0.5m). B'ionann líon na bhfostaithe lena mbaineann na costais seo agus 7 in 2023 (2022: 8 bhfostaí).

## 8. Dímheas agus Amúchadh, Glan ar Amúchadh na nDeontas Caipitil

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe *(Nóta 14)* | 5,572 | 8,268 |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe *(Nóta 15)* | 210,167 | 214,033 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(Nóta 23)* | (196,732) | (201,330) |
| | **19,007** | **20,971** |

## 9. (Caillteanas)/Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| (Caillteanas)/brabús ar dhiúscairt talún agus foirgneamh | (1,202) | 34,144 |
| Caillteanas ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, gléasra agus innealra | (8) | – |
| | **(1,210)** | **34,144** |

## 10. Glanchostas Úis

### (a) Ús Infhála agus Ioncam dá Shamhail

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha** | **6,496** | **563** |

### (b) Ús Iníoctha agus Muirir dá Shamhail

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha ar iasachtaí, ar rótharraingtí agus ar thaiscí | 1,098 | 1,408 |
| Costas iomlán úis ar dhliteanais airgeadais nach bhfuil á dtomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais | 1,098 | 1,408 |
| Glanchostas úis ar phleananna pinsean le sochar sainithe | 12,955 | 10,047 |
| Leachtú na soláthairtí lascaine | 114 | 200 |
| **Iomlán an úis iníoctha agus na muirear dá shamhail** | **14,167** | **11,655** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### (c) Glanchostas Úis

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Ús infhála agus Ioncam dá shamhail | 6,496 | 563 |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (14,167) | (11,655) |
| **Glanchostas úis** | **(7,671)** | **(11,092)** |

## 11. Cáin Ioncaim

### (a) Costas Cánach san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Muirear corparáide eachtraí don bhliain airgeadais | 3,236 | 1,266 |
| Muirear cánach corparáide Éireannach ar an mbrabús don bhliain airgeadais | 5,719 | 11,407 |
| *Costas cánach reatha don bhliain airgeadais* | *8,955* | *12,673* |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **8,955** | **12,673** |

### (b) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint san Ioncam Cuimsitheach Eile

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha | – | – |
| Cáin iarchurtha | – | – |
| – Cáin iarchurtha ar atomhas an ghlandliteanais sochar sainithe | – | – |
| **Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint san ioncam cuimsitheach eile** | **–** | **–** |

### (c) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint sa Chothromas

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha | – | – |
| Cáin iarchurtha | – | – |
| **Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint sa chothromas** | **–** | **–** |

## (d) Réiteach an Chostais Cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an bharrachas/(easnamh) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023, is é sin 12.5% (2022: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | 19,675 | (15,103) |
| Barrachas/(Easnamh) méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann i leith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021, is é sin 12.5% (2020: 12.5%) | 2,459 | (1,888) |
| Tionchar de bharr: | | |
| Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach | (26,153) | (25,581) |
| Ráta cánach níos airde ar thuillimh thar lear | 3,236 | 1,266 |
| Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach | 1,960 | 7,857 |
| Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla | 25,152 | 25,353 |
| Úsáid na gcaillteanas cánach c/a sa bhliain | (374) | (10) |
| Ioncam atá faoi réir ráta cánach níos airde | 2,593 | 5,746 |
| Rósholáthar i dtaca le blianta roimhe | (190) | (162) |
| Faoiseamh Grúpa | – | 1 |
| Cáin ar Ríchíosanna | 272 | 91 |
| **Cáin bhrabúis ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **8,955** | **12,673** |

I mí na Bealtaine 2024 thángthas ar chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na caillteanais trádála charntha atá ar fáil a tugadh ar aghaidh as a dtagann sócmhainn chánach iarchurtha fhéideartha €429 milliún (2022: €950 milliún). Níl sé seo aitheanta mar go bhfuil a ghnóthú amach anseo i gcoinne brabúis inchánach éiginnte.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 12. Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Státchiste

Tá na deontais is iníoctha le Córas Iompair Éireann i gcomhréir leis na Rialacháin ábhartha ón Aontas Eorpach lena rialaítear Cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | | |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | 834,073 | 653,905 |
| Deontais eile ón Státchiste | 190,676 | 172,327 |
| Deontais ioncaim eile | 25,308 | 35,256 |
| | **1,050,057** | **861,488** |
| | | |
| **Clár Comhardaithe** | | |
| Deontais chaipitil | 384,955 | 366,277 |
| Cistiú iarchurtha | (6,120) | 105,850 |
| Deontais AE | 3,201 | 1,167 |
| **Iomlán na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí agus na nDeontas eile ón Státchiste** | **1,432,093** | **1,334,782** |
| | | |
| **Fo-Cheannteideal B7 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus (ioncam) | 325,251 | 303,263 |
| Bus Éireann – Irish Bus (ioncam) | 163,667 | 184,373 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail (ioncam) | 345,155 | 166,269 |
| | **834,073** | **653,905** |
| | | |
| **Fo-Cheannteideal B8 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Infheistíocht Chaipitiúil** | | |
| Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (ioncam) | 190,676 | 172,327 |
| Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (caipiteal) | 133,263 | 108,122 |
| Deontais ón Státchiste i gcomhair bonneagair agus infheistíocht chaipitiúil | 254,893 | 259,322 |
| OSP iarchurtha | (6,120) | 105,850 |
| Deontais eile ón Státchiste | 25,308 | 35,256 |
| | **598,020** | **680,877** |
| | | |
| **Cistiú iomlán faoi Vóta 31 de chuid Dháil Éireann** | **1,432,093** | **1,334,782** |
| | | |
| **Iomlán na ndeontas OSP agus na ndeontas ón Státchiste** | **1,432,093** | **1,334,782** |

Níl aon choinníollacha neamh-chomhlíonta ná teagmhais eile ag gabháil le deontais a aithníodh mar ioncam. Déanann CIÉ taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhraithe a cheadaítear faoi Alt 24 de FRS102.

Déantar méid agus téarma na ndeontas caipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní gaolmhara. Áirítear deontais ioncaim sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ina n-iomláine sa bhliain ábhartha.

| | An Roinn Iompair 2023 €000 | An tÚdarás Náisiúnta Iompair 2023 €000 | Iomlán 2023 €000 | An Roinn Iompair 2022 €000 | An tÚdarás Náisiúnta Iompair 2022 €000 | Iomlán 2022 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Caipiteal faoi Vóta B8 | – | 559,855 | 559,855 | – | 637,310 | 637,310 |
| Inrochtaineacht faoi Vóta B8 | – | 9,871 | 9,871 | – | 7,826 | 7,826 |
| Scéimeanna Fóirdheontais Pá a bhaineann le COVID | – | – | – | – | 29,243 | 29,243 |
| Deontais eile a bhaineann le hioncam | | | | | | |
| Deontais | – | 25,093 | 25,093 | – | 5,331 | 5,331 |
| **Iomlán** | **–** | **594,819** | **594,819** | **–** | **679,710** | **679,710** |

Tá foinse na gcistí ón Stát a fuarthas le linn na mblianta féilire 2022 agus 2023 teoranta do thionscadail ar leith.

## 13. CIÉ Glanthoradh don Bhliain

Rinne Eintiteas CIÉ glancaillteanas €8.0 milliún i leith na bliana (2022: caillteanas €27.6 milliún).

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 14. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

### An Grúpa

| | Bogearraí Ríomhaire €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 19,212 | 19,212 |
| Breiseanna | 9,067 | 9,067 |
| Amúchadh agus lagú | (8,268) | (8,268) |
| Athaicmiú | 135 | 135 |
| **Suim ghlanluacha** | **20,146** | **20,146** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | | |
| Costas | 78,182 | 78,182 |
| Athaicmiú | 150 | 150 |
| | **78,332** | **78,332** |
| Amúchadh agus lagú carntha | (58,171) | (58,171) |
| Athaicmiú | (15) | (15) |
| | (58,186) | (58,186) |
| **Suim ghlanluacha** | **20,146** | **20,146** |
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 20,146 | 20,146 |
| Breiseanna | 11,756 | 11,756 |
| Amúchadh agus lagú | (5,572) | (5,572) |
| Athaicmiú | – | – |
| **Suim ghlanluacha** | **26,330** | **26,330** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | |
| Costas | 78,450 | 78,450 |
| Athaicmiú | – | – |
| | **78,450** | **78,450** |
| Amúchadh agus lagú carntha | (52,120) | (52,120) |
| Athaicmiú | – | – |
| | **(52,120)** | **(52,120)** |
| Suim ghlanluacha | **26,330** | **26,330** |

### Eintiteas CIÉ

| | Bogearraí Ríomhaire €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 1,008 | 1,008 |
| Breiseanna | 447 | 447 |
| Amúchadh agus lagú | (540) | (540) |
| Athaicmiú | – | – |
| **Suim ghlanluacha** | **915** | **915** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | | |
| Costas | 18,754 | 18,754 |
| Athaicmiú | – | – |
| | **18,754** | **18,754** |
| Amúchadh agus lagú carntha | (17,839) | (17,839) |
| Athaicmiú | – | – |
| | (17,839) | (17,839) |
| **Suim ghlanluacha** | **915** | **915** |
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 915 | 915 |
| Breiseanna | 784 | 784 |
| Amúchadh agus lagú | (731) | (731) |
| Athaicmiú | – | – |
| **Suim ghlanluacha** | **968** | **968** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | |
| Costas | 19,538 | 19,538 |
| Athaicmiú | (1,294) | (1,294) |
| | **18,244** | **18,244** |
| Amúchadh agus lagú carntha | (18,570) | (18,570) |
| Athaicmiú | 1,294 | 1,294 |
| | **(17,276)** | **(17,276)** |
| Suim ghlanluacha | **968** | **968** |

Cuimsítear bogearraí ríomhaire sna sócmhainní doláimhsithe. Déantar bogearraí ríomhaire a thomhas ar a gcostas lúide caillteanais charntha de bharr amúchadh agus lagú. Déantar bogearraí ríomhaire a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, atá idir 3 agus 5 bliana.

## 15. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

### Grúpa

| | Línte agus Oibreacha Iarnróid €000 | Rothstoc Iarnróid €000 | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Talamh agus Foirgnimh €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Comhar-thaíocht €000 | Dugaí, Cuanta agus Céanna €000 | Trealamh Lónadói-reachta €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022** | | | | | | | | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 769,208 | 327,198 | 107,888 | 841,400 | 230,590 | 274,951 | 26,805 | 597 | 2,578,637 |
| Breiseanna | 138,434 | 163,931 | 3,625 | 52,711 | 103,986 | 1,378 | 59 | – | 464,124 |
| Diúscairtí | – | – | – | – | (149) | – | – | – | (149) |
| Dímheas agus lagú | (48,614) | (76,054) | (24,038) | (20,055) | (21,185) | (22,702) | (1,310) | (75) | (214,033) |
| Athaicmiú | – | (79,570) | – | 213 | (47,956) | – | – | – | (127,313) |
| **Suim ghlanluacha** | **859,028** | **335,505** | **87,475** | **874,269** | **265,286** | **253,627** | **25,554** | **522** | **2,701,266** |
| | | | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | | | | | | | | | |
| Costas | 1,319,254 | 1,064,638 | 525,297 | 1,158,301 | 467,437 | 556,895 | 56,487 | 747 | 5,149,056 |
| Dímheas agus lagú carntha | (460,226) | (729,133) | (437,822) | (284,032) | (202,151) | (303,268) | (30,933) | (225) | (2,447,790) |
| **Suim ghlanluacha** | **859,028** | **335,505** | **87,475** | **874,269** | **265,286** | **253,627** | **25,554** | **522** | **2,701,266** |

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## Grúpa

| | Línte agus Oibreacha Iarnróid €000 | Rothstoc Iarnróid €000 | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Talamh agus Foirgnimh €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Comhar-thaíocht €000 | Dugaí, Cuanta agus Céanna €000 | Trealamh Lónadói-reachta €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023** | | | | | | | | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 859,028 | 335,505 | 87,475 | 874,269 | 265,286 | 253,627 | 25,554 | 522 | 2,701,266 |
| Breiseanna | 73,039 | 126,788 | 2,791 | 54,000 | 144,457 | 10,024 | 482 | – | 411,581 |
| Diúscairtí | – | – | (8) | (2,311) | – | – | – | – | (2,319) |
| Dímheas agus lagú | (47,228) | (75,438) | (21,737) | (21,182) | (20,534) | (22,704) | (1,269) | (75) | (210,167) |
| Athaicmiú | 3 | 11,316 | – | (2) | 12,586 | (2) | – | 1 | 23,902 |
| **Suim ghlanluacha** | **884,842** | **398,171** | **68,521** | **904,774** | **401,795** | **240,945** | **24,767** | **448** | **2,924,263** |
| | | | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | | | | | | | | |
| Costas | 1,335,681 | 1,118,777 | 518,271 | 1,208,730 | 556,597 | 566,919 | 56,766 | 747 | 5,362,488 |
| Dímheas agus lagú carntha | (450,839) | (720,606) | (449,750) | (303,956) | (154,802) | (325,974) | (31,999) | (299) | (2,438,225) |
